# Údarás Eitlíochta na hÉireann

## Tuarascáil Bhliantúil 2019







# Clár Ábhair


| | |
|---|---|
| Príomhtheachtaireachtaí 2019 | 2 |
| Cad a dhéanann muid | 4 |
| Príomhfhigiúirí 2019 | 5 |
| Ár luachanna | 6 |
| Buaicphointí airgeadais agus oibriúcháin 2019 | 7 |
| Ráiteas an Chathaoirligh | 8 |
| Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh | 10 |
| Athbhreithniú oibríochta | 12 |
| Rialú Sábháilteachta | 12 |
| Bainistiú Aerthráchta | 14 |
| Airgeadais | 17 |
| Acmhainní Daonna | 18 |
| Feidhmíocht gníomhaithe ar son na haeráide | 19 |
| Freagracht shóisialta chorparáideach | 20 |
| Stiúrthóirí agus faisnéis eile | 21 |
| Tuarascáil na Stiúrthóirí | 23 |
| Ráiteas ar fhreagrachtaí na stiúrthóirí | 30 |
| Tuarascáil an iniúchóra neamhspleách | 31 |
| Cuntas comhdhlúite brabúis agus caillteanais | 34 |
| Ráiteas comhdhlúite ar ioncam cuimsitheach eile | 35 |
| Clár comhardaithe comhdhlúite | 36 |
| Clár comhardaithe na cuideachta | 37 |
| Ráiteas comhdhlúite ar athruithe i gcothromas | 38 |
| Ráiteas na cuideachta ar athruithe i gcothromas | 39 |
| Ráiteas comhdhlúite ar shreabhadh airgid | 40 |
| Nótaí atá ina gcuid de na ráitis airgeadais | 41 |
| Achoimre cúig bliana 2015–2019 | 58 |




Faigh níos mó eolais ar ár suíomh gréasáin
**www.iaa.ie**

# Príomhtheachtaireachtaí 2019

Láimhseáil an IAA 352,000 traseitilt go sábháilte, chomh maith le 272,500 gluaiseacht tráchtála críochfoirt agus 511,000 eitilt trasna an Atlantaigh Thuaidh

**1,349**

Rinne an IAA rialú ar shábháilteacht 602 aerárthach loingis AOC na hÉireann agus iomlán ar chlár aerárthaigh na hÉireann go 1,349 aerárthach

Lean muid le forbairt an tionscadail um athchóiriú ar rialáil aerloingseoireachta de réir polasaí agus treoir an Rialtais

**2ú**

Tá Éire sa 2ú háit san Eoraip maidir le caighdeáin agus cleachtais mholta na hEagraíochta Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (ICAO) a chur i bhfeidhm go héifeachtúil [sábháilteacht aerloingseoireachta)

Bhaineamar an scór is airde amach i CANSO/EUROCONTROL 2019, an tslat tomhais ar chaighdeán feabhais na gcóras bainistíochta sábháilteachta (bainistíocht sábháilteacht aerthráchta)

**92%**

Táimid sa leibhéal is airde de sholáthraithe seirbhíse aerloingseoireachta san Eorpach agus scór 92% againn ó thaobh na haibíochta sábháilteachta, de réir mheasúnú EASA (an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Eitlíochta) ar éifeachtúlacht na bainistíochta sábháilteachta

Tá ár dtáillí do chustaiméirí faoi bhealaigh i measc na dtáillí is ísle san Eoraip, agus don ceathrú bliain as a chéile, níor tháinig athrú at tháillí rialála

Rinneadh ár dtúr rialaithe aerthráchta nua íocónach a thógáil in am agus laistigh den bhuiséad

Sheol muid Aireon ALERT i mí Iúil, ag soláthair seirbhíse aimsithe aeráthaigh domhanda agus rianaithe freagairt eigeandála, saor in aisce don tionsclaíocht

**90.2%**

Bhaineamar rátáil sásaimh chustaiméirí 90.2% amach ónár gcustaiméirí aerlíne

**37.6%**


Chuaigh muid thar ár spriocanna éifeachtúlachta eitilte agus thug muid isteach tionscnaíochtaí bainistíochta aerthráchta le tairbhí thimpeallachta dhíreacha. Sholáthair muid coigiltis éifeachtúlachta fuinnimh de 37.6% chun dáta, tríd tionscadail fheabhsaithe éifeachtúlacht fuinnimh, chun tosaigh ar sprioc 2020 de 33%

Lean muid de sheirbhís ATM/ANS agus de sheirbhís rialála um shábháilteacht eitlíochta den chéad scoth a sholáthair mar gheall ar shaineolas agus ar dhíogras ár bhfoirne agus tiomantas leanúnach don nuálaíocht

# Cad a dhéanann muid

| | | | |
|---|---|---|---|
| Rialachán Sábháilteachta Eitlíochta Sibhialta | Slándáil Eitlíochta | Bainistíocht Aerthráchta | Gníomhaíochtaí Tráchtála |

**Seirbhísí Aerloingseoireachta San Atlantach Thuaidh**



# Príomhfhigiúirí 2019

**Láimhdeachas**
€197.2m

**Brabús oibriúcháin**
€31.9m

**Brabús i ndiaidh cánach**
€27.8m

**Glansócmhainní**
€215.6m

**Díbhinn do 2019**
€7.8m

**Meánlíon an luchta foirne**
714

**Aerthárthaigh ar chlár na hÉireann**
1,349

**Ceadúnais**
↑ 18.3%

**Traseitiltí**
↑ 1.5%

**Trácht intíre**
↑ 2.1%

# Ár Luachanna



# Buaicphointí airgeadais agus oibriúcháin 2019

| BUAICPHOINTÍ AIRGEADAIS | 2019 €'000 | 2018 €'000 | % Athrú |
|---|---|---|---|
| Láimhdeachas | **197,228** | 198,922 | -0.9% |
| Brabús Oibriúcháin | **31,885** | 31,550 | +1.1% |
| Brabús i ndiaidh Cánach | **27,804** | 31,321 | -11.2% |
| Díbhinní Íoctha | **19,524** | 19,458 | +0.3% |

| GNÍOMHAÍOCHT AERTHRÁCHTA | 2019 Líon | 2018 Líon | % Athrú |
|---|---|---|---|
| **Traseitiltí Faoi Bhealaigh** | **351,731** | 346,486 | +1.5% |
| **Trácht Críochfoirt Tráchtála** | **272,527** | 266,917 | +2.1% |
| **Seirbhís Chumarsáide an Atlantaigh Thuaidh** | **511,294** | 505,397 | +1.2% |

| FOSTAÍOCHT | 2019 Líon | 2018 Líon | % Athrú |
|---|---|---|---|
| **Meánlíon Fostaithe** | **714** | 685 | +4.2% |

| TÁILLÍ CUSTAIMÉIRÍ | 2019 € | 2018 € | % Athrú |
|---|---|---|---|
| **Traseitiltí Faoi Bhealaigh** | **28.12** | 27.69 | +1.6% |
| **Trácht Críochfoirt Tráchtála** | **150.44** | 151.75 | -0.9% |
| **Seirbhís Chumarsáide an Atlantaigh Thuaidh** | **45.00** | 45.00 | +0.0% |
| **Rialachán Sábháilteachta** | Níor tháinig aon athrú ar an Ordú Táillí ó 2016 | | |

# Ráiteas An Chathaoirligh



## Is cúis mhór áthais dom Tuarascáil Bhliantúil Údarás Eitlíochta na hÉireann do 2019 a chur faoi bhur mbráid.

**Michael McGrail**
Cathaoirleach

### Rialú Sábháilteachta agus Maoirseacht Slándála

I 2019, sholáthair Údarás Eitlíochta na hÉireann (IAA) maoirseacht rialála éifeachtach do thionsclaíocht eitlíochta sibhialta na hÉireann. Is í sábhailteacht an tosaíocht is mó atá againn. Chuir an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Eitlíochta ceithre iniúchadh de Rannán Rialacháin Sábháilteachta an IAA i gcrích agus d'aimsigh siad caighdeán ard comhlíonta. Choinnigh Éire a grád sa dara háit san Eoraip, faoi chur chuige monatoireachta leanúnaigh de chomhlíonadh na hEagraíochta Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (ICAO), mar gheall ar chur i bhfeidhm éifeachtach caighdeán agus cleachtas molta an ICAO.

Chuaigh an IAA ar aghaidh ag obair leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus an Coimisiún um Rialáil Eitlíochta (CAR) ar athstruchturú a ghíomhaíochtaí riálála. Chabhraigh muid le forbairt na Scéime Ginearálta Bille (Bille Aerloingseoireachta agus Iompair 2019) chomh maith le pleananna mionsonraithe do sholáthar an tionscadail a chur i bhfeidhm. Leanann gach geallselabhóir le dul chun cinn i dtaobh seirbhísí rialála aerthráchta an IAA a scaradh óna fheidhmeanna rialála sábháilteachta agus aistriú feidhmeanna eacnamíochta CAR chun an IAA, an rialtóir eitlíochta, ina dhiaidh sin.

Bhí bhliain ghnóthach ann i mbliana, go háirithe i réimse ceadúnaithe píolótaí agus innealtóirí cothabhála. Bhí líon suntasach iarratas aistrithe de bharr cinnidh an RA an AE a fhágáil. Mhéadaigh an líon ceadúnas eisithe 18% i gcomparáid le 2018. Tar éis blianta fada méadaithe i líon na n-aerárthaí ar an chlár Éireannach, bhí laghdú 6% i mbliana, san earnáil aeriompair go príomha, go 1,349 aerárthach.

Lean an IAA ag déanamh scrúdú slándála agus gníomhaíochtaí maoirseachta thar ceann an Stáit. I 2019, mhaoirsigh an IAA gníomhaíochtaí slándála eitlíochta níos mó nó 340 eagraíocht.

### Bainistiú Aerthráchta

Le linn na bliana, sholáthair an IAA seirbhísí rialaithe aerthráchta sábhailte agus éifeachtacha. Tháinig méadú 1.5% ar thrácht faoi bhealach go beagnach 352,000 traseitilt agus

tháinig méadú 1.2% ar eitilt ar an Atlantach Thuaidh go díreach níos mó 511,000 eitilt. Tháinig méadú 2.1% go 272,500 gluaiseacht ar an méid tráchta tráchtála críochfoirt agus Aerfort Bhaile Átha Cliath freagrach as 85% den trácht sin.

Críochnaíodh tógáil ár dtúr rialaithe radhairc nua i Márta 2019, in am agus laistigh den bhuiséid. Táthar ag feistiú an túir nua le córais bhainistithe aerthráchta faoi láthair. Tá sé beartaithe an túr a beith i seirbhís do oibríochtaí rúidbhealaigh reatha i 2020. Tá oibríochtaí macasamhlacha rúidbhealaigh beartaithe fá choinne deireadh 2021.

I mí Iúil, chuir muid Aireon ALERT (Rianú Práinnfhreagartha um Aerárthaigh a Aimsiú) i bhfeidhm i gcomhphairtíocht le Aireon. Soláthraítear an tseirbhís seo, seirbhís aimsithe agus rianaithe do aerárthach i gcruachás, saor in aisce don tionscal eitlíochta agus a d'éascaigh seirbhísí cuardaigh agus tarrthála ar fud an domhain cheana féin tríd eolas cuardaigh spriocdhírithe a chur ar fáil.

I 2019, lean ár rannphairtíocht bhliantúil lenár dtríocha gcustaiméirí intíre agus idirnáisiúnta is fearr tríd ár gClár Cúraim Custaiméirí. Tuairiscíodh ráta iomlán de 90.2% sástacht chustaiméirí.

Chóir deireadh na bliana, cuireadh plean cúig bliana don tréimhse 2020 go 2024 chuig an Choimisiún Eorpach (CE) i gcomhlíonadh rialúcháin scéim comhlíonta Aerspás Eorpach Aonair an AE. Téann an Plean i ngleic le na réimsí sábháilteachta, acmhainne, comhshaoil agus cost-éifeachtúlachta agus tá foráil ann do mhéaduithe suntasacha i gcaiteachas caipitil agus líon oibríochta. Cé go bhfuil an CE ag déanamh athbhreithnithe ar an Phlean faoi láthair, tá an chosúlacht ann go mbeidh ath-phleanáil iomlán de dhíth thar na blianta atá le teacht mar gheall ar thionchair shuntasacha paindéim Covid-19 ar an earnáil eitlíochta.

## Achoimre Airgeadais

Thaifead an Grúpa toradh dearfach airgeadais i 2019. Is €197.2 milliún a bhí sa láimheachas le cion oibriúcháin de 16.2%. Bhí glansocmhainní comhshlúite de €215.6 milliún laghdaithe ó €236.4 milliún anuraidh go príomha de bharr méadaithe i ndliteanas pinsin le sochar sainithe ó €65.2 milliún (glan ar cháin) ar 31 Nollaig 2018 go €96.5 milliún ar 31 Nollaig 2019. Cé gur sholáthar socmhainní pinsin fáltas laidir sa bhliain, bhí ráta lascaine íseal ar 31 Nollaig 2019 mar gheall ar bhrú ar thoradh bannaí a bhí mar chionsiocair leis an méadú de 14.6% i ndliteanais pinsin go €698.5 milliún.

Mhol an Bord iocaíocht díbhinne de €7.8 milliún, bunaithe ar 30% de bhrábús na cuideachta tar éis cánach. Fágann sé sin gur íocadh iomlán na ndíbhinní de €63.4 milliún leis an Stát le cúig bhliain anuas.

## Rialachas Corparáideach

Tá an bord tiomanta do na caighdeáin is airde rialachais chorparáidigh agus in 2019, i dtaca lena n-aidhmeanna rialachais cloíodh le Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016.

## Comhshaol

D'oibre an IAA go dian thar na blianta le seirbhís atá chomh neamhdhíobhálach don chomhshaol agus is féidir a sholáthar. Is ceannródaí domhanda agus Eorpach muid sa réimse seo. Le cúig bliain anuas, sháraigh muid na spriocanna éifeachtúlachta eitilte leagtha ag an Eorap dúinn agus chuir muid a lán beartanna bainistithe aerthráchta i bhfeidhm a bhfuil leasanna díreacha acu don chomhshaol. Ar an talamh, tá infheistíocht déanta againn chomh maith i dtionscadail éagsúla éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú agus tá ár spriocanna fuinnimh de 2020 sáratihe again cheana féin. Tá muid ag obair ar phlean bainistithe éifeachtúlacht fuinnimh cúig bhliain le riachtanais Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2019 an Stáit a chomhlíonadh. Tá athrú aeráide agus freagracht comhshaoil i gcónaí mar thosaíochtaí againn agus beidh ar feadh na mblianta atá le theacht.

## COVID-19

Ag am a scríofa, tá muid, chomh maith le hiomlán na ngeallsealbhóirí i dtionsclaíocht na heitlíochta, i ngéarchéim de bharr paindéim sláinte phoiblí dhomhanda gur COVID-19 é. Tá gníomhaíocht aerthráchta ar fionraí den chuid is mó le laghdaithe suntasacha i líon na neitiltí atá beartaithe do dheireadh mí Mhárta agus mí Aibreáin ar a laghad.
Tá bearta curtha i bhfeidhm ag bainistíocht an IAA le leanúnachas gnó tríd an gearrchéim seo a chinntiú agus sábhailteacht ár bhfoirne agus ár gcustaiméirí aerlíne mar thosaíocht againn. Ní fhaigheann an IAA, mar cuideachta tráchtála fo-stáit, aon mhaoiniú ón Stát.

## Buíochas

I mí Dheireadh Fómhair 2019, tháinig deireadh le tréimhse oifige Michael Norton. Ba mhaith liom buíochas a ghabáil le Michael ar son a sheirbhíse. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil chomh maith le mo chomhaltaí Boird ar son a dtiomantais dona ndualgais a chur i gcrích.

Thar ceann an Bhoird, ba mhaith liom buíochas a ghabáil leis an Phríomhfheidhmeannach, Peter Kearney, agus foireann an IAA uilig ar son a gcuid oibre le linn na bliana a chuaigh thart agus táim ag súil go mór le bheith ag obair libh go léir i 2020.



**Michael McGrail**
Cathaoirleach

# Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh



**Ba bhliain den scoth a bhí in 2019 arís d'Údarás Eitlíochta na hÉireann (IAA). Rinneamar leibhéil níos airde aerthráchta a bhainistiú go sábháilte agus d'éirigh linn an tionscal eitlíochta sibhialta in Éirinn a rialú, fad is a leanamar de mhaoirseacht a dhéanamh ar chaighdeáin slándála eitlíochta.**

**Peter Kearney**
An Príomhfheidhmeannach

### Na buaicphointí tábhachtacha

Bhí an ghníomhaíocht aerthráchta níos airde ná mar a bhí riamh in 2019. Tháinig méadú 1.5% ar thraseitiltí faoi bhealach i gcomparáid le 2018, fad is ar tháinig méadú 1.2% ar eitiltí thar an Atlantach Thuaidh. Tháinig méadú 2.1% in iomlán thar 2018 ar an trácht tráchtála ag na trí aerfort Stáit - Aerfort Chorcaí, Aerfort Bhaile Átha Cliath agus Aerfort na Sionainne.

Tháinig méadú 1.1% go dtí €31.9 milliún ar bhrabús oibriúcháin Ghrúpa an IAA. Tháinig laghdú beag ar an láimhdeachas, arb ionann é agus €197.2 milliún, ach tháinig feabhas ar chorrlach oibriúcháin an Ghrúpa ó 15.9% in 2018 go dtí 16.2% in 2019. B'ionann an brabús don bhliain airgeadais agus €27.8 milliún. Tháinig laghdú ar ghlansócmhainní an Ghrúpa ó €236.4 milliún anuraidh go dtí €215.6 milliún ag deireadh 2019, de thoradh ar an méadú sa ghlandliteanas pinsin sochair sainmhínithe den chuid is mó, ar tháinig méadú 48.1% air go dtí €96.5 milliún, glan de chánacha.

Lean an IAA de sheirbhísí aerthráchta a sholáthar ar phraghsanna iomaíocha agus, in 2019, bhí ár dtáille do chustaiméirí faoi bhealach fós i measc na dtáillí is ísle san Eoraip. Don cheathrú bliain as a chéile, ní dhearnamar ár dtáillí rialála a mhéadú, agus leanamar de shárluach ar airgead a thairiscint le haghaidh seirbhís rialála den chéad scoth.

Bhí gairmiúlacht ár Rannóige Rialála Sábháilteachta (RRS) soiléir arís ó na torthaí an-láidre a baineadh as ceithre iniúchadh neamhspleácha de chuid EASA (Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta na hEorpa) le linn 2019. Tá sábháilteacht fós mar ár bpríomhthosaíocht, ó thaobh tionscal eitlíochta sibhialta na hÉireann a rialú agus seirbhísí aerthráchta a sholáthar de.

I Márta 2019, cuireadh an túr rialaithe amhairc nua ag Aerfort Bhaile Átha Cliath i gcrích in am, de réir na sonraíochtaí agus an bhuiséid. Beidh córais agus trealamh gaolmhar chun aerthrácht a bhainistiú á suiteáil, á gcoimisiúnú agus á dtástáil sa chéad chéim eile den tionscadal seo. Tá an IAA bródúil, mar eagraíocht, as an méid a chabhróidh an túr rialaithe nua chun fás amach anseo ag Aerfort Bhaile Átha Cliath a éascú, ar príomhbhealach eacnamaíoch é ní hamháin do réigiún Bhaile Átha Cliatha ach don tír ina hiomláine.

Cuireadh córas Aireon ALERT (Rianú Práinnfhreagartha um Aerárthaigh a Aimsiú) beo i mí Iúil, atá lonnaithe ag

Ionad Cumarsáide an Atlantaigh Thuaidh an IAA i mBaile Uí Gheirín, Co. an Chláir. Is í seo an chéad sheirbhís rianaithe aerárthaigh ar domhan, agus cuirtear ar fáil saor in aisce í don tionscal seo. Is féidir suíomh deireanach aitheanta aerárthaigh atá i nguais a aimsiú leis an tseirbhís seo. Is sampla é Aireon ALERT den mhéid is féidir linn, mar chuideachta, a dhéanamh go maith; sármhaitheas ó thaobh nuálaíochta agus seirbhíse mar thoradh ar na blianta d'obair dhian agus díograis; Mar sheirbhís a chuirtear ar fáil don tionscal eitlíochta agus d'údaráis shibhialta ar fud an domhain, táimid bródúil as ár ról ag rannchuidiú le haershábháilteacht ar fud an domhain. Ón tráth a seoladh é, fuaireamar aiseolas dearfach ón bpobal eitlíochta ina leith agus bhí Aireon ALERT ina chabhair do mhisin chuardaigh agus tarrthála chun daoine a shábháil agus chun cabhrú le haerárthaí i nguais a aimsiú.

An 10 Márta, thuairteáil Boeing 737-MAX de chuid Ethiopian Airlines go luath i ndiaidh dó éirí de thalamh sa Aetóip, agus cailleadh gach duine ar bord go tragóideach. Mar gheall air sin, ghlac an IAA céim nár glacadh riamh roimhe sin agus chuir sé oibríochtaí mórchuideachta aerárthaí tráchtála (Boeing 737 MAX) ar fionraí agus tá sé fós ag obair i ndlúthchomhar le EASA ar an gcás seo i dtús 2020. Bhí sábháilteacht na bpaisinéirí, an aerchriú agus na saoránach ar an talamh ina tosaíocht againn agus an cinneadh sin á dhéanamh.

I gcaitheamh na bliana leanamar den obair ar an tionscadal um rialáil eitlíochta a athchóiriú, atá mar chuid de bheartas an rialtais chun feidhmeanna rialála sábháilteachta an IAA a scaradh óna chuid gníomhaíochtaí soláthair sheirbhíse agus chun feidhmeanna an Choimisiúin um Rialáil Eitlíochta (CRE) a aistriú go dtí an IAA chun údarás nua um rialáil eitlíochta a chruthú. Tá an phleanáil faoi lánseol agus táthar ag súil go n-éireoidh na struchtúir oibriúcháin don todhchaí níos soiléire in 2020. Tá ocht sreabhadh oibre inmheánacha dírithe ar na bearta a bhfuil gá leo a ullmhú agus a chur chun feidhme d'fhonn an tionscadal a chur chun cinn, agus tugann fochoiste tiomanta de chuid an Bhoird tacaíocht dóibh siúd. Dheimhnigh an Rialtas dréacht-Cheannteidil an Bhille agus rinne Coiste Iompair an Oireachtais an grinnscrúdú réamhreachtach. Táthar ag súil le scéal in 2020 maidir leis na hamlínte a bheidh i gceist chun an bille a achtú ina dhlí.

An 1 Deireadh Fómhair, chuir an tÚdarás Maoirseachta Náisiúnta (NSA) de chuid na Rannóige Rialála Sábháilteachta (RRS), tar éis dó dul i gcomhairle leis na príomhpháirtithe leasmhara go léir, Plean Stáit faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh (CE) i gcomhréir le Scéim Feidhmíochta agus Muirearaithe Aerspás Eorpach Aonair (AEA) do na cúig bliana ó 2020 go dtí 2024. Tá an Plean sin fíorthábhachtach do sheirbhísí aerthráchta an IAA mar cinntear na liúntais ioncaim dár ngnóthaí faoi bhealach agus críochfoirt ann, arb ionann iad le chéile agus 80% dár n-ioncam iomlán. Ar leith air sin, agus le héifeacht ón 1 Eanáir 2020, cheap an Stát an Coimisiún um Rialáil Eitlíochta mar an Údarás Maoirseachta Náisiúnta chun rialú eacnamaíoch a dhéanamh ar fheidhmeanna soláthair sheirbhíse an IAA, mar chéim eatramhach i dtreo na bhfeidhmeanna rialála nua a fhorbairt.

Tá ár gcustaiméirí aerlíne fós an-sásta lenár gclár bliantúil um chúram do chustaiméirí. Thugamar cuairt ar 30 cinn dár gcustaiméirí is mó in 2019 agus fuaireamar aiseolas díreach faoin gcaoi ar féidir linn leanúint dár leibhéil seirbhíse a fheabhsú. Le linn 2019, rinne gnólacht chomhairleoireachta idirnáisiúnta leibhéal sástachta ár gcustaiméirí a thomhas ag 90.2%. Táimid an-sásta leis an rátáil sin ach, mar sin féin, déanfaimid ár ndícheall chun leanúint dár leibhéil seirbhíse a fheabhsú ar bhonn leanúnach.


Bhí an-áthas orainn oibriú i ndlúthchomhar le Fondúireacht Shráid an Teampaill mar ár bpáirtí carthanais in 2019. Bhí sé go hiontach oibriú le carthanas chomh fiúntach sin agus cabhrú chun cúnamh a thabhairt do na hothair agus na baill foirne ag Ospidéal Shráid an Teampaill. Mar chuideachta a bhfuil lorg náisiúnta againn, aithníonn an IAA an tábhacht agus an luach a bhaineann le hOspidéal Shráid an Teampaill do leanaí breoite agus dá dtuismitheoirí ar fud na hÉireann. Tá Scoláireacht Geoffrey O'Byrne-White don Eitlíocht ón IAA agus Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus infheistíochta Propeller Shannon ina gcodanna tábhachtacha d'fhís níos fadtéarmaí an IAA; ag tacú leis an gcéad ghlúin eile de ghairmithe eitlíochta agus iad á gcur chun cinn agus ag rannchuidiú le forbairt na hearnála eitlíochta.

Agus é seo á scríobh, tá an dúshlán is mó riamh os comhair na hearnála eitlíochta, mar gheall ar phaindéim dhomhanda an choróinvíris/COVID-19. I bhfianaise líon na n-eitiltí atá curtha ar ceal ar fud an domhain agus na himní móire atá ann maidir le hinmharthanacht cuideachtaí eitlíochta agus poist a mball foirne, is am buartha é don earnáil eitlíochta. Tugtar tosaíocht do shláinte an phobail i gcónaí áfach, agus tá an IAA ag cabhrú leis an iarracht náisiúnta chun teacht slán as COVID-19 agus leanfaimid ag obair d'ainneoin an tionchair ar an tionscal eitlíochta.

### Buíochas

Is iad ár bhfoireann an acmhainn is fearr atá againn agus ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le bainisteoirí agus baill foirne uile an IAA as a gcuid sár-oibre agus a ngairmiúlachta i rith na bliana. Táim ag súil le bliain eile agus na dúshláin agus deiseanna a bheidh i gceist léi.

Ar deireadh, ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil lenár gCathaoirleach, Michael McGrail, agus le mo chomh-chomhaltaí ar an mBord as ucht a gcúnaimh i rith na bliana.



**Peter Kearney**
An Príomhfheidhmeannach

# Athbhreithniú Oibríochta

## Rialú Sábháilteachta

Rinne an IAA an tionscal eitlíochta in Éirinn a rialú go sábháilte in 2019 agus choinnigh sé a stádas ard san Eoraip, agus ar fud an domhain, de thoradh ar fheidhmíocht láidir i gceithre chigireacht caighdeánaithe EASA i ndáil le seirbhísí bainistithe aerthráchta/aerloingseoireachta, aer-oibríochtaí, cumasóirí córasacha chun sábháilteacht a bhainistiú agus cúrsaí leighis an aerchriú. Mar chuid de na cigireachtaí sin rinneadh iniúchtaí ar an láthair ar shaoráidí, pearsanra, nósanna imeachta agus taifid mhaoirseachta an IAA agus tugadh cuairt ar eagraíochtaí rialáilte chun éifeachtacht ghníomhaíochtaí maoirseachta an IAA a dheimhniú. Léiríonn rátálacha caighdeánaithe EASA, lena dtomhaistear cé chomh maith agus a ndéantar maoirseacht i ngach Ballstát, go bhfeidhmíonn an IAA ar leibhéal níos airde ná meán an AE i ngach réimse.

Maidir le tábla sraithe na hEagraíochta Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (ICAO) i dtaca le caighdeáin eitlíochta dhomhanda a chur chun feidhme go héifeachtach, dheimhnigh an IAA go gcoinneodh Éire a stádas maith. Is ionann scór EI na hÉireann agus 95.05% faoi láthair. Ciallaíonn an scór sin go bhfuil Éire sa seachtú háit sa rangú domhanda, agus i bhfad níos airde ná an meánscór de 68.98%. Tá an Fhrainc sa chéad áit agus Éire sa dara háit i measc Bhallstáit an AE, agus tá an Stát seo chun tosaigh ar mheán Bhallstáit an AE arb ionann é agus 83.82%.

Tá an tionscal rialáilte in Éirinn fós suntasach i gcomparáid le tíortha an AE de mhéid comhionann agus leanaimid de thorthaí den scoth a bhaint amach maidir le maoirseacht ar shábháilteacht sna heagraíochtaí faofa agus dearbhaithe lena mbaineann. Is é rialú comhsheasmhach, cóir agus neamhchlaonta ba chúis leis sin, agus moltar na heintitis rialáilte as na leibhéil chomhair leanúnacha agus an t-éiteas sábháilteachta a léiríonn siad. Chuir Rannóg Rialála Sábháilteachta (RRS) an IAA córas faireacháin cuimsitheach um chomhlíonadh inmheánach i bhfeidhm chun a áirithiú go gcomhlíonfar na hoibleagáidí maoirseachta uile i gcomhréir leis na rialacháin, thar earnálacha uile na heitlíochta sibhialta.

Lean an tionscal rialáilte in Éirinn de bheith ag fás in 2019 maidir le ceadúnú pearsanra, oiliúint agus ladrainn. Cuireadh stop leis an treocht a bhí ag dul i méid roimhe sin áfach maidir le líon iomlán na n-aerárthaí arna gclárú in Éirinn agus rinneadh glanlaghdú 84 aerárthach ar an gclár. Rinneadh an laghdú sin in earnáil an aeriompair tráchtála go príomha agus bhain sé go háirithe le díchlárú aerárthaí ag Ryanair DAC agus Norwegian Air International, a bhfuil Deimhniú Aeroibreora Éireannach acu agus a ndearna siad araon roinnt aerárthaí a aistriú go dtí cláir eachtrannacha de thoradh ar ghníomhaíochtaí athstruchtúraithe inmheánacha. Tháinig laghdú 13%, go dtí 602 aerárthach, ar líon na n-aerárthaí arna n-oibriú ag na príomhshealbhóirí de Dheimhnithe Aeroibreora Éireannacha in 2019 i gcomparáid le 2018.

### Bainistiú Riosca Sábháilteachta

Comhlíonann Rannóg Rialála Sábháilteachta an IAA feidhmeanna bainistithe riosca sábháilteachta ar son an Stáit, lena n-áirítear na rioscaí córasacha arna n-aithint ar leibhéal na maoirseachta eitlíochta sibhialta agus na rioscaí oibriúcháin arna n-aithint trí mhaoirseacht a dhéanamh ar eintitis rialáilte agus faireachán a dhéanamh ar fheidhmíocht sábháilteachta. Baintear úsáid as próifíliú riosca ar leibhéal Stáit, earnála agus eagraíochta chun tosaíocht a thabhairt do ghníomhaíochtaí sna réimsí is mó imní ó thaobh na sábháilteachta de. Oibríonn an IAA i ndlúthchomhar le lucht tionscail mar chuid den phróiseas bainistithe riosca trí ghníomhaíochtaí comhroinnte faisnéise agus maoirseachta le heagraíochtaí aonair, agus ceardlanna sábháilteachta réimse nó trasréimse ina raibh na páirtithe leasmhara ábhartha páirteach. Foilsíonn an IAA 'Plean Stáit maidir le Sábháilteacht Eitlíochta' d'Éirinn gach bliain, agus tugtar aghaidh sa Phlean sin ar na príomhghníomhaíochtaí a thagann chun cinn ón bpróiseas bainistithe riosca.

Chomh maith le próisis maoirseachta sábháilteachta láidre a chur chun feidhme, chuir an IAA faireachán ar fheidhmíocht sábháilteachta i bhfeidhm ar fud an chórais eitlíochta sibhialta. Foilsítear an fhaisnéis um fheidhmíocht sábháilteachta ar an leibhéal is airde in Athbhreithniú Bliantúil an IAA ar Fheidhmíocht Sábháilteachta, atá le fáil ar https://www.iaa.ie/safety/annual-safety-performance-reviews. Déantar faisnéis sábháilteachta níos mionsonraithe le tochailt síos a fhorbairt agus a chur i láthair ag cruinnithe um athbhreithniú sábháilteachta le heagraíochtaí aonair agus ag ceardlanna sábháilteachta bunaithe ar an earnáil.

Braitheann an anailís sábháilteachta atá ina bonn taca leis an bpróiseas bainistithe riosca ar chineálacha éagsúla sonraí sábháilteachta a bhailiú ón iliomad foinsí éagsúla agus iad sin a bhainistiú, agus aird chuí á tabhairt ar rúndacht agus cosaint sonraí. Cuirfear cumais úrscothacha bainistithe sonraí, léirshamhlaithe sonraí agus anailísithe sonraí ar fáil le tionscadal digitithe an IAA, ar cuireadh tús leis in 2019, agus cuirfear feabhas mór ar na próisis anailísithe sábháilteachta atá ar bun faoi láthair mar thoradh. Is tionscadal uile-AE atá i dtionscadal Data4Safety EASA chun iliomad foinsí de shonraí sábháilteachta eitlíochta a chomhtháthú (m.sh. tarluithe eitlíochta, faisnéis um faireachán ar shonraí eitiltí, faisnéis radair, sonraí aimsire srl) arna mbailiú ó eagraíochtaí ar fud an AE agus chun úsáid a bhaint as teicnící mianadóireachta mórshonraí chun feabhas a chur ar an gcumas chun faisnéis faoi shábháilteacht a aimsiú. Leanann an IAA de bheith rannpháirteach mar chomhaltaí den Bhord Stiúrtha agus den Bhord Teicniúil le haghaidh an tionscadail sin.

Fógraíodh gur gá an Boeing 737-MAX a choinneáil ar talamh agus bhí tionchar oibriúcháin aige sin ar oibreoirí aerárthaí ar fud na hEorpa, agus Éire san áireamh. Cé go bhfuil sé de fhreagracht ar an AE agus EASA na ceanglais a shocrú maidir leis an gcineál sin aerárthaigh a chur ar ais i seirbhís san Eoraip, leanann an IAA d'fhaireachán grinn a dhéanamh ar an gcás agus tá sé réidh le cabhrú le hoibreoirí a ndearnadh difear dóibh, de réir mar is gá, chomh luath agus a dheimhneofar go bhfuil sé sábháilte an cineál sin aerárthaigh a eitilt.

Leantar den obair laistigh den IAA chun a chinntiú gur féidir ladrainn a oibriú go sábháilte laistigh den Stát agus nach gcruthófar baol ar bith d'eitlíocht shibhialta ná don phobal leo. I mí na Nollag 2015, bhí an IAA ar cheann de na chéad rialtóirí eitlíochta ar domhan a thug isteach clárú éigeantach agus rialacháin maidir le ladrainn. An tráth sin, bhí thart ar 5,000 ladrann in úsáid in Éirinn. Ceithre bliana ina dhiaidh sin,

amhail an 31 Nollaig 2019, bhí 12,600 cláraithe sa Stát, atá breis agus dhá oiread an lín a bhí cláraithe in 2015. Chomh maith leis na limistéir shrianta agus choiscthe thraidisiúnta is infheidhme maidir leis na hoibríochtaí aerárthaí uile, bunaíodh limistéir faoi chosc eitilte d'aerárthaí gan foireann i ngar d'aerfoirt agus mórthimpeall ar roinnt ospidéal agus láithreán athbhreoslaithe héileacaptar de chuid an Gharda Cósta.

## Athruithe Rialála

Déantar nuashonrú ar an gcreat rialála sábháilteachta ar bhonn leanúnach chun feabhas a chur ar shábháilteacht agus éifeachtúlacht san eitlíocht agus chun tacú le hiomaíocht chóir laistigh den AE. Ní mór próisis um bainistiú athruithe a bheith ag Rannóg Rialála Sábháilteachta an IAA, agus ag na heintitis rialáilte in Éirinn, chun comhlíonadh leantach na rialachán a áirithiú. Cé gur athruithe beaga atá dírithe ar réimsí sainiúla atá i mórán de na hathruithe rialála, tá dúshláin shuntasacha i gceist le cuid de na hathruithe rialála ó thaobh cur chun feidhme de, amhail rialacháin úrnua an AE maidir le feidhmeanna agus seirbhísí bainistithe aerthráchta/aerloingseoireachta, agus rialacháin atá le foilsiú maidir le tástáil alcóil, athruithe ar cheanglais fhaofa na heagraíochta i ndáil le bainistiú leanúnach aerfhiúntais aerárthaí agus eagraíochtaí cothabhála agus cibearslándáil.

Le Rialachán Bunúsach EASA méadaítear inniúlacht an AE chun rialú dhearadh agus oibriú aerárthaí gan foireann a chur san áireamh. Foilsíodh an chéad sraith de rialacha cur chun feidhme i mí an Mheithimh 2019, ina sonraítear na rialacha chun ladrainn níos lú a chur ar an margadh Eorpach agus na ceanglais a bhaineann leis na ladrainn sin a oibriú. Cuirfear na rialacha sin i bhfeidhm i mBallstáit uile an AE in 2020. Dá réir sin, chuir an IAA foireann tionscadail ar bun d'fhonn cur chun feidhme na rialacha nua maidir le ladrainn a bhainistiú, lena n-áirítear feachtas cumarsáide chun a áirithiú go gcuirtear na páirtithe leasmhara go léir go hiomlán ar an eolas faoi na ceanglais nua. Sa bhreis air sin, leanann an IAA de thacú le comhlachtaí déanta rialacha san AE agus ar fud an domhain agus rialacháin nua á bhforbairt acu maidir le haerárthaí ardriosca gan foireann, uathoibriú, deimhniú agus U-Space.

## Sábháilteacht a Chur Chun Cinn

Tá tábhacht níos mó ag baint le sábháilteacht a chur chun cinn le blianta beaga anuas mar phríomhuirlis rialála. Bíonn sí ina cabhair do rialtóirí, eagraíochtaí rialáilte agus daoine aonair rialáilte trí threoir fheabhsaithe a sholáthar maidir le hathruithe rialála, lena n-áirítear rialacháin atá bunaithe ar fheidhmíocht, agus tríd an gceanglas a chomhlíonadh chun faisnéis sábháilteachta a chomhroinnt. Baintear úsáid níos mó as na meáin chumarsáide nua-aoiseacha agus sábháilteacht á cur chun cinn chomh maith, lena n-áirítear na meáin shóisialta, chun for-rochtain níos fearr a chumasú. Is iad láithreán gréasáin an IAA www.iaa.ie agus Twitter @IAApress na príomhchainéil chumarsáide ar líne a úsáideann an IAA chun sábháilteacht a chur chun cinn.

Chomh maith le faisnéis a sholáthar faoi shábháilteacht ar bhonn leanúnach, ritheann an IAA feachtais shainiúla chun sábháilteacht a chur chun cinn, amhail an feachtas um fheasacht ar shábháilteacht ladrann. D'eagraigh an IAA an feachtas #notonmyflight in 2019 chomh maith, a bhí dírithe ar dhul i ngleic le hiompraíocht ainrianta paisinéirí ar eitiltí. Mar thoradh ar an bhfeachtas sin, glacadh comhchinneadh, i mí Dheireadh Fómhair 2019, chun dul i ngleic leis an bhfadhb, arna shíniú ag na páirtithe leasmhara lenar bhain, lena n-áirítear comhlachtaí Stáit, oibreoirí aerlínte agus aerfoirt.

## Slándáil Eitlíochta

Ina cháil mar an údarás iomchuí in Éirinn chun críocha Rialachán CE 300/2008 (rialacha comhchoiteanna i réimse slándála na heitlíochta sibhialta), leanann an IAA de chinntiú go ndéanann oibreoirí aerfoirt, aeriompróirí agus eintitis a bhfuil baint acu le daoine (seachas paisinéirí), paisinéirí, bagáiste, lastas, post, soláthairtí eitilte agus soláthairtí aerfoirt a choimeád slán, na ceanglais um rialáil sábháilteachta a chur chun feidhme agus iad sna limistéir shrianta slándála in aerfoirt nó ar bord aerárthaí. Tá údaráis Stáit a bhfuil ról acu i slándáil eitlíochta faoi réir faireachán comhlíonta freisin. Bhí breis agus 340 eagraíocht faoi rialú an IAA maidir lena ngníomhaíochtaí slándála eitlíochta sa Stát in 2019.

Tá feabhas ag teacht ar na leibhéil chomhlíonta gach bliain. In 2019, phléigh an fhoireann slándála le 2,230 tuairisc ar tharluithe slándála eitlíochta. Tugadh faoi shraith ceardlann agus gníomhaíochtaí comhordaithe i gcaitheamh na bliana chun caighdeáin um chur chun feidhme na slándála eitlíochta a fheabhsú a thuilleadh. Cuireadh comhairle theicniúil ar fáil ar leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal Eorpach araon.

Bhí cur i bhfeidhm Rialachán CE maidir le Rialachán Slándála Eitlíochta (Leasú) 2019, I.R. 632 de 2019 ag an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt ina phríomhfhorbairt in 2019. Tiocfaidh an reachtaíocht sin i bhfeidhm an 1 Eanáir 2020 agus gearrfar táillí slándála eitlíochta ar na heintitis rialáilte go léir mar thoradh. Gearrfar na táillí sin ar bhonn costais a fháil ar ais.

## An Tionscadal um Dhigitiú

Rinne an IAA infheistíocht chaipitiúil mhór leis an tionscadal um dhigitiú chun an tseirbhís reatha um rialáil sábháilteachta a athrú ó bhonn trí ghníomhaíocht ghnó a uasmhéadú laistigh den timpeallacht dhigiteach. Is tionscadal dhá bhliain atá i gceist leis seo ina ndéanfar próisis ghnó amhail bainistiú cliant, próisis iarratais (faomhadh, clárú, deimhniú agus ceadúnú) agus próisis mhaoirseachta a aistriú go dtí ardáin ar líne thar na réimsí uile sna blianta atá amach romhainn. Feabhsófar an acmhainn éirim ghnó leis chomh maith agus cruthófar tairseacha ar líne chun malartú faisnéise a éascú idir an Rialtóir agus na heintitis rialáilte.

Forbraíodh plean cur chun feidhme tionscadail agus áirítear feidhmchláir bogearraí le Céim 1 den phlean i réimsí éagsúla amhail ladrainn, seirbhísí aerloingseoireachta, slándáil eitlíochta agus oibríochtaí eitilte. Tá na dátaí chun an plean sin a chur i bhfeidhm sceidealta do lár 2020.

## Brexit

Leanadh de phleanáil theagmhasach a dhéanamh i gcaitheamh na bliana chun a áirithiú nár cuireadh isteach rómhór ar eitlíocht shibhialta in Éirinn in 2019, de réir mar a tháinig na céimeanna agus leibhéil éagsúla neamhchinnteachta chun cinn sa Bhreatain maidir le Brexit 'le margadh nó gan mhargadh'. Tháinig méadú leanúnach ar líon na n-iarratas a chuir daoine aonair (ceadúnú aerchriú agus innealtóirí) agus eagraíochtaí

## Athbhreithniú Oibríochta - rialú sábháilteachta (ar lean)

(cothabháil agus aer-oibríochtaí) sa Ríocht Aontaithe chuig an IAA in 2019 mar gheall ar impleachtaí Brexit. Tháinig méadú 15.9%, go dtí breis agus 13,500 amhail an 31 Nollaig 2019, ar líon na gceadúnas píolóta tráchtála agus ginearálta a d'eisigh an IAA, agus tháinig méadú 42.1% ar cheadúnais innealtóra go dtí breis agus 2,500 ceadúnas. Cé nach féidir na méaduithe sin ar fad a chur i leith Brexit, níl aon amhras ann go raibh Brexit ina chúis mhór leo. Leanfaidh an IAA de thacú le tionscal Éireannach maidir le saincheisteanna a thagann chun cinn i leith ghnéithe uile na heitlíochta le linn na gcainteanna faoi Brexit agus tar éis do na socruithe aistrithe a bheith foirceanta.

# Bainistiú Aerthráchta

### Oibríochtaí

Chuir an IAA seirbhísí rialaithe aerthráchta sábháilte agus éifeachtúla ar fáil in 2019. Tháinig méadú 1.5%, go dtí 351,731 traseitiltí, ar ghníomhaíocht faoi bhealach. San Atlantach Thuaidh, chuir an IAA seirbhísí cumarsáide gutha ardmhinicíochta ar fáil do 511,294 eitiltí, ar ionann agus méadú 1.2% ar líon 2018. Tháinig méadú 2.1%, go dtí 272,527 gluaiseacht, ar thrácht tráchtála críochfoirt ag na haerfoirt Stáit - Aerfort Chorcaí, Aerfort Bhaile Átha Cliath agus Aerfort na Sionainne. Chuaigh 85% den trácht tráchtála iomlán trí Aerfort Bhaile Átha Cliath agus ba í 2019 an naoú bliain as a chéile inar tháinig borradh ar aerthrácht críochfoirt.

Deimhníodh an IAA mar sholáthraí seirbhíse in 2019, de bhun Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/373. Leis an Rialachán fairsing sin, rinneadh roinnt rialachán atá ann cheana féin a aisghairm agus a leasú agus leagtar síos comhcheanglais ann do sholáthraithe seirbhísí bainistithe aerthráchta/aerloingseoireachta agus dá maoirseacht.

### *Oibríochtaí Faoi Bhealach*

Lenár n-oibríochtaí faoi bhealach cuirimid seirbhísí aerthráchta ar fáil do chustaiméirí aerlíne an IAA laistigh d'aerspás faoi rialú na hÉireann agus le linn aistrithe chuig aerspás Eorpach de chineál intíre nó amach uaidh agus oibríochtaí aigéanacha thar an Atlantach Thuaidh. Cuirimid feabhas ar ár seirbhísí aerthráchta de réir a chéile gach bliain agus bhí an cás mar a chéile in 2019. Bhí an méid seo a leanas i measc na bpríomhthionscadal le linn na bliana:

- atreorú éasca agus patrúin sealbhaíochta níos éifeachtaí a éascú chun an meánmhoill is lú is féidir a bhaint amach le haghaidh eitiltí isteach in Aerfort Heathrow agus in Aerfort Gatwick, agus ar an gcaoi sin déantar breosla agus am a shábháil do na haerlínte agus astaíochtaí $CO_2$ a laghdú
- tionscnamh a chur chun feidhme ionas go mbeidh aerárthaí ábalta glacadh le moileanna in Aerfort Gatwick i Londain ar leibhéil eitilte atá níos éifeachtúla ó thaobh breosla de
- pointe iontrála nua isteach san aerspás aigéanach a chur chun feidhme chun atreorú aerlínte go dtí ceann scríbe ó dheas a éascú, amhail an Phortaingéil, an Spáinn agus na hOileáin Chanáracha
- oibríocht thrialach bheo iomlán a chur i gcrích go rathúil ónár ionad teagmhasach nua d'eitiltí faoi bhealach agus táthar ag súil le hoibríochtaí beo in 2020.

Tuilleadh feabhsuithe maidir le héifeachtúlacht breosla inár aerspás beartaithe do 2020, trí é a athdhearadh chun oibríochtaí ardaithe leanúnaigh agus tuirlingthe leanúnaí (CDO/CCO) ó aerfoirt a éascú. Nuair is féidir le píolótaí in aerárthaí atá ag teacht isteach faoileitilt ó bharr na tuirlingthe go dtí an pointe isteach, dónn an t-aerárthach an t-íosmhéid breosla. Ar an gcaoi chéanna, dónn aerárthach atá ag imeacht níos lú breosla má ligtear dó ardú go leanúnach chuig an leibhéal eitilte is fearr.

### *Oibríochtaí Críochfoirt*

Rinneadh tuilleadh athchóirithe ar fheidhmíocht bainistithe aerthráchta críochfoirt an IAA in 2019. Bhí an méid seo a leanas i gceist ag Aerfort Bhaile Átha Cliath:

- tuairisciú níos fearr ar staitisticí feidhmíochta agus anailís chun tacú le feidhmíocht oibriúcháin ar leibhéil níos airde fós
- rannpháirtíocht leanúnach le páirtithe leasmhara trí Ghrúpa Pleanála Oibríochtaí Aerfort Bhaile Átha Cliath (DAOPG) agus tríd an nGrúpa um Fheabhsú Feidhmíochta Rúidbhealaí (RPIG), agus tionscnaimh á n-éascú chun éifeachtúlacht agus tréchur rúidbhealaí a fheabhsú
- tionscnaimh nua a chur chun cinn maidir le heatraimh laghdaithe idir eitiltí amach agus paraiméadair chomhpháirte crosghaoithe mhéadaithe ar an bpríomhrúidbhealach
- nósanna imeachta agus próisis nua a thabhairt isteach, i gcomhar leis an rialtóir sábháilteachta agus Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath, chun oibriú sábháilte a chinntiú agus cur isteach a íoslaghdú sa chás go bhfuil ladrann gan údarú á hoibriú i ngar don aerfort.


Leanadh leis na hiarrachtaí ag Aerfort na Sionainne chun feidhmíocht sábháilteachta a fheabhsú trí chumarsáid le roinnt páirtithe leasmhara éagsúla chun nósanna imeachta feabhsaithe a chomhaontú d'fhonn teagmhais a bhaineann le sábháilteacht a laghdú. Rinneadh socruithe teagmhasacha treisithe a chomhaontú le hÚdarás Aerfort na Sionainne agus Aerfort Chorcaí araon, áit inar tháinig méadú suntasach ar líon na n-eitiltí oiliúna, ó bheagnach 22,000 in 2018 go dtí breis agus 27,000 in 2019.

### *Feidhmíocht*

Thuairiscigh an IAA gur dhiomaibhseach na moilleanna a bhain le bainistiú sreafa aerthráchta faoi bhealach agus críochfoirt (ATFM) in 2019, agus tá sé fós ar cheann de na comhlachtaí is fearr sa líonra Eorpach. Bhí céatadáin na n-eitiltí amach a chlóigh lena seal sceidealta ATFM ag Aerfort Chorcaí, Aerfort Bhaile Átha Cliath agus Aerfort na Sionainne cuid mhaith os cionn an mheáin Eorpaigh. D'éirigh leis an IAA a spriocanna AEA maidir le sábháilteacht, acmhainn, an comhshaol agus cost-éifeachtúlacht a bhaint amach in 2019 chomh maith.

Ó 2002 i leith, tá comparáid á déanamh ag Coimisiún EUROCONTROL maidir le hAthbhreithniú Feidhmíochta idir 'Cost-éifeachtúlacht an Bhainistithe Aerthráchta' (ACE) ag soláthraithe seirbhíse aerloingseoireachta Eorpacha ar bhonn bliantúil. Leis an bpróiseas ACE, dírítear ar thrí phríomhspreagthóirí feidhmíochta a chuireann le cost-éifeachtúlacht fhoriomlán - táirgiúlacht, costais fostaíochta agus costais tacaíochta. Sa tuarascáil ACE is déanaí le haghaidh 2017, bhí an IAA ar cheann de na comhlachtaí is fearr i measc na 38

**Leibhéal agus Scór Aibíochta CBS 2018-2019**





soláthraí seirbhíse a bhí i gceist agus tá sé i bhfad chun tosaigh ar an meán Eorpach ó thaobh na príomh-mhéadrachta feidhmíochta de.

In 2019, bhain an IAA an scór is airde amach (77.71%) as na 31 soláthraí seirbhíse aerloingseoireachta Eorpach agus Idirnáisiúnta a ghlac páirt i gCaighdeán Feabhais Domhanda bliantúil CANSO (An Eagraíocht um Sheirbhísí Aerloingseoireachta Sibhialta). Clúdaítear 17 réimse measúnaithe sábháilteachta leis an slat tomhais ar Chaighdeán Feabhais, atá ag teacht le hlarscríbhinn 19 de chuid ICAO, agus tá sé beartaithe a bheith ina thaca agus caighdeáin aonfhoirmeacha á gcur i bhfeidhm i leith na soláthraithe seirbhíse aerloingseoireachta uile.

Is ionann an príomhtháscaire feidhmíochta sábháilteachta a thomhaistear mar chuid de scéim feidhmíochta an Aerspáis Eorpaigh Aonair agus príomhthomhas bliantúil EASA maidir le héifeachtúlacht na bainistíochta sábháilteachta (EoSM). Sa tuarascáil is déanaí, a foilsíodh in 2019, bhain soláthraí seirbhíse aerloingseoireachta an IAA 92% amach le haghaidh aibíocht sábháilteachta, i gcomparáid le meánscór de 82% i measc na soláthraithe seirbhíse eile go léir san AE. I bhfianaise an scóir sin, is léir go bhfuil an IAA fós sa cheathairíl is fearr de sholáthraithe seirbhíse.

Tá sábháilteacht ina príomhthosaíocht do gach duine ag an IAA. Bímid ag lorg bealaí nua i gcónaí chun feabhas a chur ar chúrsaí sábháilteachta, cibé le teicneolaíocht, le saineolas á mball foirne nó lenár gcur chuige i leith anailísithe agus tuiscint a fháil ar threochtaí agus sonraí sábháilteachta. Oibríonn ár nAonad Bainistíochta Sábháilteachta (ABS) leis na páirtithe leasmhara uile chun a chinntiú go bhfuilimid i gcónaí ag cur feabhais ar ár bhfeidhmíocht sábháilteachta.

**Scór EoSM EASA RP2 - ANSP 2018**



## Athbhreithniú Oibríochta - bainistiú aerthráchta (ar lean)

### *Táillí Custaiméirí*

Bhí ár dtáillí custaiméirí le haghaidh eitiltí faoi bhealach i measc na dtáillí is ísle san Eoraip in 2019, agus bhí siad i bhfad níos ísle ná táillí ár bpiaraí Eorpacha. Bhí luach den scoth ar airgead le fáil lenár dtáillí críochfoirt chomh maith, a bhí an-iomaíoch i gcomparáid le haerfoirt de mhéid agus castacht chomhchosúil ar fud na hEorpa.

### *An Clár um Chúram do Chustaiméirí*

Aithníonn ár gcustaiméirí aerlíne an IAA mar cheann de na soláthraithe seirbhíse aerthráchta is mó a dhíríonn ar chustaiméirí sa tionscal. Cabhraíonn ár gClár Cúraim do Chustaiméirí linn tuiscint a fháil ar chuspóirí oibriúcháin ár gcustaiméirí ionas gur féidir linn teicneolaíocht agus nósanna imeachta a chur ar bun lena bhféadfaimis leibhéal feabhais seirbhíse níos fearr a bhaint amach. Bhuaileamar le 30 aerlíne custaiméara ar fud na hEorpa, Mheiriceá Thuaidh agus an Mheánoirthir in 2019. Ag deireadh na bliana, d'fhostaíomar seirbhís sainchomhairleoireachta idirnáisiúnta neamhspleách chun suirbhé a dhéanamh ar leibhéal sásaimh ár gcustaiméirí. Léiríodh rátáil sásaimh fhoriomlán 90.2% mar thoradh air sin.

### An Teicneolaíocht

Tá teicneolaíocht éifeachtach ina bonn taca le córas bainistíochta aerthráchta atá sábháilte agus éifeachtúil a sholáthar. Rinneamar, ag an IAA, iarracht chomhsheasmhach chun an leas is fearr is féidir a bhaint as an teicneolaíocht chun feabhas a chur ar ár seirbhís aerthráchta agus táirgiúlacht ár mball foirne araon. Ba bhliain ghnóthach a bhí ann arís in 2019 maidir le tionscadail chaipitiúla a chur i gcrích agus táimid ag súil le hinfheistíocht chaipitiúil shuntasach bhreise sna blianta beaga amach romhainn.

Ainmníodh an IAA, agus seirbhísí bainistíochta aerthráchta á gcur ar áil aige, mar Oibreoir Seirbhíse Riachtanaí. Ciallaíonn sé sin nach mór dúinn cloí leis an gcreat caighdeánach domhanda um shlándáil líonra agus faisnéise. Dá bhrí sin, cuireadh feidhm nua cibearshlándála ar bun maidir le bainistiú aerthráchta le linn na bliana agus é mar aidhm léi córais an IAA a chosaint ó theagmhais a bhaineann le cibearshlándáil.

### *An Túr Rialaithe Amhairc Nua ag Aerfort Bhaile Átha Cliath*

I Márta 2019, cuireadh an túr rialaithe amhairc nua ag Aerfort Bhaile Átha Cliath i gcrích in am, de réir na sonraíochtaí agus an bhuiséid. Tá gá leis an túr nua sin chun oibríochtaí rúidbhealaigh comhuaineacha a éascú ag Aerfort Bhaile Átha Cliath. Táthar ag súil go mbeidh sé réidh le haghaidh oibríochtaí rúidbhealaigh reatha faoi dheireadh 2020 agus le haghaidh oibríochtaí rúidbhealaigh comhuaineacha in 2021. Tá an obair faoi lánseol anois chun na córais agus an trealamh bainistithe aerthráchta lena mbaineann a shuiteáil, a choimisiúnú agus a thástáil, agus tá sé beartaithe tús a chur le trialacha oibríochtúla i mí Aibreán 2020. Tá obair ar bun ar ghlúin nua de nósanna imeachta rialaithe aerthráchta, athdhearadh aerspáis agus oiliúint, i measc roinnt riachtanas casta eile. Tá oiliúint á cur ar rialtóirí nua faoi oiliúint chun an riachtanas foirne a chomhlíonadh le haghaidh túir nua lena n-oibreofar oibríochtaí rúidbhealaigh comhuaineacha.

### *Bealaí an Chúinne Thoir Theas*

I rith na bliana, chuir an IAA na blianta de chomhordú idirnáisiúnta agus comhar le ICAO, NATS agus soláthraí seirbhíse aerloingseoireachta na Spáinne ENAIRE i gcrích chun seirbhís aerthráchta atá sábháilte agus éagsúil a áirithiú san aerspás amach ó chósta na hÉireann ar a dtugtar an Cúinne Thoir Theas. Rinne an IAA láithreán nua An-Ardmhinicíochta a shuiteáil i dTuaisceart na Spáinne agus bhí sé páirteach in oiliúint chuimsitheach do rialtóirí aerthráchta agus oifigigh raidió chun a chinntiú go gcoinneofar na bealaí aigéanacha is tíosaí ar fail d'oibreoirí aerlíne agus go gcoinneofar solúbthacht líonra don Bhainisteoir Líonra Eorpach i gcás stailceanna saothair Eorpacha.

### *Saoráid Radair Nua*

Rinne an IAA radar tánaisteach a choimisiúnú ag láithreán in aice le hAerfort Bhaile Átha Cliath i mí Aibreáin 2019. Beidh bonneagar faireachais Aerfort Bhaile Átha Cliath níos athléimní de thoradh ar an radar seo.

### *COOPANS*

Tá an IAA páirteach i gcuibhreannas ina bhfuil sé sholáthraí seirbhíse aerloingseoireachta – Naviair (an Danmhairg), LFV (an tSualainn), AustroControl (an Ostair), Croatia Control (an Chróit) agus NAV Portugal (an Phortaingéil) - ar a dtugtar COOPANS. Aithnítear córas bainistíochta aerthráchta COOPANS mar chóras den chéad scoth lena gcomhlíontar fís an Choimisiúin Eorpaigh maidir le comhar teicniúil agus idir-inoibritheacht. Rinneadh roinnt leaganacha de bhogearraí a chur i bhfeidhm i rith 2019 d'fhonn cur le réimsí sábháilteachta, athléimneachta agus éifeachtúlachta. Chuir na sé chomhalta uile na leaganacha bogearraí céanna i bhfeidhm. Rinneadh athsholáthar mór ar na crua-earraí uile lenar bhain chomh maith i rith na bliana ar bhealach éasca, lenar cruthaíodh athléimneacht níos fearr sa chóras.

### *Cinnteoireacht Chomhoibritheach Aerfoirt (A-CDM)*

Is tionscnamh uile-Eorpach é A-CDM ina ndírítear ar agaí slánúcháin aerárthaí agus ar phróisis seicheamhaithe réamh-imeachta chun sreabhadh aerthráchta agus éifeachtúlacht oibriúcháin na n-oibreoirí aerfoirt uile a fheabhsú trí mhoilleanna a laghdú agus intuarthacht teagmhas a mhéadú. Tairgtear comhroinnt faisnéise fíor-ama níos fearr leis, idir oibreoirí aerfoirt, oibreoirí aerárthaí, láimhseálaithe talún agus rialtóirí aerthráchta, agus ar an gcaoi sin, mhéadófaí an acmhainn ag aerfoirt agus chuirfí feabhas ar éifeachtúlacht an líonra aerthráchta.

### *Uasghrádú an Ionaid Fhíorúil Aigéanaigh*

Oibríonn an IAA ionad cumarsáide fíorúil Ardmhinicíochta ar an Atlantach Thuaidh lenár gcomhpháirtithe ISAVIA (an Íoslainn). I rith 2019, rinneadh uasghrádú rathúil ar an gcóras cumarsáide ardmhinicíochta agus cuireann sé feidhmiúlacht feabhsaithe bhreise ar fáil d'oifigigh raidió a dhéanann cumarsáid san Atlantach Thuaidh a bhainistiú.

### Nuálaíocht

*Aireon ALERT*

Sheol an IAA an tseirbhís Aireon ALERT (Córas um Rianú Práinnfhreagartha agus Aerárthaigh a Aimsiú) in 2019. Cruthaíodh an tseirbhís sin de thoradh ar chomhar idir an IAA, a sholáthraíonn an tseirbhís sin, agus Aireon, a sholáthraíonn na sonraí. Is é Aireon ALERT an t-aon tseirbhís aimsithe aerárthaigh práinnfhreagartha atá saor in aisce agus a oibríonn ar fud an domhain sa tionscal eitlíochta, lena dtugtar rochtain, ar iarratas, d'eagraíochtaí rialaithe aerthráchta, oibreoirí aerárthaí tráchtála, rialtóirí, imscrúdaitheoirí timpiste agus eagraíochtaí cuardaigh agus tarrthála, ar shonraí beachta faoi shuíomh aerárthaigh i nguais nó i gcás éigeandála in áit ar bith ar domhan. I mí na Nollag, fógraíodh gur bhuaigh an tseirbhís Aireon ALERT an chatagóir 'Soláthar Seirbhíse' sna Dámhachtainí Bainistíochta Aerthráchta domhanda, ar dámhachtainí mór le rá iad. Cuireadh ar an ngearrliosta í le haghaidh tuilleadh dámhachtainí in 2020.

*Comhpháirtíocht na Tairsí Aigéanaí*

Is comhoibriú idir an IAA agus na Seirbhísí Aerthráchta Náisiúnta (NATS) san RA atá i g Comhpháirtíocht na Tairsí Aigéanaí (OGP) lena ndéantar iarracht coincheap oibriúcháin agus gnó níos comhtháite a chur ar bun d'aerspás an Atlantaigh Thuaidh. Tá sé beartaithe, tar éis chur i gcrích rathúil na hoibre arna comhaontú idir an IAA agus NATS, maidir le saincheisteanna oibriúcháin, teicneolaíochta, tráchtála agus dlí, go n-oibreodh an dá chuideachta le chéile chun comhréiteach teicneolaíochta agus oibríochta a fhorbairt agus a chur chun feidhme i réigiún Shanwick, lena gcuirfear seirbhísí cumarsáide agus rialaithe aerthráchta ar fáil laistigh d'aerspás Shanwick/an Atlantaigh Thuaidh. Tar éis dóibh na hacmhainní teicneolaíochta agus oibríochta sin a fhorbairt, déanfaidh NATS agus an IAA seirbhísí cumarsáide agus rialaithe aerthráchta a leithdháileadh go forásach agus de réir a chéile idir ionaid an IAA agus NATS, agus leas á bhaint acu as coincheap "Oibríocht Amháin - Dhá Ionad" maidir le trácht aigéanach.

## Athbhreithniú Airgeadais

Tháinig méadú ar bhrabús oibriúcháin an Ghrúpa, ó €31.6 milliún in 2018 go dtí €31.9 milliún in 2019. Tháinig laghdú beag 0.9% ar an láimhdeachas go dtí €197.2 milliún. Tháinig laghdú 1.2% ar na costais oibriúcháin áfach, arb ionann iad agus €165.3 milliún agus baineadh amach corrlach oibriúcháin níos fearr ag 16.2% in 2019 mar thoradh, i gcomparáid le 15.9% in 2018. Tháinig laghdú 11.2%, go dtí €27.8 milliún, ar an mbrabús don bhliain airgeadais mar gheall ar thionchar, i gcuntais na mblianta roimhe sin, gnóthachain luacha chóir ar shócmhainní airgeadais.

*Láimhdeachas*


B'ionann an láimhdeachas iomlán agus €197.2 milliún, idir 88% ó sheirbhísí bainistithe aerthráchta agus 12% ó tháillí rialála sábháilteachta. B'ionann an t-ioncam a rialaíodh faoi Scéim Feidhmíochta an Aerspáis Eorpaigh Aonair agus 76% den ioncam iomlán.

Is iad seo a leanas na buaicphointí airgeadais tábhachtacha le haghaidh 2019 agus 2018:

| | **2019 '000** | 2018 '000 |
|---|---|---|
| **Gníomhaíocht tráchta** | | |
| Aonaid seirbhíse faoi bhealach | **4,641** *+2.0%* | 4,550 *+1.9%* |
| Aonaid seirbhíse críochfoirt | **188** *+2.8%* | 183 *+6.4%* |
| Eitiltí le cumarsáid san Atlantach Thuaidh ar eisíodh billí ina leith | **505** *+1.3%* | 499 *+0.9%* |

| **Brabúsacht agus Clár Comhardaithe** | **2019 €'m** | 2018 €'m |
|---|---|---|
| Láimhdeachas | **197.2** | 198.9 |
| Brabús oibriúcháin | **31.9** | 31.6 |
| Corrlach oibriúcháin | **16.2%** | 15.9% |
| Brabús roimh cháin | **32.9** | 37.8 |
| Brabús i ndiaidh cánach | **27.8** | 31.3 |
| Díbhinn a íocadh | **19.5** | 19.5 |
| Cistí na scairshealbhóirí | **215.6** | 236.4 |

**Láimhdeachas de réir na gníomhaíochta 2019**



## Athbhreithniú Oibríochta - athbhreithniú airgeadais (ar lean)

- Is ionann an t-ioncam ó eitiltí **faoi bhealach** dar luach €121.0 milliún agus 61% den láimhdeachais iomlán, agus is féidir é sin a chur i leith seirbhísí aerthráchta arna soláthar d'eitiltí a eitlíonn thar 451,000 ciliméadar cearnach d'aerspás faoi rialú na hÉireann ach nach dtuirlingíonn in Éirinn de ghnáth.
- Is ionann an t-ioncam **críochfoirt** dar luach €24.3 milliún agus 12% den láimhdeachas iomlán agus is féidir é a chur i leith aerárthaí a thuirlingíonn ag na haerfoirt Stáit agus a imíonn uathu - Aerfort Chorcaí, Aerfort Bhaile Átha Cliath agus Aerfort na Sionainne. Tagann 85% den ioncam críochfoirt ó Aerfort Bhaile Átha Cliath.
- Cuirtear seirbhís **cumarsáide gutha Ardmhinicíochta** ar fáil d'eitiltí a théann thar an Atlantach Thuaidh. Tháinig méadú 1.3% ar líon na n-eitiltí ar eisíodh billí ina leith in 2019, go dtí breis agus 505,000 agus fuarthas ioncam €22.7 milliún uathu sin. Ba é an 28 Meitheamh an lá ba ghnóthaí den bhliain, ar a ndearnadh 1,778 eitilt a bhainistiú.
- Tháinig méadú 4.7%, go dtí €22.9 milliún, ar ioncam ó **rialú sábháilteachta** agus áirítear leis sin an t-ioncam ó chlárú aerárthaí agus deimhnithe aerfhiúntais a eisiúint, oibreoirí a fhaomhadh, ceadúnú agus bailíochtú. Is ionann an fhoinse ioncaim sin agus 12 % den láimhdeachas iomlán. Gearrtar táillí i gcomhréir leis an Ordú um Údarás Eitlíochta na hÉireann (Táillí) 2015, a tháinig i bhfeidhm an 1 Eanáir 2016.
- Tháinig an t-ioncam **tráchtála agus ioncam eile** de €5.1 mhilliún ó sheirbhísí oiliúna go príomha a soláthraíodh, ar neamhthuilleamaí, do Entry Point North Ireland DAC.

### *Costais Oibriúcháin*

Is ionann costais oibriúcháin an Ghrúpa, dar luach €165.3 mhilliún, agus laghdú €2.0 mhilliún nó 1.2%, ar mhéid na bliana roimhe sin. Tá na costais mar chéatadán de láimhdeachas ag 84% ag teacht leis an mbliain roimhe sin.

### *Ús*

Tháinig laghdú €5.6 mhilliún nó 29.6% ar an ús infhaighte agus ioncam comhchosúil. Tharla sé sin toisc go ndearnadh athluacháil ar luach cóir ár n-infheistíochta in Aireon in 2018.

### *Cánachas*

Is ionann táille cánachais an Ghrúpa, dar luach €5.1 mhilliún, agus ráta cánachais éifeachtach de 15.4%. Cuirtear é sin i gcomparáid le 17.2% in 2018.

### *Clár Comhardaithe*

Tháinig laghdú €20.7 milliún, go dtí €215.6 milliún, ar glansócmhainní an Ghrúpa. Tharla sé sin, go príomha, mar gheall ar mhéadú sa dliteanas pinsin sochair shainmhínithe, a mhéadaigh faoi €31.4 milliún, glan ó chánacha. Tháinig méadú €53.3 milliún, go dtí €588.2 milliún, ar luach cóir shócmhainní an chiste pinsin ach tháinig méadú €89.1 milliún ar dhliteanais phinsin go príomha toisc go ndearnadh an ráta lascaine a laghdú faoi 2.2% in 2018 go dtí 1.4% in 2019. Rinne an chuideachta agus na hiontaobhaithe pinsin téarmaí togra maoinithe nua don tréimhse 2019 go dtí 2024 a chomhaontú i rith na bliana. Cuireadh an togra sin faoi bhráid an Údaráis Pinsean i mí na Nollag lena bhreathnú agus lena fhaomhadh.

### *Sreabhadh Airgid, Caiteachas Caipitil agus Díbhinní*

Ghin an Grúpa glanairgead tirim dar luach €56.6 milliún ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin, sin méadú €52.5 milliún ar fhigiúr 2018.

Rinneadh €24.2 mhilliún a infheistiú i sócmhainní seasta inláimhsithe i rith na bliana. B'ionann an caiteachas ar an túr rialaithe amhairc nua ag Aerfort Bhaile Átha Cliath agus €10.7 milliún den chaiteachas iomlán agus caitheadh €2.9 milliún ar na huasghráduithe crua-earraí agus bogearraí don chóras bainistíochta aerthráchta.

In 2019, d'íoc an chuideachta díbhinn €7.5 milliún leis an scairshealbhóir, a bhí comhionann le 30% dá brabús iarchánach a tuilleadh in 2018. Íocadh díbhinn speisialta €12.0 mhilliún, a comhaontaíodh leis an scairshealbhóir, chomh maith, a chiallaigh go raibh €19.5 milliún sa díbhinn iomlán a íocadh agus gurb ionann cóimheas na híocaíochta díbhinne agus 78%. Íocadh díbhinn ar leibhéal comhchosúil leis an scairshealbhóir in 2018. Ó dheireadh na bliana i leith, rinne an Bord íocaíocht díbhinne €7.8 milliún leis an scairshealbhóir a fhaomhadh.

## Acmhainní Daonna

Tá sé ina phríomhchuspóir straitéiseach don chuideachta gairmeacha beatha laistigh den IAA a chur chun cinn. I gcomhar le hionadaithe na bhfostaithe, leis an lucht bainistíochta agus le grúpa ionadaíoch de ghairmithe an IAA, lena n-áirítear rialtóirí aerthráchta agus innealtóirí, thugamar cuairt ar scoileanna agus ollscoileanna agus d'fhreastalaíomar ar roinnt aontaí post in 2019 chun gairmeacha leis an IAA a chur chun cinn. Faigheann an IAA líon mór iarratas i gcónaí ar ár róil a mbíonn tóir mhór orthu. In 2019, cuireadh 182 iarrthóir faoi agallamh le haghaidh post (65% fireann agus 35 % baineann). Ar leith air sin, chláraigh breis agus míle iarratasóir go raibh spéis acu páirt a ghlacadh inár gclár do rialtóirí aerthráchta faoi oiliúint, agus cuireadh tús le rang amháin ann in 2019.

Cé gur údar mór misnigh é an t-ardleibhéal spéise a léiríodh i ngairmeacha inár n-eagraíocht agus go bhfuil an-áthas orainn faoi, tá i bhfad níos mó fir ná mná ina bhfostaithe againn fós. Maidir leis sin, tá an Chuideachta ag tabhairt faoi thionscnaimh ar fud an tionscail chun líon na mban atá rannpháirteach sa tionscal eitlíochta a mhéadú. Beidh sé sin fós ina thosaíocht in 2020.

D'fhan cúrsaí caidrimh thionsclaíoch cobhsaí in 2019 agus lean an lucht bainistíochta agus ár bpainéal ceardchumann foirne de thacú go

hiomlán leis an mbonneagar lena dtacaítear le réiteach coinbhleachta ina mbíonn an Bord um Réiteach Díospóidí Inmheánacha páirteach.

Tugadh tosaíocht do bhainistiú pinsean in 2019 agus comhaontaíodh Togra Maoiniúcháin nua leis an bpainéal foirne chun easnamh maoiniúcháin a réiteach inár bpríomhphlean pinsin a eascraíonn as an ngá le Cúlchiste don Riosca um an Caighdeán Maoiniúcháin. Tacaítear le dhá scéim pinsin le sochar sainithe sa phlean pinsin, ar dúnadh iad d'iarratasóirí nua ón 31 Nollaig 2011 i leith. Meastar go mairfidh an Togra Maoiniúcháin go dtí an 31 Nollaig 2024, faoi réir fhaomhadh an Údaráis Phinsean. Téann aon fhostaithe nua san IAA, le héifeacht ón 1 Eanáir 2012, isteach i bplean pinsean hibrideach ina bhfuil socrú maidir le sochar sainmhínithe agus ranníocaíocht shainmhínithe araon.

Tá ár bhfoireann uile tiomanta agus geallta do sheirbhísí riachtanacha a sholáthar i dtimpeallacht ina dtugtar tús áite d'obair bhuíne agus iontaoibh. Tugtar tacaíocht dár bhfoireann le tionscnaimh fhorásacha um fholláine na bhfostaithe arna gcur ar fáil trí mheascán de ranganna teagaisc ar an láithreán, nuashonruithe tréimhsiúla agus seimineáir ghréasáin. Ba é an IAA an chéad chuideachta tráchtála leath-Stáit ar dámhadh marc creidiúnaithe KeepWell IBEC uirthi, dár gcur chuige forásach maidir le folláine fostaithe.

Tá aitheantas don fhoireann tábhachtach dúinn go léir san IAA agus in 2019 tugadh an dámhachtain d'ionchur suntasach dár gcomhghleacaithe a bhí páirteach in Aireon ALERT, ár seirbhís aimsithe aerárthaigh dhomhanda nuálach. Ba iad Paul O'Shea, Bainisteoir Faire, Paula Quinn, Bainisteoir Faire agus Charlie O'Loughlin, Bainisteoir ar chórais faireachais, mheicniúla agus leictreacha a bhí ar an bhfoireann bhuaiteach.

# Feidhmíocht Gníomhaithe ar son na hAeráide

Táimid tiomanta san IAA dár gcuid féin a dhéanamh chun tionchar na heitlíochta ar an gcomhshaol a laghdú agus chun clár oibre inbhuanaithe a chur chun cinn.

### *Spriocanna Comhshaoil*

Táimid inár soláthraí seirbhíse aerloingseoireachta Eorpach ar thús cadhnaíochta i gcónaí ó thaobh feidhmíocht comhshaoil de.

- Sháraíomar ár spriocanna éifeachtúlachta eitiltí i ngach ceann de na cúig bliana i dtréimhse rialála an Aerspáis Aonair ó 2015 go dtí 2019 agus tá rún daingean againn ár spriocanna comhshaoil uaillmhianacha a bhaint amach agus a shárú thar na cúig bliana seo amach romhainn, 2020 go dtí 2024
- Le deich mbliana anuas, chuireamar roinnt bearta bainistíochta aerthráchta chun feidhme lena n-áirítear Aerspás Saorbhealaigh (FRA), Cumasc Pointe (PM) agus Oibríochtaí Rúidbhealaigh Ardmhinicíochta (HIRO)
- Leanaimid de dhíriú ar thionscnaimh chun feidhmíocht comhshaoil a fheabhsú lena n-éascaítear d'aerárthaí eitilt ar feadh tréimhse níos faide ar an leibhéal eitilte agus an luas optamach, lena gcumasaítear bealaí níos dírí agus lena n-éascaítear oibríochtaí ardaithe agus tuirlingthe níos leanúnaí; laghdaítear an méid breosla a dhóitear agus astaíochtaí $CO_2$ leis na bearta sin go léir
- I measc na dtionscnamh le déanaí áirítear cur chun feidhme scaradh nós imeachta feabhsaithe le hardscaradh (ASEPS) ar bhonn trialach thar an Atlantach Thuaidh, mar aon le XMAN (Bainistiú Eitiltí Isteach Trasteorann) lena ndéantar an sreabhadh tráchta isteach in Aerfort Heathrow agus in Aerfort Gatwick a shruthlíniú, i gcomhar le NATS san RA
- Trí FRA trasteorann a thabhairt isteach feabhsófar éifeachtúlacht na n-eitiltí a thuilleadh agus tá dul chun cinn á dhéanamh leis na soláthraithe seirbhíse in aice linn trínár gcomhoibriú sa Chomhaontas Borealis
- Tríd an rúidbhealach comhuaineach a thabhairt isteach ag Aerfort Bhaile Átha Cliath in 2021, déanfar moilleanna agus astaíochtaí a dhéanann dochar don chomhshaol a laghdú go suntasach.

### *Éifeachtúlacht Fuinnimh*

Mar chomhlacht poiblí, tá sé de dhualgas ar an IAA (mar a shainítear in IR 426 de 2014) feabhas éifeachtúlachta fuinnimh 33% a bhaint amach faoi dheireadh 2020. Léirítear an méid fuinnimh a d'úsáideamar in 2018 sna torthaí is déanaí don IAA a d'fhoilsigh Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann, agus léirítear gur baineadh amach coigilteas 37.6% in éifeachtúlacht fuinnimh le tionscadail an IAA um éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú - atá chun tosaigh ar sprioc 2020 atá socraithe ag 33%.

I measc na dtionscadal feabhsaithe fuinnimh is déanaí a chuir an IAA i gcrích tá:

- Caidéil mhearthiomána athraitheacha ardéifeachtúla a athsholáthar
- Uasghráduithe soilsithe LED
- Uasghráduithe ar insliú i gcreatlach foirgnimh
- Suiteálacha córais téimh agus fuaraithe ísealfhuinnimh
- Clár athsholáthair coire.

Tá tuilleadh faisnéise faoi fheidhmíocht an IAA i gcomparáid le spriocanna Fuinnimh na hEarnála Poiblí le fáil ag https://psmr.seai.ie/public

Athbhreithniú Oibríochta - feidhmíocht gníomhaithe ar son na hAeráide (ar lean)

*Plean Bainistíochta Inbhuanaitheachta*

Tá Plean Bainistíochta Inbhuanaitheachta 5 bliana maidir le gníomhú ar son na haeráide á fhorbairt ag an IAA, arna shainordú ag an Rialtas faoi Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2019. De réir an phlean sin, ní mór éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú faoi 50% agus $CO_2$ a laghdú faoi 33% faoi 2030.

Thar na 5 bliana seo amach romhainn, tá sé beartaithe ag an IAA tuilleadh innealra agus trealamh foirgníochta a athsholáthar le cinn atá níos tíosaí ar fhuinneamh, úsáid breosla iontaise a laghdú, feidhmiú creatlacha foirgnimh a fheabhsú, ár bhflít feithiclí a athrú go feithiclí leictreacha agus leictreachas in-athnuaite a aimsiú.

Rinneamar straitéisí a fhorbairt chomh maith chun an méid dramhaíola a ghinimid a laghdú faoi 50% faoi 2025. Déanfar measúnú éiceolaíoch ar láithreáin an IAA chun bithéagsúlacht a fheabhsú trí thionscadail mhórscála agus mheánscála.

Táimid tiomanta do chumarsáid mhaith lenár bhfoireann agus ár bpáirtithe leasmhara, iad a chur ar an eolas faoi inbhuanaitheacht agus feasacht a ardú ina leith.

# Freagracht Shóisialta Chorparáideach

I 2019, chuir muid stráitéis nua do fhreagracht shóisialta chorparáideach i gcrích agus i bhfeidhm.

*Comhpháirtí Carthanais*

Roghnaigh an IAA Oispidéal Shráid Temple mar a chomhpháirtí carthanais do 2019 ag bailiú €39,017 tríd mheascán de urraíocht dhíreach agus flaithiúlacht ár bhfoirne féin. Reachtáladh cúpla ócáid tiomsaithe airgid le linn na bliana lena n-áirítear an Great Irish Bake, an Bál Ceiliúrtha Eitlíochta, Bob nó Bia agus Mionmharatón na mBan. D'óstáil an IAA cóisir Nollag i dtúr rialúcháin nua Aerfoirt Bhaile Átha Cliath do pháistí tinne ó Oispidéal Shráid Temple ("Saintí sa Túr"), ócáid i leith a bhí anseo sula dtosóidh an taonad ag feidhmiú an bhliain seo chugainn. Tá muid an-mhuiníneach gur seo an ócáid is "airde" le Saintí a reachtáladh riamh in Éirinn.

*Scoláireachtaí agus Léann Eitlíochta*

Bhronn an IAA scoláireacht €5,000 ar bheirt mhac léinn eitlíochta ó DCU lena dtáillí coláiste a íoc, i gcuimhne ar iar-chomhálta boird, Geoffrey O'Byrne-White. Tá an clár scoláireachta forbartha ag an IAA mar pháirt de thiomantas leanúnach an IAA do thacaíocht agus do chur chun cinn a dhéanamh ar fhás agus ar thuilleadh forbartha ar eitlíocht in Éirinn.

Is tacaí do Chlár Rochtanna DCU an IAA chomh maith, ag cur maoinithe ar fáil don chlár a thacaíonn le soláthar oideachais tríú leibhéil do mhic léinn ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste.

Le linn na bliana, sheol an IAA clár scoileanna do dháltaí idirbhliana ag ár mbunáiteanna i mBaile Uí Chathasaigh agus ag Túr Shionainne, a thug léargas ginearálta dóibh ar rialú aerthráchta agus oibríochtaí innealtóireachta. D'éirigh thar barr leis agus tá pleananna déanta le clár a dhéanmh de ar fud na heagaríochta.

*Tionscnamh Eitlíochta*

Leanann an IAA ag infheistiú i dtionscadal eitlíochta na hÉireann tríd chlár Lián Sionainne. Tá Lián Sionainne deartha le cuidiú le forbairt cuideachtaí óga sna tionscail eitlíochta, aeraspáis agus teic-thaistil. Tá €2 milliúin curtha ar fáil ag Lián Sionainne ó 2018 do chuideachtaí óga le rochtain ar chomhairle agus cúnamh ó shaineolaithe san earnáil eitlíochta. Is ceann de mhaoinitheoirí Lián Sionainne an IAA.

*Oíche Chultúir*

Bhí an IAA an-sásta Oíche Chultúir a óstáil ag túr rialúcháin Bhaile Átha Cliath i mí Mheán Fómhair. Cuireadh fáilte roimh chuairteoirí ar thuras a thabhairt ar an túr ina raibh taispeántas ealaíne leis an teideal 'Gan Aon Ní le hAdmháil?", curtha le chéile ag mic léinn agus céimithe Institiúid Ealaíona, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire. Ba ócáid ar leith a bhí ann don IAA, do phobal agus do na healaíontóirí taispeántacha.

# Stiúrthóirí agus faisnéis eile

### Stiúrthóirí
An tUasal Michael McGrail
(Cathaoirleach)
An tUasal Peter Kearney
(Príomhfheidhmeannach)
An tUasal Cian Blackwell
Marie Bradley, Uasal
An tUasal Ernie Donnelly
An tUasal Gerry Lumsden
Joan McGrath, Uasal
Eimer O'Rourke, Uasal

### Rúnaí
Aideen Gahan, Uasal

### Oifig chláraithe
Foirgneamh Times
11-12 Sráid D'Olier
Baile Átha Cliath 2
Teil: +353-1-671 8655
Facs: +353-1-679 2934
Suíomh gréasáin: www.iaa.ie

### Iniúchóir
Deloitte Ireland LLP
Cuntasóirí Cairte agus Gnólacht
Iniúchóireachta Reachtúil
Teach Deloitte agus Touche
29 Ardán Phort an Iarla
Baile Átha Cliath 2

### Baincéirí
Bainc-Aontas Éireann cpt
40/41 Sráid Westmoreland
Baile Átha Cliath 2

### Uimhir chláraithe
211082

### An Bhainistíocht Shinsearach
Peter Kearney
*Príomhfheidhmeannach*

Paul Brandon
*Ceannasaí Gnóthaí Corparáideacha*

Anthony Eiffe
*Iniúchadh Inmheánach*

Aideen Gahan
*Rúnaí na Cuideachta*

Billy Hann
*Stiúrthóir Oibriúcháin agus Straitéis um Bainistíocht Aerthráchta*

Maeve Hogan
*Stiúrthóir Airgeadais*

Brendan Mulligan
*Stiúrthóir Acmhainní Daonna*

Maurice O'Connor
*Stiúrthóir Gníomhach um Rialú Sábháilteachta agus Slándála*

# Tuarascáil na Stiúrthóirí agus Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite


| | |
|---|---|
| **23** | Tuarascáil na Stiúrthóirí |
| **30** | Ráiteas ar fhreagrachtaí na stiúrthóirí maidir le tuarascáil na stiúrthóirí agus na ráitis airgeadais |
| **31** | Tuarascáil an iniúchóra neamhspleách do chomhaltaí Údarás Eitlíochta na hÉireann |
| **34** | Cuntas comhdhlúite brabúis agus caillteanais |
| **35** | Ráiteas comhdhlúite ar ioncam cuimsitheach eile |
| **36** | Clár comhardaithe comhdhlúite |
| **37** | Clár comhardaithe na cuideachta |
| **38** | Ráiteas comhdhlúite ar athruithe i gcothromas |
| **39** | Ráiteas na cuideachta ar athruithe i gcothromas |
| **40** | Ráiteas comhdhlúite ar shreabhadh airgid |
| **41** | Nótaí atá ina gcuid de na ráitis airgeadais |




# Tuarascáil na Stiúrthóirí

Cuireann na stiúrthóirí a dtuarascáil bhliantúil mar aon le ráitis airgeadais iniúchta chomhdhlúite agus cuideachta de chuid Údarás Eitlíochta na hÉireann ("an IAA" "an Chuideachta") agus a foghnóthas (tugtar "an Grúpa" ar an gCuideachta agus an foghnóthas le chéile) i láthair don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019.

## Príomhghníomhaíochtaí, rioscaí agus neamhchinnteachtaí, torthaí airgeadais agus díbhinní

Tá an IAA tiomanta do sheirbhísí aerloingseoireachta agus rialála atá sábháilte, éifeachtach agus éifeachtúil ó thaobh chostas de agus a chomhlíonann riachtanais a chustaiméirí a sholáthar ar bhonn tráchtála fónta. Áirítear i Ráiteas an Chathaoirligh agus in Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh an fhaisnéis a éilítear faoi Alt 327 d'Acht na gCuideachtaí 2014, i.e. Athbhreithniú ar ghnó na Cuideachta.

Tá fís an IAA, bheith ina sholathraí seirbhísí aerloingseoireachta ar thús cadhnaíochta sa domhan agus an rialtóir sábhaltacht eitlíocht shibhialta is fearr, bunaithe ar shé phríomhréimse toraidh – rialáil sábháilteachta, sábháilteacht bainistíochta aerthráchta, slándáil, sármhaitheas seirbhíse, airgeadas agus caidreamh le páirtithe leasmhara agus custaiméirí – agus brúnn na réimsí seo cuspóirí an IAA chun cinn ina obair laethúil. I measc na bpríomhrioscaí agus neamhchinnteachtaí is mó a bhféadfaidh cumas drochthionchar is suntasaí a bheith acu ar an IAA, tá:

- teip ar mhaoirseacht rialála nó rialúcháin aerthráchta a bhfuil timpiste thromchúiseach san aer nó ar an talamh mar thoradh uirthi
- spleáchas suntasach ar fheidhmíocht agus ar sheasmhacht chumarsáid, aerloingseoireachta, fhaireachais agus infreastruchtúir sonraí eitilte.
- na feidhmeanna rialála slándála agus na feidhmeanna soláthair seirbhíse a dheighilt
- drochdhálaí geilleagracha agus margaidh a chuimsíonn cinnithe beartais an AE a bhíonn tionchar acu ar ghnó an IAA agus régime rialála an AE
- tionchar COVID-19 ar an tionscal eitlíochta agus an ionchas eacnamaíochta níos leithne
- tionchar Brexit ar rialúchán sábhaltachta agus ar aerthrácht
- slándáil shocmhainní an IAA.

Déantar rioscaí agus éiginnteachtaí a mheas ar bhonn leanúnach agus tá raon straitéisí forbartha ag na stiúrthóirí chun dul i ngleic leis na rioscaí sin agus le rioscaí eile atá os comhair an IAA. Sa chuid sin den tuarascáil seo a bhaineann le rialachas corparáideach, ar leathanaigh 23-28, leagtar amach beartais agus cuir chuige an IAA i leith rioscaí, mar aon le nósanna imeachta agus freagrachtaí gaolmhara a bhaineann le rialú inmheánach.

Tá sonraí faoi thorthaí airgeadais an IAA don bhliain leagtha amach sa chuntas brabúis agus caillteanais comhdhlúite ar leathanach 34 agus sna nótaí gaolmhara. Mar a thuairiscítear ansin, bhain sé amach brabús tar éis cánach de €27.8 milliún don bhliain airgeadais *(2018: €31.3 milliún)* ar láimhdeachas €197.2 milliún *(2018: €198.9 milliún)*. Le linn na bliana, d'fhógair an IAA díbhinn deiridh €19.5 milliún *(€1.09 in aghaidh an scair)* don bhliain fhioscach 2018 *(2018: €19.5 milliún (€1.09 an scair))*. Áirítear leis seo díbhinn speisialta €12.0 milliún *(€0.67 an scair) (2018: €12.0 milliún (€0.67 an scair))*.

## Stiúrthóirí

Tá ainmneacha na stiúrthóirí reatha leagtha amach ar leathanach 21. Ach amháin sna cásanna a leagtar amach thíos, rinne gach duine acu bliain iomlán ar an mBord. Tháinig deireadh le tréimhse oifige Michael Norton ar 5 Deireadh Fómhair 2019.

## Leasanna na stiúrthóirí agus an rúnaí

Ag tús na bliana, ní raibh leasanna ar bith i scaireanna an IAA ag na stiúrthóirí ná ag an rúnaí a bhí in oifig ar an 31 Nollaig 2019 nó ar dháta a gceapachán (mas déanaí é), nó ag deireadh na bliana.

## Rialachas Corparáideach

### Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)

Tá na stiúrthóirí tiomanta do na caighdeáin is airde rialachais chorparáidigh a choinneáil. Maidir leis an mbliain ata faoi athbhreithniú, rinne an IAA, an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú arna eisiúint i mí Lúnasa 2016 a chomhlíonadh i ngach slí ábhartha. Tá bearta iomchuí curtha i bhfeidhm ag an IAA chun an Cód seo a chomhlíonadh agus déanann sé athbhreithniú leanúnach ar a bheartais agus ar a nósanna imeachta chun comhlíonadh leanúnach a chinntiú.

## An Bord

Tá an Bord freagrach as an IAA a bhainistiú i gceart. Is é a dhéanann na mórchinntí straitéiseacha agus coinníonn sé rialú iomlán agus éifeachtach. Ag an am céanna, tugann sé solúbthacht leordhóthanach don Phríomhfheidhmeannach agus dá fhoireann bhainistíochta sinsearaí chun an gnó a reáchtáil ar bhealach éifeachtúil éifeachtach laistigh de chreat láraithe tuairiscithe.

# Tuarascáil na Stiúrthóirí (ar lean)

| | Dáta ceapacháin (*nó athcheapachán) |
|---|---|
| Michael McGrail, *Cathaoirleach* | 4 Meán Fómhair 2018 |
| Peter Kearney, *Príomhfheidhmeannach* | 25 Meitheamh 2018 |
| Cian Blackwell | 4 Nollaig 2018 |
| Marie Bradley | 25 Meitheamh 2018* |
| Ernie Donnelly | 24 Deireadh Fómhair 2016* |
| Gerry Lumsden | 4 Nollaig 2018 |
| Joan McGrath | 4 Nollaig 2018 |
| Eimer O'Rourke | 4 Nollaig 2018 |

Tá ochtar stiúrthóirí ar an mBord. Is é an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt a cheapann na stiúrthóirí uile. Tá an comhdhéanaimh inscne roinnte idir 62.5% fir agus 37.5% mná. Fanann na stiúrthóirí in oifig ar feadh cibé tréimhse a shonraíonn an tAire agus an ceapachán a dhéanamh aige. Fanann siad in oifig ar feadh tréimhse nach faide ná ceithre bliana , ach amháin sa chás go ndéanfaidh an tAire iad a athcheapadh ina dhiaidh sin.

Nuair a cheaptar iad, glacann stiúrthóirí nua uile páirt i gcúrsa ionduchtaithe, áit a bhfaigheann iad faisnéis airgeadais agus faisnéis eile maidir leis an IAA agus faoin ról atá ag an mBord agus ag coistí an bhoird. Is éard atá i gceist leis an bpróiseas seo de ghnáth ná cruinnithe leis na príomhfheidhmeannaigh shinsearacha.

Forchoimeádann an Bord míreanna áirithe lena n-athbhreithniú, lena n-áirítear na míreanna seo a leanas: ceadú na ráiteas airgeadais bliantúla agus leathbhliantúla; buiséid; an plean corparáideach; cuntais bainistíochta; conarthaí suntasacha; caiteachas caipitil suntasach agus ceapacháin don bhainistíocht shinsearach.

## Éifeachtúlacht an Bhoird

Stiúrann an Cathaoirleach an Bord maidir lena straitéis a chinneadh agus lena chuspóirí a bhaint amach. Cinneann an cathaoirleach clár oibre an bhoird, rud a chinntíonn a éifeachtúlacht, agus éascaíonn sé rannchuidiú éifeachtach na stiúrthóirí uile. Baintear leas as scileanna, as saineolas agus as taithí sonracha an bhoird trí na tacair scileanna sin a mheaitseáil le breithniú an bhoird ar shaincheisteanna straitéiseacha agus oibriúcháin, ionas gur féidir le comhaltaí boird aonair a n-inniúlachtaí sonracha a chur ar fáil. Déantar iad a mheaitseáil freisin le ceanglais gach coiste boird agus úsáidtear iad chun cinneadh a dhéanamh maidir le ballraíocht na gcoistí sin.

Coinníonn an Cathaoirleach agus an lucht bainistíochta córas cumarsáide éifeachtaigh le scairshealbhóirí. Is róil ar leith iad ról an chathaoirligh agus ról an Phríomhfheidhmeannaigh agus tá siad leagtha amach i mbeartas atá faofa ag an mBord. Tá gach duine de na stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin neamhspleách ar an mbainistíocht. Is é cleachtas an bhoird teacht le chéile gan comhaltaí boird feidhmiúcháin ann. I rith a dtréimhse oifige, tugtar faisnéis rialta do na stiúrthóirí maidir le gach gné den ghnó. Tuairiscíonn an Príomhfheidhmeannach don Bhord, thar ceann na bainistíochta, ar mhórathruithe sa ghnó agus sa timpeallacht sheachtrach a bhfuil tionchar acu ar rioscaí suntasacha. Tugann an stiúrthóir airgeadais faisnéis airgeadais don Bhord ar bhonn míosúil, lena n-áirítear anailís ar fheidhmíocht airgeadais iarbhír i gcomparáid leis an buiséad. Scaiptear tuarascálacha agus páipéir go tráthúil ar an mBord agus ar a choistí.

Tá rochtain ag comhaltaí den bhoird ar chomhairle agus ar sheirbhísí rúnaí na cuideachta atá freagrach don bhord as a chinntiú go leantar nósanna imeachta an bhoird agus go gcloítear le rialacha agus le rialacháin is infheidhme. Tá comhairleoirí gairmiúla an IAA ar fáil chun comhairle a chur ar na stiúrthóirí de réir mar is gá. Féadfaidh stiúrthóirí aonair comhairle ghairmiúil neamhspleách a fháil, más gá, ar chostas an IAA.

D'fhaomh an Bord cód iompair don bhord agus d'fhostaithe an IAA agus tá an cód sin ar fail ar shuíomh gréasáin na Cuideachta. Tá beartas maidir le coimhlint leasa curtha i bhfeidhm ag an mBord agus déanann sé breithniú ar choimhlintí leasa iarmhír agus féideartha ar bhonn leanúnach.

Rinne an Bord athbhreithniú deireadh bliana ar a fheidhmíocht, rud a rinne an Bord a mheas i gcoinne a chuid cuspóirí straitéiseacha agus a phlean oibre bliantúil. Ní dhearna an Bord measúnú seachtrach ar a fheidhmíocht.

## Coistí Boird

Úsáideann an Bord na coistí a leanas chun cabhrú lena fhreagrachtaí a chomhlíonadh ar bhealach éifeachtach. Is iad sin:

1 An coiste iniúchóireachta agus riosca
2 An coiste airgeadais
3 An coiste acmhainní daonna agus luacha saothair
4 An coiste pleanála infheistíochta
5 An coiste maoirseachta sábhaltachta
6 An coiste athstruchtúraithe

## An coiste iniúchóireachta agus riosca

Oibríonn an coiste iniúchóireachta agus riosca faoi théarmaí tagartha foirmiúla ar a ndearnadh athbhreithniú le linn na bliana. Bhí ceithre chruinniú ag an gcoiste i rith 2019 *(2018 - ceithre chruinniú)* agus

bhí Marie Bradley ina cathaoirleach ar gach ceann acu. I measc chomhaltaí an choiste, tá Cian Blackwell agus Eimear O'Rourke. Tá comhalta seachtrach neamhspleách amháin a bhfuil conradh seirbhíse aige ar an gcoiste.

De ghnáth, freastalaíonn an stiúrthóir airgeadais, ceann na hiniúchóireachta inmheánaí agus ionadaithe ó na réimsí seo a leanas, trí chuireadh de réir mar is gá: oibríochtaí, acmhainní daonna, teicneolaíocht faisnéise, árachas, sláinte agus sábháilteachta, dlí agus comhlíonadh. Tuairiscíonn an t-iniúchóir inmheánach go díreach don choiste iniúchóireachta agus riosca.

Féadfaidh an coiste athbhreithniú a dhéanamh ar aon ábhar eile a bhaineann le gnóthaí an IAA, seachas ábhair shábháilteachta agus shlándála a fhorchoimeádtar don bhord. Déanann sé athbhreithniú ar na ráitis airgeadais bhliantúla, ar thuarascálacha an iniúchóra inmheánaigh, ar na beartais chuntasaíochta, ar athruithe beartaithe ar bheartais chuntasaíochta, ar chomhlíonadh na gcaighdeán cuntasaíochta, ar na himpleachtaí cuntasaíochta a bhaineann le hidirbhearta móra agus ar cheapadh agus ar tháillí an iniúchóra sheachtraigh. Déanann sé athbhreithniú ar straitéis bhainistíochta riosca agus ar phróisis rialaithe an IAA agus déanann sé breithniú ar na nithe seo a leanas:

- acmhainní agus comhordú na ndaoine sin a bhfuil baint acu le sainaithint, le measúnú agus le bainistiú a dhéanamh ar na rioscaí suntasacha atá roimh an IAA
- an chaoi a dhéileáiltear leis na rioscaí suntasacha arna sainaithint ag an mbainistíocht agus ag daoine eile
- an mhonatóireacht a dhéantar ar na tuarascálacha na bainistíochta
- timpeallacht rialaithe atá dírithe ar rioscaí a bhainistiú i gceart a choinneáil ar bun
- nósanna imeachta tuairiscithe bliantúla.

Buaileann an t-iniúchóir seachtrach leis an gcoiste chun iniúchadh bliantúil an Ghrúpa a phleanáil agus chun athbhreithniú a dheanamh ar na torthaí nuair a bheidh an t-iniúchadh curtha i gcrích. Tá nósanna imeachta i bhfeidhm a chinntíonn caidreamh cuí leis an iniúchóir seachtrach. Le linn na bliana, bhuail an coiste go príobháideach leis an iniúchóir seachtrach, gan an bhainistíocht a bheith i láthair. Déanann an coiste iniúchóireachta agus riosca breithniú ar neamhspleáchas na n-iniúchóirí seachtracha ar bhonn bliantúil agus tá beartas glactha aige a rialaíonn na seirbhísí neamhiniúchta arna gcur ar fáil ag an iniúchóir seachtrach. Leis an mbeartas seo, déantar breithniú ar chineál agus ar raon na seirbhísí a chuirtear ar fáil agus ar na táillí a thuilltear le haghaidh oibre iniúchóireachta agus neamhiniúchóireachta. Tá na táillí seo leagtha amach i nóta 6 de na ráitis airgeadais. Níor tháinig aon saincheist chun cinn i rith na bliana.

Le linn na bliana, rinne an coiste iniúchóireachta agus riosca meastóireacht féinmheasúnaithe ar a fheidhmíocht féin. Tuairiscíonn an coiste don bhord ar bhonn bliantúil agus ar bhonn ráithiúil, nó níos minice nuair a bhíonn gá leis sin.

Le linn 2019, rinne an coiste iniúchóireachta agus riosca na nithe seo a leanas:

- athbhreithniú ar dhréachtráitis airgeadais 2018 sula cuireadh faoi bhráid an Bhoird iad lena gceadú
- macnamh a dhéanamh ar thuarascáil ón iniúchóir seachtrach ar a iniúchadh ar na ráitis airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018
- monatóireacht a dhéanmah ar tháillí iniúchóireachta agus táillí neamh-iniúchóireachta atá iníoctha leis an iniúchóir seachtrach
- athbhreithniú ar an clár riosca corparáideach 2019-2020 lena n-áirítear na príomhrioscaí don ghnó agus breithniú ar leordhóthanacht an chórais um aithint agus bainistiú riosca agus é a mholadh don Bhord
- athbhreithniú ar éifeachtúlacht na rialuithe airgeadais, oibríochta agus comhlíonta agus próisis bhainistíochta riosca
- athbhreithniú ar an obair ar thug an Roinn Iniúchta Inmheánach faoi le linn na bliana agus d'aontaigh plean iniúchóireachta inmheánaigh don bhliain 2020
- measúnú éifeachtúlacht an iniúchta inmheánaigh
- athbhreithniú ar agus comhaontú plean iniúchta seachtraigh do 2019 lena n-áirítear raon feidhme an iniúchta
- athbhreithniú ar chuntais bhainistíochta míosúla
- fuaireadh agus macnamh déantna faoi léirithe ag an bhainistíocht faoi bhainistiú tionscadal agus rialú infheistíocht an Ghrúpa i Aireon, cibearshlándáil, athshlánú ó thubaiste agus prótacail pleanáil teagmhasach
- athbhreithniú ar an bheartas agus an phróiseas atá i bhfeidhm maidir le ráiteas comhlíonta na stiúrthóirí
- athbhreithniú ar chomhlíonadh le Cód Cleachtais 2016 chun Comhlachtaí Stáit a Rialú
- athbhreithniú ar théarmaí tagartha an choiste féin.

Tháinig Téarma KPMG mar iniúchóirí chun deiridh le linn na bliana agus tugadh faoi próiseas tairisceanna le hiniúchóirí IAA roghnú do 2019 agus ar aghaidh. Bhí Cathaoirleach an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca agus an ball neamspléach seachtrach mar pháirt den choiste meastóireachta a mhol don Bhord Deloitte Ireland LLP a cheapadh mar iniúchóir seachtrach ar feadh suas go cúig bliana.

## An coiste airgeadais

Oibríonn an coiste airgeadais faoi théarmaí tagartha foirmiúla agus tháinig sé le chéile uair amháin le linn na bliana *(dhá uair in 2018)*. Ba é Michael McGrail a bhí ina chathaoirleach ar an gcoiste agus ba comhaltaí den choiste Ernie Donnelly agus Peter Kearney. Ba chomhalta den choiste é Michael Norton go dtí gur imigh sé ar scor ar an 5 Deireadh Fómhair 2019.

# Tuarascáil na Stiúrthóirí (ar lean)

Féadfaidh an coiste athbhreithniú a dhéanamh ar aon cheist a bhaineann le bainistíocht airgeadais san IAA. Déanann sé athbhreithniú ar na buiséid bhliantúla chaipitil agus oibriúcháin, ar an mbeartas cistíochta, ar shocruithe árachais agus airgeadais agus ar chúrsaí a bhaineann le beartas díbhinní. Tuairiscíonn an coiste don bhord i ndiaidh a chruinnithe.

## An coiste acmhainní daonna agus luacha saothair

Oibríonn an coiste acmhainní daonna agus luacha saothair faoi théarmaí tagartha foirmiúla (an coiste pearsanra, ceapachán agus luacha saothair mar a bhí). Tháinig sé le chéile le linn dhá uair i 2019 *(2018: niallas)*. Bhí Eimear O'Rourke ina Cathaoirleach ar an gcoiste. Is iad Michael McGrail agus Joan McGrath chomhaltaí an coiste.

Is ról an choiste é breithniú a dhéanamh ar luach saothair an Príomhfheidhmeannaigh i gcomhtheacs an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú agus ar bheartas luacha saothair na bainistíochta sinsearaí go ginearálta agus ar fhorbairtí acmhainní daonna san IAA. Tá baint ag an gcoiste le ceapacháin don bhainistíocht sinsearach freisin. Tugtar cuireadh do saineolaí neamhspléach freastal ar na cruinnithe le cabhrú leis an gcoiste.

## An coiste pleanála infheistíochta

Feidhmíonn an coiste pleanála infheistíochta faoi théarmaí tagartha foirmiúla agus tháinig sé le chéile seacht nuaire le linn na bliana *(2018: ceithre huaire)*. Ba é Michael Norton cathaoirleach an choiste go dtí gur éirí sé as ar 5 Deireadh Fómhair 2019. Is comhalta den choiste iad Ernie Donnelly agus Gerry Lumsden. Déanann an coiste breithniú ar straitéis an IAA maidir le hinfheistíocht chaipitil agus caiteachas gaolmhar. Tuairiscíonn an coiste don Bhord i ndiaidh a chruinnithe.

## An coiste maoirseachta sábhaltachta

Bunaíodh an coiste maoirseachta shlándála i 2019 le cuidiú leis an Bhord maoirseacht shlándála i soláthar seirbhísí bainistíochta aerthráchta agus i rialachán slándál agus i maoirseacht shlándála eitlíochta a bhainistiú. Feidhmíonn an coiste faoi théarmaí tagartha foirmiúla agus tháinig sé le chéile uair amháin le linn na bliana *(2018: nialas)*. Is é Michael McGrail cathaoirleach an choiste. Is comhalta den choiste iad Cian Blackwell, Ernie Donnelly agus Peter Kearney. Tugtar cuireadh do shaineolaí neamhspléach freastal ar ne aruinnithe le cabhrú lies an gcoiste.Tuairiscíonn an coiste don Bhord i ndiaidh a chruinnithe.

## An coiste athshtruchtúraithe

Bunaíodh an coiste i 2019 le cúnamh leis an mBord i mbainistiú maoirseacht athshtruchtúrú an IAA go dhá eachraíocht ar leith - rialtóir agus solathraí seirbhísí aerthráchta. Nuair atá an athstructhtúrú críochnaithe, cuirfear deireadh leis an gcoiste. Feidhmíonn agus coiste faoi théarmaí tagartha foirmiúla agus tháinig sé le chéile trí huair le linn na bliana *(2018: nialas)* gur Joan McGrath a bhí ina cathaoirleach gach uair . Airítear Marie Bradley, Gerry Lumsden agus Eimer O'Rourke mar chomhaltaí an choiste. Tuairiscíonn an coiste don bhord i ndiaidh a chruinnithe.

## Rialú Inmheánach

Tá an Bord freagrach ar deireadh thiar as córas rialaithe inmheánaigh an Ghrúpa agus as monatóireacht a dhéanamh ar a éifeachtúlacht. Tá an córas rialaithe inmheánaigh ceaptha chun an riosca a bhaineann le cuspóirí gnó a bhaint amach a bhainistiú, seachas é a chosc, agus ní féidir leis

## Cruinnithe Boird agus Coiste ar a bhFreastalaíodh

Reáchtáiltear cruinnithe boird ar bhonn rialta i rith na bliana. Tháinig an Bord le chéile 7 nuaire in 2019. D'fhreastail na comhaltaí ar na cruinnithe sin agus cruinnithe coiste mar seo a leanas:

**Cruinnithe boird ar a bhfreastalaíodh/ Uaslíon na gcruinnithe boird ar a bhféadfaidh freastal**

| Stiúrthóir | Bord | Iniúchóireacht agus Riosca | Airgeadais | Acmhainní Daonna agus Luacha Saothair | Pleanála Infheistíochta | Sábhaltacht | Athstructurú |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Michael McGrail | 7/7 | | 1/1 | 1/2 | | 1/1 | |
| Cian Blackwell | 7/7 | 3/3 | | | | 1/1 | |
| Marie Bradley | 7/7 | 4/4 | | | | | 3/3 |
| Ernie Donnelly | 7/7 | | 1/1 | | 7/7 | 1/1 | |
| Peter Kearney | 6/7 | | 1/1 | | | 1/1 | |
| Gerry Lumsden | 6/7 | | | | 5/5 | | 2/3 |
| Joan McGrath | 7/7 | | | 2/2 | | | 3/3 |
| Michael Norton | 6/6 | | 0/0 | | 4/4 | | |
| Eimer O'Rourke | 7/7 | 4/4 | | 2/2 | | | 3/3 |

ach dearbhú réasúnta, agus ní dearbhú iomlán, a thabhairt i leith míráiteas nó caillteanas ábhartha.

Cuimsíonn córas rialaithe inmheánaigh an IAA na rialuithe sin a bunaíodh chun dearbhú réasúnta a thabhairt maidir le sócmhainní a chosaint agus taifead cuntasaíochta iomchuí agus faisnéis iontaofa airgeadais a chothabháil lena n-úsáid laistigh den ghnó nó le haghaidh a bhfoilseachán. Tá athbhreithniú déanta ag an mBord, cibé acu go díreach nó tríd an gcoiste iniúchóireachta agus riosca, ar éifeachtúlacht na gcóras rialaithe inmheánaigh a chuimsíonn rialuithe airgeadais, oibriúcháin agus comhlíonta agus córais bhainistíochta riosca. Rinneadh an t-athbhreithniú seo ar an 20 Márta 2020 agus baineann éifeacht leis suas go dtí dáta formheasa na ráiteas airgeadais.

Tá creat rialaithe inmheánach láidir ag an IAA lena n-áirítear na nithe seo a leanas:

- coistí boird a bhfuil téarmaí tagartha atá sainithe go soiléir acu
- sceideal saincheisteanna atá forchoimeádta don Bhord
- cód iompair, arna fhaomhadh ag an mBord, a thugann treoir phraiticiúil don fhoireann ar fad
- struchtúr eagraíochtúil atá sainmhínithe go soiléir a bhfuil deighilt iomchuí dualgas agus teorainneacha údaráis aige
- freagrachtaí atá sainithe go soiléir agus foireann atá cáilithe go hiomchuí chun na dualgais seo a chomhlíonadh
- creat bainistíochta riosca corparáideach
- teorainneacha agus nósanna imeachta atá sainithe go soiléir maidir le caiteachas airgeadais lena n-áirítear soláthar agus caiteachas caipitiúil
- gnéithe ábhartha den Chód Caiteachais Poiblí a chomhlíonadh, de réir mar is cuí
- córas cuimsitheach tuairiscithe maidir le hairgeadas, cuntasaíocht, bainistíocht chisteáin agus measúnú tionscadail
- córais chuimsitheacha bhuiséadaithe agus buiséid bhliantúla arna bhfaomhadh ag an mBord
- próiseas pleanála cuimsitheach a sholáthraíonn plean corparáide cúig bliana arna athbhreithniú ag an scairshealbhóir agus arna fhaomhadh ag an mBord
- monatóireacht ar fheidhmíocht iarbhír i gcomparáid le buiséid agus tuairisciú don bhord ar bhonn míosúil maidir le héagsúlachtaí
- feidhm iniúchta inmheánaigh a dhéanann athbhreithniú ar phríomhchórais agus príomhrialuithe airgeadais agus ar oibríochtaí ginearálta agus déanann sé moltaí de réir mar is cuí
- coiste iniúchóireachta agus riosca a fhaomhann pleananna iniúchta agus a dhéileálann le saincheisteanna rialaithe suntasacha a eascraíonn ó iniúchadh inmheánach nó seachtrach agus a dhéanann athbhreithniú agus moltaí do ráitis airgeadais deireadh na bliana lena bhfaomhadh ag an mBord
- beartas chun maoirsiú a dhéanamh ar fhochuideachta atá ar lán-úinéireacht ag an IAA
- beartais agus nósanna imeachta maidir le gníomhaíochtaí calaoiseacha amhrasacha a thuairisciú agus a réiteach.

Rinneadh iniúchadh inmheánach na rialuithe seo a athbhreithniú i rith na bliana mar chuid dá chlár oibre bliantúil. Tuairiscíonn iniúchadh inmheánach go díreach don choiste iniúchóireachta agus riosca maidir le oibriú rialuithe inmheánacha, seachas ar rialuithe maoirseachta sábháilteachta agus slándála atá forchoimeádta don bhord, agus déanann sé moltaí le haghaidh feabhsuithe, más cuí.

Deimhníonn an Bord go bhfuil próiseas ann chun rioscaí a aithint agus a bhainistiú agus go bhfuil córas rialaithe inmheánaigh iomchuí i bhfeidhm agus gur fheidhmigh na córais sin go héifeachtach in 2019 agus suas go dtí dáta formheasa na ráiteas airgeadais. Níor aithníodh laigí nó calaoisí le linn chúrsa an athbhreithnithe ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh.

## Bainistíocht Riosca

Tá freagracht iomlán ar a mBord as cur chuige an Ghrúpa i leith riosca. Ceadaíonn sé an creat bainistíochta riosca agus déanann sé monatóireacht ar a éifeachtúlacht tríd an gcoiste iniúchóireachta agus riosca agus go díreach tríd an mBord.

Tá próiseas leanúnach i bhfeidhm chun na rioscaí suntasacha ata ag bagairt ar IAA a aithint, a mheas agus a bhainistiú. Déanann an Bord an próiseas seo a athbhreithniú go rialta agus bhí sé i bhfeidhm don bhliain atá faoi athbhreithniú agus suas go dtí dáta formheasa na tuarascála bliantúla agus na ráiteas airgeadais.

Rinne an Bord athbhreithniú agus nuashonrú ar an bpróiseas um rioscaí suntasacha a théann i bhfeidhm ar an ngnó agus na beartais agus na nósanna imeachta trína ndéantar na rioscaí sin a bhainistiú a aithint agus a mheas. Tá an bhainistíocht freagrach as rioscaí suntasacha gnó a aithint agus a mheas agus as rialuithe inmheánacha oiriúnacha a cheapadh agus a oibriú. Déantar measúnú ar na rioscaí seo ar bhonn leanúnach agus féadfaidh go mbeidh baint acu le foinsí éagsúla inmheánacha nó seachtracha, lena n-áirítear clistí ar rialú, cuir isteach ar chórais faisnéise, iomaíocht, tubaistí nádúrtha agus ceanglais rialála. Tuairiscíonn an bhainistíocht go rialta don bhord ar na príomhrioscaí a bhaineann leis an ngnó agus ar an gcaoi a ndéantar na rioscaí a bhainistiú.

Tá próiseas dea-bhunaithe láidir i bhfeidhm san IAA chun riosca corparáide a bhainistiú. Leis sin, foráiltear do rian cuntasachta taifeadta agus in-iniúchta. Tá na nósanna imeachta seo ábhartha ar fud oibríochtaí an IAA agus tugann siad dearbhuithe comhleanúnacha de réir a chéile ag leibhéil shinsearacha bhainistíochta agus, ar deireadh, ag an mBord. Déanann an t-iniúchadh inmheánach an próiseas seo a éascú,

# Tuarascáil na Stiúrthóirí (ar lean)

rud a sholáthraíonn méid áirithe dearbhaithe maidir le hoibríocht agus bailíocht an chórais rialaithe inmheánaigh. Déantar monatóireacht neamhspleách ar ghníomhartha ceartaitheacha pleanáilte d'fhonn iad a chur i gcrích go tráthúil.

Tuairiscíonn an bhainistíocht go rialta don choiste iniúchóireachta agus riosca maidir lena hathbhreithniú ar rioscaí, agus conas a dhéantar iad a bhainistiú. Tá sé mar ról ag an gcoiste sin athbhreithniú a dhéanamh, thar ceann an bhoird, ar na príomhrioscaí, seachas maoirseacht sábháilteachta agus slándála, a bhaineann leis an ngnó agus ar an gcóras rialaithe a theastaíonn chun na rioscaí sin a bhainistiú. Déanann an t-iniúchadh inmheánach athbhreithniú neamhspleách ar na nósanna imeachta um aithint riosca agus ar phróisis rialaithe atá curtha i bhfeidhm ag an mbainistíocht, agús tuairiscíonn sé don choiste iniúchóireachta agus riosca ar bhonn ráithiúil. Déanann an coiste iniúchóireachta agus riosca athbhreithniú ar na nósanna imeachta dearbhaithe lena chinntiú go mbaintear úsáid as meascán cuí teicnící chun an leibhéal dearbhaithe a theastaíonn ón mBord a bhaint amach. Cuireann an coiste iniúchóireachta agus riosca a thorthaí faoi bhráid an bhoird ar bhonn bliantúil agus go ráithiúil nó níos minice más gá sin.

## Luach Saothair

Is é an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a chinnfidh luach saothair stiúrthóirí. D'fhaomh tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh, a bhfuil conradh seirbhíse aige, agus cuireadh an bord stiúrthóirí ar an eolas faoi. Leagtar amach i nóta 6 na nochtuithe a rinneadh sna ráitis airgeadais seo a bhaineann le táillí stiúrthóirí agus luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh agus nochtuithe iad atá ag teastáil faoi Acht na gCuideachtaí 2014 agus an Cód Cleachtais 2016 chun Comhlachtaí Stáit a Rialú.

## Tuairisciú gnó agus airgeadais

Aithníonn an bord go bhfuil sé freagrach as an tuarascáil bhliantúil agus na ráitis airgeadais a ullmhú agus as a chinntiú go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom ar fheidhmíocht airgeadais an Ghrúpa ag deireadh na bliana. Tuairiscíonn an Cathaoirleach don Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt ar bhonn rialta maidir le gach forbairt, idir fhorbairt oibríochtúil, airgeadais agus tráchtála, a dhéanann difear don IAA.

Déantar foráil i gCód Cleachtais 2016 chun Comhlachtaí Stáit a Rialú d'fhaisnéis airgeadais shonrach a nochtadh. In 2019, thabhaigh an IAA costais taistil agus cothaithe €2.4 milliún, roinnte idir costais taistil agus cothabhála intíre €0.9 milliún agus costais taistil agus cothabhála idirnáisiúnta €1.5 milliún. Tabhaíodh costais leasa foirne costais fáilteachais €0.5 milliún. Tabhaíodh costais chomhairliúcháin €0.4 milliún. Bhain €0.3 milliún de na costais sin le leasú rialála éitlíochta a dheighilt ó sholáthar na seirbhísí bainistíochta aerthráchta agus bhain €0.1 milliún le hathbhreithniú straitéiseach ar an gcéad ghlúin eile de chórais bainistíochta aerthráchta. Luaitear an fhaisnéis seo go réasúnta ar gach slí ábhartha.

## Gnóthas leantach

Creideann na stiúrthóirí, tar éis fiosrúcháin a dhéanamh, go bhfuil acmhainní leordhóthanacha ag an nGrúpa agus ag an gCuideachta chun dul ar aghaidh sa todhchaí is intuartha agus go bhfuil sé cuí leanúint de na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh.

## Taifid chuntasaíochta

Creideann na stiúrthóirí go gcomhlíonann siad ceanglais Alt 281 go 285 d'Acht na gCuideachtaí 2014 maidir le taifid chuí chuntasaíochta a choinneáil trí phearsanra cuntasaíochta a bhfuil saineolas iomchuí acu a fhostú agus trí acmhainní leordhóthanacha a sholáthar don fheidhm airgeadais. Coinnítear taifid chuntasaíochta an Ghrúpa i bhFoirgneamh Times, 11-12 Sráid D'Olier, Baile Átha Cliath 2.

## Faisnéis iniúchta ábhartha

Creideann na stiúrthóirí gur ghlac siad gach beart is gá chun iad féin a chur ar an eolas faoi aon fhaisnéis iniúchta ábhartha agus dhearbhaigh siad go bhfuil iniúchóirí reachtúla an Ghrúpa ar an eolas faoin bhfaisnéis sin. Chomh fada agus a bhfuil a fhios acu, níl aon fhaisnéis iniúchta ábhartha ann nach bhfuil iniúchóirí reachtúla an Ghrúpa ar an eolas fúithi.

## Ráiteas comhlíonta na Stiúrthóirí

Aithníonn na stiúrthóirí, de réir alt 225 (2) d'Acht na gCuideachtaí 2014, go bhfuil siad freagrach as a chinntiú go gcomhlíonann an Chuideachta oibleagáidí áirithe a shonraítear san alt sin a eascraíonn as Acht na gCuideachtaí 2014 agus dlíthe cánach ['oibleagáidí ábhartha']. Deimhníonn na stiúrthóirí:

- go bhfuiltear tar éis ráiteas beartais comhlíonta a cheapadh ina leagtar amach beartais na Cuideachta maidir leis an gcomhlíonadh sin;
- go bhfuiltear tar éis socruithe agus struchtúir iomchuí curtha i bhfeidhm atá, ina dtuairim, ceaptha chun comhlíonadh ábhartha le hoibleagáidí iomchuí de chuid na Cuideachta a chinntiú; agus
- go ndearnadh athbhreithniú r na socruithe agus na struchtúir a cuireadh i bhfeidhm le linn na bliana airgeadais chun comhlíonadh na Cuideachta lena hoibleagáidí ábhartha a chinntiú.

## Íoc pras cuntas

Comhlíonann an IAA ceanglais na reachtaíochta um íoc pras cuntas. Cloíonn an IAA le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála) 2012 (I.R. Uimh. 580 de 2012).

Is iad téarmaí caighdeánacha creidmheasa an IAA, mura bhfuil a mhalairt sainithe i socruithe conartha ar leith, 30 lá ón lá a fhaightear an sonrasc nó dearbhú gur glacadh leis

na hearraí nó leis na seirbhísí atá faoi réir íocaíochta. Le linn na bliana dar chíoch an 31 Nollaig 2019 rinneadh gach íocaíocht, a bheag nó a mhór, laistigh den tréimhse iomchuí creidmheasa. Déanann an IAA athbhreithniú leanúnach ar a nósanna imeachta riaracháin chun cabhrú le híoslaghdú a dhéanamh ar an am a thógtar le sonraisc a fhiosrú agus a réiteach. Tugann na nósanna imeachta sin dearbhú réasúnach, seachas dearbhú iomlán, in aghaidh neamhchomhlíonadh ábhartha na rialachán.

### Teagmhais iarchláir chomhardaithe

Ar an 20 Márta 2020, mhol an Bord díbhinn €7.8 milliún [€0.44 in aghaidh an scair] a íoc *(2018: €19.5 milliún (€1.09 in aghaidh an scair)).* Áirítear leis seo díbhinn speisialta €Nialas *(2018: €12.0 milliún (€0.67 in aghaidh an scair)).*

### Síntiúis pholaitíochta

Níor thug an Grúpa aon síntiús polaitíochta i rith na bliana a éileodh nochtadh faoin Acht Toghcháin, 1997.

### Iniúchóir

Tar éis próiseas soláthair, ceapadh Deloitte Ireland LLP mar iniúchóir seachtrach agus d'éirigh na hiniúchóirí a bhí ann cheanna KPMG as le linn na bliana. De réir Alt 383 [2] d'Acht na gCuideachtaí 2014, leanfaidh an t-iniúchóir Deloitte Ireland LLP, Cuntasóirí Cairte agus Gnólacht Iniúchta Reachtúil ar aghaidh sa ról sin.

Thar ceann an bhoird:

**Michael McGrail**
*Cathaoirleach*

**Peter Kearney**
*Príomhfheidhmeannach*

20 Márta 2020

# Ráiteas ar fhreagrachtaí na stiúrthóirí
## Maidir le tuarascáil na stiúrthóirí agus na ráitis airgeadais

Tá na stiúrthóirí freagrach as tuarascáil na stiúrthóirí agus na ráitis airgeadais a ullmhú, de réir an dlí agus na rialachán is infheidhme.

Éilítear faoi dhlí na gcuideachtaí go n-ullmhaíonn na stiúrthóirí ráitis airgeadais i ndáil le gach bliain airgeadais. Faoin dlí sin, roghnaigh siad na ráitis airgeadais an Ghrúpa a ullmhú de réir FRS 102 An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann mar a chuirtear i bhfeidhm iad i gcomhréir le forálacha Acht na gCuideachtaí 2014.

De réir dhlí na gcuideachtaí, ní ceadmhach do na stiúrthóirí na ráitis airgeadais a fhaomhadh mura bhfuil siad cinnte go dtugtar léargas cóir agus fíor iontu, ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais an Ghrúpa agus na Cuideachta agus ar chaillteanas nó brabús an Ghrúpa don bhliain sin. Agus gach ceann de ráitis airgeadais an Ghrúpa agus na Cuideachta á n-ullmhú, tá sé de cheangal ar na stiúrthóirí:

- beartais chuntasaíochta chuí a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama;
- a lua cibé acu ar leanadh nó nár leanadh caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme, faoi réir imeacht ar bith ábhartha atá nochtaithe agus mínithe sna ráitis airgeadais; agus
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach amháin sa chás go bhfuil sé míchuí glacadh leis go leanfaidh an Grúpa agus Cuideachta i mbun gnó.

Tá na stiúrthóirí freagrach as taifid chuntasaíochta chuí a choinneáil ina nochtar go measartha cruinn am ar bith sócmhainní, dliteanais, staid airgeadais agus brabús nó caillteanas na Cuideachta agus ina gcuirtear ar a gcumas a áirithiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Acht na gCuideachtaí 2014. Tá freagracht ghinearálta orthu as aon bheart atá ar fáil go réasúnta dóibh a dhéanamh chun sócmhainní na Cuideachta a chosaint agus chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath. Tá na stiúrthóirí freagrach freisin as tuarascáil na stiúrthóirí a ullmhú a chomhlíonann ceanglais Acht na gCuideachtaí 2014.

Tá na stiúrthóirí freagrach as an bhfaisnéis chorparáideach agus airgeadais a chothabháil ar shuíomh gréasáin na Cuideachta agus as an bhfaisnéis sin a chinntiú mar fhaisnéis iontaofa. D'fhéadfadh an reachtaíocht i bPoblacht na hÉireann, lena rialaítear ráitis airgeadais a ullmhú agus a scaipeadh, a bheith éagsúil ón reachtaíocht i ndlínsí eile.

Thar ceann an bhoird:

**Michael McGrail**
*Cathaoirleach*

**Peter Kearney**
*Príomhfheidhmeannach*

# Tuarascáil an iniúchóra neamhspleách
do chomhaltaí Údarás Eitlíochta na hÉireann

## Tuairisc faoi iniúchadh na ráiteas airgeadais

### Tuairim faoi ráitis airgeadais Údarás Eitlíochta na hÉireann ('an chuideachta')

Is é ár dtuairim maidir le ráitis airgeadais an ghrúpa agus na máthairchuideachta:

- tugann siad léargas fíor agus cothrom ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais an ghrúpa agus na máthairchuideachta ag 31 Nollaig 2019 agus ar bhrabús an ghrúpa don bhliain dar deireadh an dáta sin;
- ullmhaíodh iad go cuí de réir na creatlaí ábhartha tuairisceoireachta airgeadais agus, go háirithe, de réir riachtanais Acht na gCuideachtaí 2014.

Cuimsíonn na ráitis airgeadais a bhfuil iniúchadh déanta againn orthu:

ráitis airgeadais an ghrúpa:

- Cuntas comhdhlúite brabúis agus caillteanais;
- Ráiteas comhdhlúite ar ioncam cuimsitheach;
- Clár comhardaithe comhdhlúite;
- Ráiteas comhdhlúite ar athruithe i gcothromas;
- Ráiteas comhdhlúite ar shreabhadh airgid; agus
- na nótaí gaolmhara 1 go 23, lena n-áirítear achoimriú polasaithe suntasacha cuntasaíochta faoi mar a leagtar amach i Nóta 1.

Ráitis airgeadais na máthairchuideachta:

- Clár comhardaithe;
- ráiteas na cuideachta ar athruithe i gcothromas; agus
- na nótaí gaolmhara 1 go 23, lena n-áirítear achoimriú polasaithe suntasacha cuntasaíochta faoi mar a leagtar amach i Nóta 1.

Is í an chreatlach tuairisceoireachta airgeadais ábhartha a cuireadh i bhfeidhm in ullmhú ráitis airgeadais an ghrúpa, ná Acht na gCuideachtaí 2014 agus FRS 102 "An Caighdeán Tuairisceoireachta Airgeadais atá infheidhmithe sa RA agus i bPoblacht na hÉireann" ("an chreatlach ábhartha thuairisceoireachta airgeadais").

Is í an chreatlach tuairisceoireachta airgeadais ábhartha a cuireadh i bhfeidhm in ullmhú ráitis airgeadais na máthairchuideachta, ná Acht na gCuideachtaí 2014 agus FRS 102 "An Caighdeán Tuairisceoireachta Airgeadais atá infheidhmithe sa RA agus i bPoblacht na hÉireann" ("an chreatlach ábhartha thuairisceoireachta airgeadais").

### An bonn leis an tuairim

Rinneamar ár n-iniúchóireacht de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht (Éire) (CIlanna na hÉireann) agus an dlí is infheidhme. Cuirtear síos ar ár gcuid freagrachtaí faoi na caighdeáin sin thíos sa chuid sin dár dtuairisc dar teideal "Freagrachtaí an Iniúchóra d'iniúchadh na ráiteas airgeadais".

Táimid neamhspleách ar an ngrúpa agus ar an máthairchuideachta de réir na riachtanas eiticiúil atá ábhartha d'ár n-iniúchadh ar na ráitis airgeadais in Éirinn, lena n-áirítear an Caighdeán Eiticiúil a eisítear ag Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann, agus tá ár gcuid freagrachtaí eiticiúla eile comhlíonta againn de réir na riachtanas seo. Creidimid go bhfuil an fhianaise iniúchóireachta atá faighte againn imleor agus oiriúnach le bonn a sholáthar dár dtuairim.

### Conclúidí a bhaineann le gnóthas leantach

Níl aon ní le tuairisciú againn maidir leis na ceisteanna seo a leanas, ceisteanna a gcuireann CII (Éire) iallach orainn tuairisc a thabhairt duit sna cásanna seo a leanas:

- níl úsáid bhonn ghnóthais leantaigh chuntasaíochta na stiúrthóirí iomchuí agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú; nó
- níor nocht na stiúrthóirí sna ráitis airgeadais aon neamhchinnteachtaí aitheanta ábhartha ar féidir go gcruthódh siad amhras suntasach faoi chumas an ghrúpa nó na máthairchuideachta de bheith ag leanúint orthu de bheith ag glacadh le bonn ghnóthais leantaigh chuntasaíochta do thréimhse de ar a laghad dhá mhí déag ón dáta sin nuair a údaraítear na ráitis airgeadais le haghaidh eisiúna.

### Eolas eile

Tá na stiúrthóirí freagrach as an bhfaisnéis eile. Cuimsíonn an fhaisnéis eile an fhaisnéis sin atá le fáil Tuarascail Bhliantúil, seachas na ráitis airgeadais agus tuairisc ár n-iniúchóra fúthu. Ní chlúdaíonn ár dtuairim faoi na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile, agus seachas sa mhéid go ndearbhaítear sin go sonrach inár dtuairisc, ní chuirimid aon saghas tátail dearbhaithe in iúl faoi.

Maidir lenár n-iniúchadh ar na ráitis airgeadais, an fhreagracht atá againn ná an fhaisnéis eile a léamh, agus muid á dhéanamh sin, breithniú a dhéanamh faoi an bhfuil an fhaisnéis neamhchomhsheasmhach go hábhartha leis na ráitis airgeadais ná leis an eolas sin a fuaireamar san iniúchadh, nó más amhlaidh gur míshonraíodh é go hábhartha ar shlí eile. Má aithnímid a leithéid de neamhchomhsheasmhachtaí ábhartha, nó míráitis dhealraitheacha ábhartha, tá iallach orainn cinneadh an ann do mhíráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais, sin nó míráiteas ábhartha faoin eolas eile. Más é an tátal a bhainimid amach, bunaithe ar an obair atá curtha i gcrích againn, gurb ann do mhíráiteas ábhartha faoin eolas eile seo, tá iallach orainn an fhíric sin a thuairisciú.

Níl aon ní le tuairisciú againn ina thaobh seo.

# Independent auditor's report (continued)

### Freagrachtaí na stiúrthóirí

Faoi mar a mhínítear ar shlí níos iomláine i Ráiteas Freagrachtaí na Stiúrthóirí, tá na Stiúrthóirí freagrach as ullmhú na ráiteas airgeadais agus as a bheith sásta go dtugann siad léargas fíor agus cothrom agus go gcloíonn siad ar shlite eile le hAcht na gCuideachtaí 2014, agus as a leithéid de rialú inmheánach is a chinneann na Stiúrthóirí go bhfuil gá leis chun ullmhú ráiteas airgeadais a cheadú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh caimiléireacht nó earráid i gceist leis sin.

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, tá na Stiúrthóirí freagrach asmeasúnú a dhéanamh ar chumas an ghrúpa agus na máthairchuideachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach, ag nochtadh, de réir mar a bhaineann le feidhm, nithe a bhaineann le gnóthas leantach agus ag úsáid bhonn an ghnóthais leantaigh chuntasaíochta ach amháin má bhíonn sé i gceist ag na Stiúrthóirí an grúpa agus an mháthairchuideachta a leachtú nó oibríochtaí a scor, nó mura bhfuil aon rogha réadúil fágtha acu seachas sin a dhéanamh.

### Freagrachtaí an iniúchóra maidir le hiniúchóireacht na ráiteas airgeadais

Is iad ár gcuspóirí cinnteacht réasúnta a fháil ar cibé an bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíshonrú ábhartha, cibé de bharr calaoise nó earráide, agus tuarascáil iniúchóra a eisiúint ina n-áirítear ár dtuairim. Tá ardleibhéal cinnteachta i gceist le cinnteacht réasúnta, ach ní dearbhú atá ann go ndéanfaidh an iniúchóireacht a déanadh de réir ISAs (na hÉireann) gach míshonrú ábhartha a aimsiú nuair is ann dá leithéid. Féadfaidh míráitis eascairt as calaois nó botún agus meastar iad a bheith ábhartha más féidir a bheith ag súil go réasúnta go n-imreodh siad tionchar, go haonair nó go comhiomlán, ar chinntí eacnamaíocha a dhéanann úsáideoirí ar bhonn na ráiteas.

Mar chuid d'iniúchadh de réir CII (Éire) cleachtaímid breithiúnas gairmiúil agus coimeádaimid sceipteachas gairmiúil ar fud an iniúchta. Déanaimid seo a leanas freisin:

- Aithnímid agus déanaimid measúnú ar rioscaí míráitis ábhartha na ráiteas airgeadais, bíodh caimiléireacht nó earráid i gceist leis sin, dearaimid agus déanaimid gnáthaimh iniúchta atá freagrach ar na rioscaí sin, agus faighimid fianaise iniúchta atá leordhóthain agus iomchuí chun bonn a sholáthar d'ár dtuairim. Tá an riosca nach n-aimseofar míráiteas ábhartha mar thoradh ar chalaois níos airde ná an riosca maidir le ceann a eascraíonn as botún, mar go bhféadfadh sé go mbeadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon ghnó, mífhaisnéis, nó gabháil treise ar an rialú inmheánach i gceist leis.
- Tuiscint a fháil ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a dhearadh atá oiriúnach sna cúinsí, ach nach bhfuil oiriúnach chun tuairim a chur in iúl maidir le héifeachtacht rialuithe inmheánacha an ghrúpa nó na máthairchuideachta.
- Measúnú a dhéanamh ar fheiliúnacht na bpolasaithe cuntasaíochta a úsáidtear agus ar réasúnaíocht na meastachán cuntasaíochta agus na bhfaisnéisithe gaolmhara a dhéanann na stiúrthóirí.
- Tátal a bhaint maidir le feiliúnacht úsáid na stiúrthóirí bhonn gnóthais leantaigh na cuntasaíochta agus bunaithe ar an bhfianaise iniúchta faighte, agus socrú an ann do neamhchinnteacht ábhartha i dtaca le himeachtaí nó coinníollacha ar féidir go gcruthódh siad amhras suntasach faoi chumas an ghrúpa nó na máthairchuideachta leanúint mar ghnóthas leantach. Má shocraímid gurb ann do neamhchinnteacht ábhartha tá iallach orainn aird a thabhairt, inár dtuairisc iniúchóra, ar na faisnéisithe gaolmhara sna ráitis airgeadais, nó, murar leor a leithéid d'fhaisnéisithe, ár dtuairim a athrú. Bíonn ár dtátal bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fhaightear suas go dáta thuairisc an iniúchóra. Is féidir, áfach, go n-éireodh an t-aonán (nó an grúpa, nuair a bhaineann sin le hábhar) as a bheith ag feidhmiú mar ghnóthas leantach mar gheall ar imeachtaí nó coinníollacha sa todhchaí.
- Measúnú a dhéanamh ar chur i láthair, struchtúr agus ábhar foriomlán na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear an nochtadh, agus cibé acu an léiríonn na ráitis airgeadais na hidirbhearta agus imeachtaí bunúsacha ar bhealach lena mbaintear cur i láthair cóir amach.
- Dóthain fianaise iniúchta iomchuí a fháil maidir le faisnéis airgeadais na ngníomhaíochtaí gnó laistigh den ghrúpa chun tuairim a chur in iúl faoi na ráitis airgeadais (chomhdhlúthaithe). Tá iniúchóir an ghrúpa freagrach as treoir, maoirseacht agus feidhmíocht iniúchadh an ghrúpa. Fanann iniúchóir an ghrúpa go hiomlán freagrach as tuairim an iniúchta.

Cuirimid in iúl dóibh sin a bhfuil cúram an rialachais orthu, maidir le, i measc rudaí eile, réim agus uainiú beartaithe na gcinntí iniúchta agus iniúchta shuntasaigh, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha i rialú inmheánach a aithníonn an t-iniúchóir le linn an iniúchta.

Cuirtear an tuairisc seo faoi bhráid bhaill na cuideachta amháin, mar chomhlachas, i gcomhréir le hAlt 391 d'Acht na gCuideachtaí 2014. Tugadh faoinár gcuid oibre iniúchta sa tslí gur féidir linn dearbhú do bhaill na cuideachta na nithe sin a bhfuil iallach orainn iad a dhearbhú i dtuairisc iniúchóra, agus ní do chuspóir ar bith eile. Sa mhéid a cheadaítear ag an dlí, ní ghlacaimid le freagracht i leith aon duine eile seachas an chuideachta agus baill na cuideachta mar chomhlachas, le haghaidh ár gcuid oibre iniúchta, don tuairisc seo, nó do na tuairimí sin a bhí againn.

### Tuairim faoi nithe eile a fhorordaítear ag Acht na gCuideachtaí 2014

Bunaithe amháin ar an obair sin ar tugadh fúithi le linn an iniúchta, tuairiscímid an méid seo:

- Tá gach faisnéis agus míniú a cheapaimid a bheith riachtanach chun críche ár n-iniúchóireacht faighte againn.
- Inár dtuairim ba leor taifid chuntasaíochta na máthairchuideachta chun ceadú go ndéanfaí na ráitis airgeadais a iniúchadh go réidh agus i gceart.
- Réitíonn clár comhardaithe na máthairchuideachta leis na taifid chuntasaíochta.
- Inár dtuairim tá an t-eolas a thugtar i dtuairisc na Stiúrthóirí comhsheasmhach leis na ráitis airgeadais agus ullmhaíodh tuairisc na Stiúrthóirí i gcomhréir le hAcht na gCuideachtaí 2014.

### Ceisteanna ar a bhfuil orainn tuairisc a thabhairt orthu de réir eisceachta

Bunaithe ar eolas agus ar thuiscint an ghrúpa agus na máthairchuideachta agus a timpeallacht a fuarthas le linn an iniúchta, níor aithin muid míráitis ábhartha i dtuairisc na Stiúrthóirí.

Níl aon rud le tuairisciú againn maidir leis na forálacha in Acht na gCuideachtaí 2014, a chuireann iachall orainn tuairisc a thabhairt daoibh más amhlaidh, inár dtuairim, nach ndéantar na faisnéisithe faoi luach saothair na Stiúrthóirí agus faoi na hidirbhearta sin a shonraítear ag an dlí.

Faoi Chód Cleachtais do Rialachas na gComhlachas Stáit (Lúnasa 2016 ) (an "Cód Cleachtais"), tá iachall orainn tuairisciú daoibh mura léiríonn an ráiteas faoi chóras an rialaithe inmheánaigh a éilítear faoin gCód Cleachtais atá mar chuid den Ráiteas Rialachais Chorparáidigh comhlíonadh na Cuideachta alt 1.9 (iv) den Chód Cleachtais nó mura réitíonn sé leis an bhfaisnéis sin atá ar eolas againn ónár gcuid oibre iniúchta ar na ráitis airgeadais. Níl aon rud le tuairisciú againn maidir le seo.

**Daniel Murray**
Le haghaidh agus ar son
Deloitte Ireland LLP
Cuntasóirí Cairte agus Cuideachta
Iniúchta Reachtúil
Teach Deloitte agus Touche,
Ardán Phort an Iarla,
Baile Átha Cliath 2

20 Márta 2020

# Cuntas comhdhlúite brabúis agus caillteanais
## don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019

| | Nóta | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Láimhdeachas** – gníomhaíochtaí leanúnacha | *2* | **197,228** | 198,922 |
| Costas oibriúcháin | *1, 20* | **(165,343)** | (167,372) |
| **Brabús oibriúcháin** – gníomhaíochtaí leanúnacha | | **31,885** | 31,550 |
| Ús infhaighte agus ioncam comhchosúil | *4* | **13,297** | 18,873 |
| Ús iníoctha agus táillí comhchosúla | *5* | **(13,763)** | (13,611) |
| Sciar brabúis an chomhlaigh | *9* | **1,441** | 1,001 |
| **Brabús ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh cháin** | *6* | **32,860** | 37,813 |
| Cáin ar bhrabús ar ghnáthghníomhaíochtaí | *7* | **(5,056)** | (6,492) |
| **Brabús don bhliain airgeadais** | | **27,804** | 31,321 |

# Ráiteas comhdhlúite ar ioncam cuimsitheach eile
## don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019

| | *Nóta* | **2019 €'000** | 2018 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Brabús don bhliain airgeadais** | | **27,804** | 31,321 |
| **(Caillteanas)/ioncam cuimsitheach eile** | | | |
| Atomhas an ghlandliteanais sochair shainithe | *20* | **(39,947)** | 5,222 |
| Sócmhainn/(dliteanas) chánach iarchurtha ghaolmhar | *14* | **4,993** | (653) |
| Airgead tirim de bhreis ar chostais seirbhíse pinsin | *20* | **5,522** | 7,068 |
| Difríocht airgeadraí eachtracha ar aistriú oibríochtaí eachtracha | | **404** | 880 |
| **(Caillteanas)/ioncam cuimsitheach eile don bhliain** | | **(29,028)** | 12,517 |
| **Iomlán an (chaillteanais)/ioncaim chuimsithigh eile don bhliain** | | **(1,224)** | 43,838 |

# Clár comhardaithe comhdhlúite
## amhail an 31 Nollaig 2019

| | Nóta | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní seasta** | | | |
| Sócmhainní inláimhsithe | 8 | **108,572** | 98,835 |
| Sócmhainní airgeadais | 9 | **32,947** | 31,510 |
| | | **141,519** | 130,345 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Féichiúnaithe | 10 | **58,361** | 53,716 |
| Sochair ghearrthéarma | | **212,436** | 197,769 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim | | **20,149** | 21,922 |
| | | **290,946** | 273,407 |
| **Creidiúnaithe:** méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin | 11 | **(62,166)** | (42,768) |
| **Glansócmhainní reatha** | | **228,780** | 230,639 |
| **Iomlán na sócmhainní lúide dliteanais reatha** | | **370,299** | 360,984 |
| **Creidiúnaithe:** méideanna atá dlite tar éis breis agus bliain amháin | 13 | **(41,568)** | (47,670) |
| **Foráil do dhliteanais** | | | |
| Oibleagáidí sochair scoir | 20 | **(113,097)** | (76,932) |
| **Glansócmhainní** | | **215,634** | 236,382 |
| **Caipiteal agus cúlchistí** | | | |
| Scairchaipiteal glaoite | 15 | **22,675** | 22,675 |
| Cuntas brabúis agus caillteanais | | **192,821** | 213,973 |
| Cúlchiste airgeadra | | **138** | (266) |
| **Cistí na scairshealbhóirí – caipiteal gnáthscaireanna** | | **215,634** | 236,382 |

Thar ceann an bhoird:

**Michael McGrail**
*Cathaoirleach*

**Peter Kearney**
*Príomhfheidhmeannach*

# Clár comhardaithe na cuideachta
## amhail an 31 Nollaig 2019

| | Nóta | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní seasta** | | | |
| Sócmhainní inláimhsithe | *8* | **108,572** | 98,835 |
| Sócmhainní airgeadais | *9* | **15,218** | 15,218 |
| | | **123,790** | 114,053 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Féichiúnaithe | *10* | **62,637** | 59,959 |
| Sochair ghearrthéarma | | **212,436** | 197,769 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim | | **19,783** | 20,765 |
| | | **294,856** | 278,493 |
| **Creidiúnaithe:** méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin | *11* | **(62,146)** | (42,746) |
| **Glansócmhainní reatha** | | **232,710** | 235,747 |
| **Iomlán na sócmhainní lúide dliteanais reatha** | | **356,500** | 349,800 |
| **Creidiúnaithe:** méideanna atá dlite tar éis breis agus bliain amháin | *13* | **(38,698)** | (45,154) |
| **Foráil do dhliteanais** | | | |
| Oibleagáidí sochair scoir | *20* | **(113,097)** | (76,932) |
| **Glansócmhainní** | | **204,705** | 227,714 |
| **Caipiteal agus cúlchistí** | | | |
| Scairchaipiteal glaoite | *15* | **22,675** | 22,675 |
| Cuntas brabúis agus caillteanais | | **182,030** | 205,039 |
| **Cistí na scairshealbhóirí – caipiteal gnáthscaireanna** | | **204,705** | 227,714 |

Thar ceann an bhoird:

**Michael McGrail**
*Cathaoirleach*

**Peter Kearney**
*Príomhfheidhmeannach*

# Ráiteas comhdhlúite ar athruithe i gcothromas
## don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019

| | Scairchaipiteal glaoite €'000 | Cuntas brabúis agus caillteanais €'000 | Cúlchistí airgeadra €'000 | Cothromas iomlán €'000 |
|---|---|---|---|---|
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2018 | 22,675 | 190,473 | (1,146) | 212,002 |
| **Ioncam cuimsitheach** | | | | |
| Brabús don bhliain airgeadais | - | 31,321 | - | 31,321 |
| Ioncam cuimsitheach eile | - | 11,637 | 880 | 12,517 |
| **Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain** | - | 42,958 | 880 | 43,838 |
| **Idirbhearta le scairshealbhóirí a aithnítear go díreach i gcothromas** | | | | |
| Díbhinní | - | (19,458) | - | (19,458) |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2018** | **22,675** | **213,973** | **(266)** | **236,382** |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2019 | 22,675 | 213,973 | (266) | 236,382 |
| **Ioncam cuimsitheach** | | | | |
| Brabús don bhliain airgeadais | - | 27,804 | - | 27,804 |
| (Caillteanas)/ioncam cuimsitheach eile | - | (29,432) | 404 | (29,028) |
| **(Caillteanas)/ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain** | - | (1,628) | 404 | (1,224) |
| **Idirbhearta le scairshealbhóirí a aithnítear go díreach i gcothromas** | | | | |
| Díbhinní | - | (19,524) | - | (19,524) |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2019** | **22,675** | **192,821** | **138** | **215,634** |

# Ráiteas na cuideachta ar athruithe i gcothromas
## don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019

| | Scairchaipiteal glaoite €'000 | Cuntas brabúis agus caillteanais €'000 | Cothromas iomlán €'000 |
|---|---|---|---|
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2018 | 22,675 | 187,780 | 210,455 |
| **Ioncam cuimsitheach** | | | |
| Brabús don bhliain airgeadais | - | 25,080 | 25,080 |
| Ioncam cuimsitheach eile | - | 11,637 | 11,637 |
| **Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain** | - | 36,717 | 36,717 |
| **Idirbhearta le scairshealbhóirí a aithnítear go díreach i gcothromas** | | | |
| Díbhinní | - | (19,458) | (19,458) |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2018** | **22,675** | **205,039** | **227,714** |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2019 | 22,675 | 205,039 | 227,714 |
| **Ioncam cuimsitheach** | | | |
| Brabús don bhliain airgeadais | - | 25,947 | 25,947 |
| Caillteanas cuimsitheach eile | - | (29,432) | (29,432) |
| **Caillteanas cuimsitheach iomlán don bhliain** | - | (3,485) | (3,485) |
| **Idirbhearta le scairshealbhóirí a aithnítear go díreach i gcothromas** | | | |
| Díbhinní | - | (19,524) | (19,524) |
| **Iarmhéid amhail an Dé Luain 31 Nollaig 2019** | **22,675** | **182,030** | **204,705** |

# Ráiteas comhdhlúite ar shreabhadh airgid
## don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019

| | Nóta | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Sreabhaidh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | | |
| Brabús don bhliain airgeadais | | **27,804** | 31,321 |
| *Coigeartú i leith:* | | | |
| Dímheas sócmhainní seasta inláimhsithe | *8* | **12,186** | 15,312 |
| Ús infhaighte agus ioncam comhchosúil | *4* | **(13,297)** | (18,873) |
| Ús iníoctha agus táillí comhchosúla | *5* | **13,763** | 13,611 |
| Sciar brabúis an chomhlaigh | *9* | **(1,441)** | (1,001) |
| Cáin | *7* | **5,056** | 6,492 |
| | | **44,071** | 46,862 |
| Laghdú/(méadú) ar fhéichiúnaithe | | **1,432** | (1,280) |
| Méadú ar chreidiúnaithe | | **16,202** | 11,393 |
| | | **61,705** | 56,975 |
| Cáin íoctha | | **(5,100)** | (4,492) |
| **Airgead glan ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | **56,605** | 52,483 |
| **Sreabhaidh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistiúcháin** | | | |
| Dímheas sócmhainní seasta inláimhsithe | | **(24,169)** | (32,965) |
| Díbhinní infhaighte | *9* | **558** | - |
| Sochair ghearrthéarma | | **(14,667)** | (11,091) |
| Ús infhaighte | | **12** | 93 |
| **Airgead glan a úsáideadh le haghaidh gníomhaíochtaí infheistíochta** | | **(38,266)** | (43,963) |
| **Sreabhaidh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistiúcháin** | | | |
| Ús íoctha | | **(602)** | (622) |
| Díbhinní íoctha | *16* | **(19,524)** | (19,458) |
| **Airgead glan a úsáideadh i ngníomhaíochtaí infheistíochta** | | **(20,126)** | (20,080) |
| **Glanlaghdú ar airgead agus ar choibhéisí airgid** | | **(1,787)** | (11,560) |
| Airgead agus coibhéisí airgid ag an 1 Eanáir | | **21,922** | 33,417 |
| Éifeacht luaineacha sna rátaí malairte ar airgead arna shealbhú | | **14** | 65 |
| **Airgead agus coibhéisí airgid ag an 31 Nollaig** | | **20,149** | 21,922 |

# Nótaí
## atá ina gcuid de na ráitis airgeadais

### 1 Beartais Chuntasaíochta

Cuideachta phríobháideach theoranta a bunaíodh faoi Acht um Údarás Eitlíochta na hÉireann 1993, ('an tAcht um IAA') agus atá cláraithe faoi Acht na gCuideachtaí 2014 is ea Údarás Eitlíochta na hÉireann ('IAA', 'an Chuideachta'). Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go seasmhach nuair a bhíothas ag déileáil le míreanna a mheastar a bheith ábhartha maidir le ráitis airgeadais an IAA, seachas nuair atá a mhalairt ráite.

Ullmhaítear na ráitis airgeadais de réir an Chaighdeáin Tuairiscithe Airgeadais 102, an *Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann* ("FRS 102"). Is é an Euro an t-airgeadra ina gcuirtear na ráitis airgeadais seo i láthair. Slánaíodh gach suim sna ráitis airgeadais don €1,000 is gaire.

Áirítear an chuideachta sealbhaíochta sna ráitis airgeadais chomhdhlúite agus meastar gur eintiteas cáilithe é de réir FRS 102. Cuireadh na díolúintí seo a leanas i bhfeidhm faoi FRS 102 maidir le nochtadh áirithe i gcás na cuideachta sealbhaíochta:

- Ní áirítear aon ráiteas faoi shreabhadh airgid le nótaí gaolmhara maidir le cuideachta sealbhaíochta ar leith;
- Ní áirítear cúiteamh príomhphearsanra bainistíochta don dara huair.

Faoi Alt 304 d'Acht na gCuideachtaí 2014, tá an Chuideachta díolmhaithe ón gceanglas chun a cuntas brabúis agus caillteanais féin a chur i láthair.

Pléitear i nóta 21, breithiúnais a thug na stiúrthóirí agus na beartais chuntasaíochta á gcur i bhfeidhm, ag a bhfuil tionchar suntasach ar na ráitis airgeadais agus ar mheastachán lena mbaineann riosca suntasach go ndéanfar coigeartú orthu sa bhliain ata le teacht.

#### Sárú lena ngabhfadh léargas fíor agus cóir

Tá Éire páirteach i gcomhaontú iltaobhach (EUROCONTROL) a bhaineann le táillí seirbhíse loingseoireachta faoi bhealaigh a bhailiú. Faoi Alt 47 den Acht um IAA, comhlíonann an IAA an fheidhm seo thar ceann an Stáit. Déantar difríocht idir ioncam agus costais a thagann as riosca méide tráchta agus as riosca comhroinnte costais a aisghabháil ó úsáideoirí seirbhísí loingseoireachta faoi bhealach nó a aisíoc le húsáideoirí seirbhísí loingseoireachta trí na táillí a leasú san blianta atá le teacht.

Sainmhínítear na costais atá le cur san áireamh chun críche an chomhaontaithe EUROCONTROL i bprionsabail EUROCONTROL maidir le muirearú agus i Rialacháin CE maidir le Muirearú ar bhealach a chuimsíonn íocaíochtaí airgid uile le cistí pinsin. Dá réir sin, chinn na Stiúrthóirí go bhfuil sé cuí gach íocaíocht airgid a dhéantar le ciste pinsin an IAA a chuimsiú i gcostais oibriúcháin a mhéad a sháraíonn siad an táille phinsin a chinntear de réir FRS 102 'Sochair Fostaithe', agus creidmheas fritháirimh a thuairisciú sa ráiteas faoi ioncam cuimsitheach eile ("OCI"), ar mhaithe le léargas fírinneach cóir a thabhairt ar a ioncam cuimsitheach agus ar a shócmhainní, a dhliteanais agus a staid airgeadais. Tá tuilleadh sonraí faoi thionchar an chleachtais chuntasaíochta sin tugtha sa bheartas cuntasaíochta sochair fostaithe ar leathanach 43 agus 44.

#### 1.1 Gnás tomhais

Ullmhaítear na ráitis airgeadais ar bhonn an chostais stairiúil seachas na hinfheistíochtaí i gcomhlaigh a chumhdaítear i gcomhréir le modh an chothromais sna ráitis airgeadais chomhdhlúite (ar chostas lúide bearnú i ráitis airgeadais na Cuideachtaí) agus déantar sócmhainní seasta airgeadais eile a thomhas ar luach cóir.

#### 1.2 Bonn comhdhlúite

Comhdhlúthaíonn ráitis airgeadais an Ghrúpa ráitis airgeadais na Cuideachta agus a fochuideachta, IAA North Atlantic Inc., atá 100% faoina úinéireacht, suas go dtí an 31 Nollaig 2019.

Is ionann fochuideachta agus eintiteas atá faoi smacht ag an ngnóthas sealbhaíochta. Áirítear torthaí an ghnóthais fochuideachta sa chuntas brabúis agus caillteanas comhdhlúite ón dáta a thosaíonn smacht go dtí an dáta a chríochnaíonn an smacht. Bunaítear smacht nuair atá cumhacht ag an gCuideachta chun beartais oibriúcháin agus airgeadais an eintitis a rialáil chun sochair a fháil óna ngníomhaíochtaí. Nuair atá smacht á mheas, déanann an Grúpa breithniú ar chearta vótála féideartha atá i bhfeidhm faoi láthair.

# Nótaí (ar lean)

## 1 Beartais Chuntasaíochta (ar lean)

### 1.2 Bonn comhdhlúite (ar lean)

Is ionann comhlach agus eintiteas ar a bhfuil tionchar suntasach ag an nGrúpa ar bheartais oibriúcháin agus airgeadais an eintitis, ach gan aon smacht a bheith ag an nGrúpa ar an eintiteas sin. Glactar leis go bhfuil tionchar suntasach i gceist nuair atá idir 20% agus 50% cearta vótála cothromais ag an infheisteoir. Áirítear scair an Ghrúpa de bhrabús nó caillteanas na gcomhlach sa chuntas brabúis agus caillteanais comhdhlúite agus cláraítear leas an Ghrúpa ina ghlansócmhainní ar an gclár comhardaithe trí leas a bhaint as an modh cothromais.

I ráitis airgeadais na Cuideachta, iompraíonn infheistíochtaí i bhfochuideachtaí agus i gcomhlaigh ag costas lúide bearnú.

### 1.3 Láimhdeachas

Seasann láimhdeachas do na suimeanna a fuarthas, agus atá infhaighte, i ndáil le seirbhísí a cuireadh ar fáil do chustaiméirí, in éineacht le táillí a fuarthas i ndáil le feidhmeanna rialála reachtúla a comhlíonadh nuair a bhíothas i mbun ceanglais rialála sábháilteachta.

#### Ioncam ó ghníomhaíochtaí faoi bhealach agus críochfoirt

Mar atá sonraithe thuas, tá an IAA i dteideal na difríochtaí idir ioncam agus costais a bhaineann le táillí seirbhíse loingseoireachta faoi bhealach a aisghabháil nuair a thagann na difríochtaí sin as riosca méide tráchta agus as comhroinnt riosca costais. Déantar soláthar do na difríochtaí a thagann chun cinn i gcuntas ioncaim fhabhraithe/ iarchurtha agus coigeartaítear iad i gcoinne ioncaim a thagann as gníomhaíocht faoi bhealach. Is ar bhealach den chineál céanna a thugtar cuntas ar ioncam ó tháillí loingseoireachta críochfoirt, a bhaineann le seirbhísí druidime, tuirlingthe agus éirí de thalamh. Fabhraítear suimeanna i láimhdeachas agus aithnítear iad mar nithe infhaighte nó mar nithe iníoctha sa chlár comhardaithe.

#### Ioncam iarchurtha

Is ar bhonn líne dírí thar thréimhse dhá mhí dhéag a aithníonn an IAA ioncam le haghaidh deimhnithe aeracmhainneachta, rud a ghearrtar gach bliain ar aerárthaí atá lonnaithe san AE ar aon dul lena oibleagáidí faireacháin agus feidhmíochta.

### 1.4 Sócmhainní seasta inláimhsithe agus dímheas

Luaitear sócmhainní seasta inláimhsithe ag costas, lúide caillteanais dímheasa charntha agus bearnaithe charntha. Is ar bhonn líne dírí thar a saol ionchais úsáideach a ríomhtar dímheas chun an costas a bhaineann le gach sócmhainn sheasta a dhíscríobh, lena n-áirítear trealamh a ceannaíodh mar chuid de shuiteáil. Ríomhtar é de réir na rátaí bliantúla seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Foirgnimh | 5% |
| Suiteálacha críochnaithe agus obair eile | 8$^{1}/_{3}$% – 12½% |
| Trealamh oifige | 20% – 33$^{1}/_{3}$% |

Dímheastar sócmhainní ón dáta ar a gcuirtear iad i mbun oibre. Déantar sócmhainní i mbun tógála/suiteálacha idir lámha a iompar ag a gcostas stairiúil agus ní dhímheastar iad go dtí go gcuirfear iad i mbun oibre. Déantar athbhreithniú ar shuimeanna glanluacha shócmhainní seasta inláimhsithe an IAA ag gach dáta tuairiscithe chun a chinneadh cé acu atá nó nach bhfuil aon léiriú ar bhearnú ann.

### 1.5 Sócmhainní seasta airgeadais

Is ionann comhlach agus eintiteas ar a bhfuil tionchar suntasach ag an nGrúpa, ach gan aon smacht a bheith aige ar bheartais oibriúcháin agus airgeadais an eintitis. Sna ráitis airgeadais chomhdhlúite, thugtar cuntas ar infheistíochtaí i gcomhlaigh le modh an chothromais. Faoi mhodh chuntasaíochta an chothromais, is i gcuntas brabúis agus caillteanais an Ghrúpa a aithnítear scair an Ghrúpa de bhrabús nó caillteanas na gcomhlach tar éis fáltais. Áirítear leas an Ghrúpa i nglansócmhainní na gcomhlach mar infheistíochtaí i gcomhlaigh ar chlár comhardaithe an Ghrúpa ar mhéid a dhéanann ionadaíocht ar scair an Ghrúpa de luach cóir na glansócmhainní aitheanta chomh maith le sciar an Ghrúpa maidir le brabús agus caillteanais choinnithe tar éis fáltais a thagann as infheistíocht an Ghrúpa.

I ráitis airgeadais na Cuideachta, iompraítear infheistíochtaí i gcomhlaigh ag costas lúide bearnú ar bith atá ann i luach infheistíochtaí aonair.

# 1 Beartais Chuntasaíochta (ar lean)

## 1.5 Sócmhainní seasta airgeadais (ar lean)

Aithnítear sócmhainní seasta airgeadais eile i dtús ag praghas an idirbhirt. Tomhaistear an infheistíocht ag luach cóir ag deireadh gach tréimhse tuairiscithe agus aithnítear athruithe i luach cóir sa chuntas brabúis agus caillteanais, ach amháin i gcás nach féidir an luach cóir a thomhas go hiontaofa, agus sa chás sin baintear leas as an gcostas.

## 1.6 Sócmhainní léasaithe

Gearrtar costas ar chíosanna léasa oibriúcháin de réir mar a fhabhraítear iad thar thréimhse na léasanna.

## 1.7 Airgeadraí eachtracha

Aistrítear idirbhearta a dhéantar in airgeadraí eachtracha chuig an airgeadra feidhmiúil ag an ráta malairte a bhí i bhfeidhm ag dáta na n-idirbheart. Aistrítear sócmhainní agus dliteanais airgeadaíochta a ainmníodh in airgeadraí eachtracha ag an dáta tuairiscithe chuig an airgeadra feidhmiúil ag an ráta malairte a bhí i bhfeidhm ag deireadh na bliana. Is sa bhrabús don bhliain a dhéileáiltear leis an mbrabús agus na caillteanais a leanann astu.

Aistrítear na hidirbhearta atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha go Euro de réir na rátaí malairte atá i bhfeidhm don bhliain i gcás go bhfuil an ráta seo comhionann nó geall le bheith comhionann leis na rátaí malairte eachtracha atá i bhfeidhm ag dátaí na n-idirbhearta. Aistrítear sócmhainní agus dliteanais go Euro ag na rátaí malairte atá i bhfeidhm ag deireadh na bliana. Aithnítear difríochtaí i ráta malairte a eascraíonn as ath-aistriú in ioncam cuimsitheach.

## 1.8 Cánachas

Déantar soláthar do cháin chorparáideach ar an mbrabús don bhliain ag na rátaí reatha. Aithnítear cáin iarchurtha maidir leis na difríochtaí uainithe go léir a tháinig chun cinn, agus nár aisiompaíodh iad, ag an dáta tuairiscithe. Déantar soláthar ag na rátaí a mheastar a bheidh i bhfeidhm nuair a aisiompófar na difríochtaí uainithe. Is é is difríochtaí uainithe ann ná difríochtaí idir brabús inchánaithe an IAA agus a thorthaí, mar atá luaite sna ráitis airgeadais, a éiríonn ó ghnóthachain agus ó chaillteanais a chur ar áireamh i mbrabús inchánaithe i dtréimhsí atá éagsúil leis na tréimhsí ina n-aithnítear iad sna ráitis airgeadais.

Meastar go bhfuil cánach inghnóthaithe agus dá bhrí sin aithnítear é amháin, ar bhonn na fianaise go léir atá ar fáil, gur dócha é go mbeidh brabús oiriúnach inchánach ann agus as sin go mbeifear in ann aisiompú difríochtaí bunúsacha uainiúcháin amach anseo a asbhaint.

## 1.9 Sochair fostaithe

Cuireann an IAA pinsin ar fáil dá fhostaithe faoi cheithre scéim aoisliúntais. Tá trí cinn de na scéimeanna sin ina scéimeanna sochair shainithe, is iad sin: "Scéim Aoisliúntais Foirne Údarás Eitlíochta na hÉireann 1996" – do bhaill foirne ar thosaigh a dtréimhse fostaíochta roimh an 1 Aibreán 2008; "Scéim Aoisliúntais Foirne Údarás Eitlíochta na hÉireann 2008" – do bhaill foirne ar thosaigh a dtréimhse fostaíochta idir an 1 Aibreán 2008 agus an 31 Nollaig 2011; "Plean Hibrideach Pinsean Údarás Eitlíochta na hÉireann 2012" do bhaill foirne ar thosaigh a dtréimhse fostaíochta ón 1 Eanáir 2012 ar aghaidh. I gcás na scéimeanna sin, is mar shócmhainn/dhliteanas ar an gclár comhardaithe a thuairiscítear an difríocht idir luach margaidh shócmhainní na scéimeanna agus luach reatha dhliteanas na scéimeanna arna meas ag achtúire, a ríomhtar trí mhodh creidmheasa aonaid réamh-mheasta a úsáide.

Is é an tsuim a ghearrtar ar an gcuntas brabúis agus caillteanais ná iomlán na nithe seo a leanas:

(a) iomlán chostas na sochar pinsin a chinntear go hachtúireach a ghealltar d'fhostaithe as seirbhís i rith na bliana móide aon fheabhsuithe sochair a bhronntar do bhaill i rith na bliana (costas seirbhíse reatha/roimhe), agus

(b) iomlán na táille breise ar chostais oibriúcháin, áit a ríomhtar an difríocht idir an táille phinsin a chinntear go hachtúireach (costas seirbhíse reatha/roimhe) atá ar áireamh thuas agus na híocaíochtaí iomlána airgid thirim leis an gciste pinsin sa bhliain, agus

(c) an glan-ús ar an nglandliteanas sochair shainithe a chuimsíonn an costas úis ar an oibleagáid sochair shainithe agus ioncam úis ar shócmhainní an phlean.

# Nótaí (ar lean)

## 1 Beartais Chuntasaíochta (ar lean)

### 1.9 Sochair fostaithe (ar lean)

Is mar ghnóthachain agus chaillteanais atomhais sa ráiteas faoi ioncam cuimsitheach eile ("OCI") a aithnítear an difríocht idir an t-ioncam úis ar shócmhainní agus ar an toradh a baineadh amach iarbhír agus aon athruithe ar dhliteanais mar thoradh ar athruithe ar thoimhdí, nó toisc go raibh an taithí i rith na bliana éagsúil leis an taithí mheasta. Áirítear leis an OCI fritháireamh arb ionann é agus an táille phinsin bhreise, atá tuairiscithe i mír (b), a mheastar a bheith aisghafa faoi fhorálacha chomhaontú EUROCONTROL mar atá tuairiscithe ar leathanach 41.

Mar sin, imíonn an IAA ó cheanglais FRS 102 i dtreo is go gcloífidh na torthaí le ceanglais na gcomhaontuithe faoina rialaítear a chuid oibríochtaí agus, i gcomhthéacs na gcomhaontuithe sin, go dtabharfar léargas fírinneach cóir sna ráitis airgeadais. Is é tionchar an imeachta sin ná an costas pinsin a mhéadú faoi €5,522,000 *(2018: €7,068,000)* os cionn na gcostas seirbhíse arna gcinneadh go hachtúireach d'aisghabháil faoin meicníocht gearradh táillí sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019, agus chun creidmheas fritháirimh san OCI a thaifeadadh, rud a choinníonn cúlchistí brabúis agus caillteanas agus sócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais an Ghrúpa agus na Cuideachta i gcomhréir le ceanglais FRS 102.

### 1.10 Bun-ionstraimí airgeadais

#### Féichiúnaithe agus creidiúnaithe trádála agus féichiúnaithe agus creidiúnaithe eile

Aithnítear féichiúnaithe trádála agus féichiúnaithe eile i dtús ag praghas an idirbhirt lúide costais idirbhirt inchurtha. Aithnítear creidiúnaithe trádála agus creidiúnaithe eile i dtús ag praghas an idirbhirt móide costais idirbhirt inchurtha. Tar éis aithint tosaigh, tomhaistear iad ag costas amúchta ach úsáid a bhaint as modh an úis éifeachtaigh, lúide aon chaillteanais bhearnaithe i gcás féichiúnaithe trádála.

#### Airgead tirim, coibhéisí airgid thirim agus taiscí gearrthéarmacha

Is é is airgead tirim ann ná airgead tirim atá coimeádta ag an mbanc agus atá le fáil ar éileamh. Is éard atá i gcoibhéisí airgid thirim ná infheistíochtaí an-leachtach (seachas airgead tirim) is féidir a thiontú go réidh go suimeanna aitheanta airgid thirim. Is gnách a bhíonn taiscí airgid thirim a mhaireann idir lá amháin agus trí mhí i gceist iontu. Is ionann taiscí gearrthéarmacha agus taiscí airgid thirim a mhaireann idir trí mhí agus bliain amháin. Taifeadtar airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim agus taiscí gearrthéarmacha ag luach cóir i dtús agus luaitear iad ina dhiaidh sin ag costas amúchta. Déantar iad a chatagóiriú mar iasachtaí agus nithe infhaighte.

## 2 Láimhdeachas

| | **2019 €'000** | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| *Gníomhaíocht* | | |
| Faoi bhealach | **120,964** | 122,658 |
| Críochfort | **24,259** | 25,741 |
| Seirbhís Chumarsáide an Atlantaigh Thuaidh | **22,746** | 22,480 |
| Rialachán sábháilteachta | **22,887** | 21,856 |
| Aerthrácht dhíolmhaithe | **1,284** | 1,241 |
| Tráchtáil agus eile | **5,088** | 4,946 |
| | **197,228** | 198,922 |

Tagann láimhdeachas an IAA go príomha ó sheirbhísí a bhaineann le heitlíocht agus ó fheidhmeanna reachtúla a chomhlíontar i bPoblacht na hÉireann.

## 3 Líon agus costais foirne

Ba mar seo a leanas a bhí meánlíon na ndaoine a bhí fostaithe ag an IAA le linn na bliana, stiúrthóirí feidhmiúcháin san áireamh, agus é anailísithe de réir catagóire:

| | **2019 Líon** | 2018 Líon |
|---|---|---|
| Rialtóir aerthráchta | **309** | 295 |
| Innealtóirí | **76** | 72 |
| Oifigigh raidió | **51** | 50 |
| Oibriúcháin eile | **104** | 102 |
| Rialachán sábháilteachta | **108** | 107 |
| Seirbhísí corparáideacha | **66** | 59 |
| **Líon iomlán fostaithe** | **714** | 685 |

Ba mar seo a leanas a bhí costais phárolla chomhiomlána na ndaoine sin, agus curtha san áireamh sa chuntas brabúis agus caillteanais:

| | **2019 €'000** | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| Tuarastal agus pá | **69,485** | 66,984 |
| Costais leasa shóisialaigh | **5,947** | 5,523 |
| Costais chúitimh eile | **282** | 171 |
| Costais phinsin - costas seirbhíse reatha (nóta 20) | **11,794** | 12,996 |
| Costais phinsin - ranníocaíochtaí sainithe (nóta 20) | **179** | 126 |
| Costais phinsin - costas breise airgid thirim (nóta 20) | **5,522** | 7,068 |
| Costais eile iarfhostaíochta (nóta 20) | **323** | 321 |
| | **93,532** | 93,189 |

Is féidir anailísiú breise a dhéanamh ar thuarastal agus pá mar seo a leanas:

| | **2019 €'000** | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| Bunphá | **55,395** | 52,541 |
| Ragobair | **2,215** | 2,750 |
| Liúntais | **11,875** | 11,693 |
| | **69,485** | 66,984 |

Déantar líon na bhfostaithe a n-íocadh os cionn €50,000 dóibh a rangú sna bannaí seo a leanas:

| | **2019 Líon** | 2018 Líon |
|---|---|---|
| €50,000 - €75,000 | **171** | 141 |
| €75,001 - €100,000 | **93** | 107 |
| €100,001 - €125,000 | **185** | 172 |
| €125,001 - €150,000 | **154** | 131 |
| €150,001 - €175,000 | **21** | 26 |
| €175,001 agus ós a cionn | **14** | 14 |

# Nótaí (ar lean)

## 4 Ús infhaighte agus ioncam comhchosúil

| | **2019 €'000** | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| Ioncaim úis ó shócmhainní airgeadais | **11,766** | 11,390 |
| Gnóthachan luacha cóir ar shócmhainní airgeadais eile (nóta 9) | **-** | 5,566 |
| Ioncam díbhinne ó shócmhainní airgeadais eile | **1,313** | 1,244 |
| Ús eile | **22** | 167 |
| Gnóchain mhalairte eachtracha | **196** | 506 |
| | **13,297** | 18,873 |

## 5 Ús iníoctha agus táillí comhchosúla

| | **2019 €'000** | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| Costais úis ar dhliteanais sochair shainithe | **13,192** | 12,936 |
| Táillí saoráid iasachta bainc | **-** | 211 |
| Ús bainc | **571** | 464 |
| | **13,763** | 13,611 |

## 6 Faisnéis reachtúil agus faisnéis eile

Tá brábús an bhliain airgeadais curtha in iúl tar éis gearradh a leanas:

| | **2019 €'000** | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| Dímheas | **12,186** | 15,312 |
| Táillí Met Éireann | **8,306** | 8,976 |
| Cíosanna iníoctha faoi léasanna oibriúcháin — foirgnimh | **3,921** | 3,896 |
| Cíosanna iníoctha faoi léasanna oibriúcháin — eile | **106** | 116 |
| | | |
| **Luach saothair an iniúchóra – grúpa** | | |
| – iniúchadh | **85** | 50 |
| – dearbhú eile | **45** | 33 |
| – seirbhísí cánach | | |
| – comhlíonadh | **27** | 21 |
| – seirbhísí comhairleacha | **15** | 8 |
| – táillí eile nach mbaineann le hiniúchadh | **-** | 4 |
| **Cothromas Luach saothair an iniúchóra - grúpa** | **172** | 116 |

Ceapadh Deloitte Ireland LLP mar iniúchóir seachtrach tar éis proiséas solártha agus d'éirigh an iniúchóir a bhí ann roimhe, KPMG, Cuntasóirí Cairte, as le linn na bliana.

## 6 Faisnéis reachtúil agus faisnéis eile (ar lean)

| | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| **Luach saothair an iniúchóra - cuideachta (curtha san áireamh thuas)** | | |
| – iniúchadh | **85** | 50 |
| – dearbhú eile | **45** | 33 |
| – seirbhísí cánach | | |
| – comhlíonadh | **8** | 7 |
| – seirbhísí comhairleacha | **15** | 4 |
| **Cothromas Luach saothair an iniúchóra - cuideachta** | **153** | 94 |

Ceapadh Deloitte Ireland LLP mar iniúchóir seachtrach tar éis proiséas solártha agus d'éirigh an iniúchóir a bhí ann roimhe, KPMG, Cuntasóirí Cairte, as le linn na bliana.

| | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| **Luach saothair na stiúrthóirí** | | |
| *Táillí iníoctha do stiúrthóirí* | | |
| An tUasal Michael McGrail (Cathaoirleach) | **22** | 7 |
| An tUasal Peter Kearney (Príomhfheidhmeannach) | **-** | - |
| An tUasal Cian Blackwell | **12** | 1 |
| Marie Bradley, Uasal | **12** | 12 |
| An tUasal Ernie Donnelly† | **-** | - |
| An tUasal Pascal Fitzgerald *(ar scor ón 31 Iúil 2018)* | **-** | 7 |
| An tUasal Basil Geoghegan *(a d'éirigh as ar an 14 Meitheamh 2018)* | **-** | 6 |
| An tUasal Gerry Lumsden | **12** | 1 |
| Joan McGrath, Uasal | **12** | 1 |
| Anne Nolan, Uasal *(ar scor ón 12 Meitheamh 2018)* | **-** | 10 |
| An tUasal Michael Norton *(ar scor ón 5 Deireadh Fómhair 2019)* | **10** | 13 |
| An tUasal Geoffrey O'Byrne-White *(a fuair bás ar an 11 Meitheamh 2018)* | **-** | 6 |
| Eimer O'Rourke, Uasal | **12** | 1 |
| | **92** | 65 |

*† Ní bhfuair an tUasal Donnelly táille stiúrthóra. Íocadh é mar fhostóir de chuid an IAA.*

Go comhiomlán, íocadh costais €21,020 ar an iomlán le linn 2019 *(2018: €14,659)* do stiúrthóirí nó thar ceann, stiúrthóirí i leith seirbhísí ina gcáil mar stiúrthóir. Bhain na costais seo le taisteal agus cothabháil go príomha.

| | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| **Luachanna saothair agus ranníocaíochtaí pinsin a bhaineann le conradh fostaíochta an Phríomhfheidhmeannaigh** | | |
| Tuarastal bunúsach bliantúil | **225** | 221 |
| Sochair inchánaithe eile | **14** | 18 |
| Ranníocaíochta pinsin | **81** | 60 |
| | **320** | 299 |

Ceapadh Peter Kearney ina Phríomhfheidhmeannach ar an 6 Meitheamh 2018. Roimh an dáta sin, i ndiaidh don iar-Phríomhfheidhmeannach éirí as, bhí cúraimí an Phríomhfheidhmeannaigh air i gcáil gníomhach. De bhun a chonartha mar Phríomhfheidhmeannach, is ionann tuarastal Peter Kearney agus €225,000 sa bhliain. Is ball de scéim aoisliúntais le sochar sainithe é, "Scéim Aoisliúntais Foireann an IAA 1996" mar aon le baill foirne eile. Tá a luach saothair iomlán don bhliain mar Phríomhfheidhmeannach agus mar Phríomhfheidhmeannach gníomh leagtha amach thuas. Ceapadh Peter Kearney don bhord ar an 25 Meitheamh 2018. Ní bhfuair sé táille stiúrthóra.

# Nótaí (ar lean)

## 7 Cáin ar bhrabús ar ghnáthghníomhaíochtaí

| | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| **Anailís ar an muirear cánach sa tréimhse** | | |
| *Cáin reatha* | | |
| Cáin chorparáideach | **4,717** | 4,373 |
| Coigeartuithe i leith tréimhsí roimhe | **(2)** | (15) |
| | **4,715** | 4,358 |
| *Cáin iarchurtha* | | |
| Bunús agus aisiompú difríochtaí uainithe | **347** | 2,216 |
| Coigeartuithe i leith tréimhsí roimhe | **(6)** | (82) |
| | **341** | 2,134 |
| **Cáin ar bhrabús ar ghnáthghníomhaíochtaí** | **5,056** | 6,492 |

| | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| **Iomlán an réitigh chánach i gcás brabúis agus caillteanais** | | |
| Brabús ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh cháin | **32,860** | 37,813 |
| Cáin reatha ionchais ag 12.5% *(2018: 12.5%)* | **4,107** | 4,727 |
| *Tionchar na nithe seo a leanas:* | | |
| Difríochtaí buana | **774** | 969 |
| Costais nach féidir a bhaint chun críocha cánach | **154** | 130 |
| Ioncam nach féidir cáin a ghearradh air ag an ráta caighdeánach | **56** | 67 |
| Cáin chorparáide i leith blianta roimhe | **(2)** | (15) |
| Cáin iarchurtha i leith blianta roimhe | **(6)** | (82) |
| Tionchar na cánach eachtraigh | **(27)** | 696 |
| **Cáin ar bhrabús ar ghnáthghníomhaíochtaí** | **5,056** | 6,492 |

## 8 Sócmhainní seasta inláimhsithe

| | Foirgnimh €'000 | Suiteálacha críochnaithe agus oibreacha eile €'000 | Suiteálacha atá fós ar siúl €'000 | Trealamh Oifige €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Grúpa agus Cuideachta** | | | | | |
| ***Costas*** | | | | | |
| Ag tús na bliana | 30,464 | 156,237 | 57,216 | 12,804 | 256,721 |
| Breisíochtaí sa bhliain | - | 80 | 21,273 | 570 | 21,923 |
| Nithe a cuireadh in úsáid sa bhliain | - | 6,651 | (6,958) | 307 | - |
| Diúscairtí sa bhliain | - | (10,545) | - | (277) | (10,822) |
| **Ag deireadh na bliana** | **30,464** | **152,423** | **71,531** | **13,404** | **267,822** |
| ***Dímheas carntha*** | | | | | |
| Ag tús na bliana | 22,317 | 125,185 | - | 10,384 | 157,886 |
| Muirear sa bhliain | 1,523 | 9,302 | - | 1,361 | 12,186 |
| Diúscairtí sa bhliain | - | (10,545) | - | (277) | (10,822) |
| **Ag deireadh na bliana** | **23,840** | **123,942** | **-** | **11,468** | **159,250** |
| **Amhail an 31 Nollaig 2019** | **6,624** | **28,481** | **71,531** | **1,936** | **108,572** |
| Amhail an 31 Nollaig 2018 | 8,147 | 31,052 | 57,216 | 2,420 | 98,835 |

## 9 Sócmhainní seasta airgeadais

| | Ús i gcomhlach €'000 | Sócmhainní airgeadais eile €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|
| **Grúpa** | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2018 | 1,690 | 22,033 | 23,723 |
| Sciar brabúis an chomhlaigh | 1,001 | - | 1,001 |
| Gnóthachain ag luach cóir | - | 5,566 | 5,566 |
| Gluaiseachtaí malairte eachtrannaigh | - | 1,220 | 1,220 |
| Amhail an 31 Nollaig 2018 | 2,691 | 28,819 | 31,510 |
| Díbhinní infhaighte | (558) | - | (558) |
| Sciar brabúis an chomhlaigh | 1,441 | - | 1,441 |
| Gluaiseachtaí malairte eachtrannaigh | - | 554 | 554 |
| **Amhail an 31 Nollaig 2019** | **3,574** | **29,373** | **32,947** |

# Nótaí (ar lean)

## 9 Sócmhainní seasta airgeadais (ar lean)

| | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| **Cuideachta** | | |
| Ús i gcomhlach, ag costas | **1,384** | 1,384 |
| Gnáthscaireanna i ngnóthas fochuideachta, ag costas | **13,834** | 13,834 |
| | **15,218** | 15,218 |

Tá leas 33$^{1}/_{3}$% ag an IAA in Entry Point North AB, Box 30, SE-230 32, Malmö-Sturup, an tSualainn, soláthraí réitigh oiliúna bainistíochta aerthráchta.

Tá scairshealbhú tosaíochta 4.389% ag an nGrúpa in Aireon, cuideachta a bhfuil córas faireachais aerthráchta domhanda á chuir ar fáil acu. Tá an infheistíocht in Aireon i seilbh ag gnóthas fochuideachta atá 100% faoi úinéireacht an IAA, is é sin IAA North Atlantic Inc, 108 West 13th Street, Wilmington, New Castle County, 19801, Stáit Aontaithe Mheiriceá. I mí na Bealtaine 2018, d'infheistigh NATS, soláthraí seirbhíse aerthráchta sa Ríocht Aontaithe US$68.75 milliún in Aireon. Laghdaíodh scairshealbhú an Ghrúpa ó 4.83% go 4.389%. I ndiaidh na hinfheistíochta seo, tá an Grúpa tar éis an praghas a d'íoc NATS a úsáid chun luach cóir a infheistíocht in Aireon a chinneadh. Tharla gnóthachan luacha cóir €5.6 milliún dá bharr sin. Tá athbhriethniú déanta ag an bhainistíocht ar an luacháil seo de bharr eolais atá ar fáil le déanaí agus shocraigh siad go bhfuil an luach cóir do infheistíocht an Ghrúpa, bunaithe ar an praghas a d'íoc NATS, go foill baillí. Meastar go ndéanfar leasa tosaíochta an Ghrúpa a aistriú go comhleas 5.333% in 2021 (6.0% roimh infheistíocht NATS).

Ní liostaítear aon scair ar bith de chuid an ghnóthais fochuideachta thuasluaite. I dtuairim na stiúrthóirí, baineann luach atá ar a laghad comhionann leis na méideanna atá luaite ar an gclár comhardaithe leis na scaireanna i bhfochuideachta na cuideachta, agus na hiasachtaí chuici.

## 10 Féichiúnaithe

| | Grúpa | | Cuideachta | |
|---|---|---|---|---|
| | 2019 €'000 | 2018 €'000 | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
| Féichiúnaithe trádála, glan | **32,400** | 34,763 | **32,400** | 34,763 |
| Réamhíocaíochtaí agus ioncam fabhraithe | **3,690** | 2,664 | **3,690** | 2,664 |
| Féichiúnaithe eile | **6,419** | 5,010 | **387** | 375 |
| Cáin chorparáideach | **783** | 386 | **783** | 386 |
| Cáin breisluacha | **304** | 564 | **304** | 564 |
| Dliteanas cánach iarchurtha (nóta 14) | **14,765** | 10,329 | **14,765** | 10,329 |
| Dlite ón ngnóthas fochuideachta | **-** | - | **10,308** | 10,878 |
| | **58,361** | 53,716 | **62,637** | 59,959 |

Titfidh féichiúnaithe €20,652,000 *(2018: €14,964,000)* sa Ghrúpa agus féichiúnaithe €14,620,000 *(2018: €10,329,000)* sa Chuideachta chun a bheith dlite i ndiaidh níos mó ná bliain amháin.

Tá na suimeanna atá dlite ag gnóthas fochuideachta saor ó ús, gan urrús agus iníoctha ar éileamh.

Áirítear i bhféichiúnaithe trádála suimeanna atá dlite thar téarma is fiú €16,137,000 *(2018: €18,464,000)* as a ndéantar soláthar do €3,016,000 *(2018: €5,346,000)* laistigh de sholáthairtí in aghaidh drochfhiach.

## 11 **Creidiúnaithe:** méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin

| | Grúpa | | Cuideachta | |
|---|---|---|---|---|
| | **2019 €'000** | 2018 €'000 | **2019 €'000** | 2018 €'000 |
| Creidiúnaithe trádála | **2,697** | 3,775 | **2,697** | 3,775 |
| Creidiúnaithe eile lena n-áirítear cáin agus leasa sóisialach (nóta 12) | **2,422** | 463 | **2,422** | 463 |
| Fabhruithe | **14,822** | 16,375 | **14,802** | 16,353 |
| Ioncam Iarchurtha | **42,225** | 22,155 | **42,225** | 22,155 |
| | **62,166** | 42,768 | **62,146** | 42,746 |

## 12 Cáin agus leas sóisialach curtha san áireamh i gcreidiúnaithe

| | Grúpa | | Cuideachta | |
|---|---|---|---|---|
| | **2019 €'000** | 2018 €'000 | **2019 €'000** | 2018 €'000 |
| ÍMAT | **2,274** | - | **2,274** | - |
| Cáin chonarthaí Iomchuí | **27** | 9 | **27** | 9 |
| Cáin shiarchoinneálach seirbhísí gairmiúla | **121** | 120 | **121** | 120 |
| Dliteanas cánach iarchurtha (nóta 14) | **-** | 334 | **-** | 334 |
| | **2,422** | 463 | **2,422** | 463 |

## 13 **Creidiúnaithe:** méideanna atá dlite tar éis breis agus bliain amháin

| | Grúpa | | Cuideachta | |
|---|---|---|---|---|
| | **2019 €'000** | 2018 €'000 | **2019 €'000** | 2018 €'000 |
| Ioncam Iarchurtha | **37,870** | 44,136 | **37,870** | 44,136 |
| Dliteanas cánach iarchurtha (nóta 14) | **3,698** | 3,534 | **828** | 1,018 |
| | **41,568** | 47,670 | **38,698** | 45,154 |

## 14 Sócmhainní cánach iarchurtha

| | | Grúpa | | Cuideachta | |
|---|---|---|---|---|---|
| | *Tag* | **2019 €'000** | 2018 €'000 | **2019 €'000** | 2018 €'000 |
| (Dliteanas)/socmhainne cánach iarchurtha – seachas é a bhaineann le sochair fostaithe | *(i)* | **(2,725)** | (2,850) | **145** | (334) |
| Sócmhainn cánach iarchurtha – a bhaineann le sochair fostaithe (neamhreatha) | *(ii)* | **13,792** | 9,311 | **13,792** | 9,311 |
| Sócmhainn cánach iarchurtha – foirgnimh (neamhreatha) | | **828** | 1,018 | **828** | 1,018 |
| Dliteanas cánach iarchurtha – foirgnimh (neamhreatha) | | **(828)** | (1,018) | **(828)** | (1,018) |
| **Dliteanas cánach iarchurtha, glan** | | **11,067** | 6,461 | **13,937** | 8,977 |

# Nótaí (ar lean)

## 14 Sócmhainní cánach iarchurtha (ar lean)

### (i) Cáin iarchurtha – seachas í a bhaineann le sochair fostaithe

| | Grúpa | | Cuideachta | |
|---|---|---|---|---|
| | **2019 €'000** | 2018 €'000 | **2019 €'000** | 2018 €'000 |
| Ag tús na bliana | **(2,850)** | (1,316) | **(334)** | (484) |
| Gearrtha ar an gcuntas brabúis agus caillteanais (nóta 7) | **171** | (1,444) | **479** | 150 |
| Tionchar na cánach eachtraigh | **(46)** | (90) | **-** | - |
| **Ag deireadh na bliana** | **(2,725)** | (2,850) | **145** | (334) |

Is ionann an dliteanas cánach iarchurtha ag deireadh na bliana agus an dliteanas iomlán féideartha a d'eascair ó dhifríochtaí uainithe idir liúntais chaipitil agus dímheas.

Áirithe sa cháin iarchurtha – seachas cáin iarchurtha a bhaineann le sochair fostaithe – tá €2,870,000 *(2018: €2,516,000)* sa Ghrúpa agus €Nil *(2018: €Nil)* sa chuideachta dlite i ndiaidh níos mó ná bliain amháin a bhaineann le hioncam inchánach ar dáta amach anseo.

### (ii) Cáin iarchurtha – a bhaineann le sochair fostaithe

| | Grúpa | | Cuideachta | |
|---|---|---|---|---|
| | **2019 €'000** | 2018 €'000 | **2019 €'000** | 2018 €'000 |
| Ag tús na bliana | **9,311** | 10,654 | **9,311** | 10,654 |
| Athruithe i dtoimhdí achtúireacha atá aitheanta in Ioncam Cuimsitheach Eile | **4,993** | (653) | **4,993** | (653) |
| Gearrtha ar an gcuntas brabúis agus caillteanais (nóta 7) | **(512)** | (690) | **(512)** | (690) |
| **Ag deireadh na bliana** | **13,792** | 9,311 | **13,792** | 9,311 |

## 15 Scairchaipiteal glaoite – cothromas

| | **2019 €'000** | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| ***Grúpa agus Cuideachta*** | | |
| **Údaraithe, leithdháilte, glaoite agus íoctha go hiomlán** | | |
| 17,858,000 gnáthscair ag €1.27 an ceann | **22,675** | 22,675 |

## 16 Díbhinní cothromais a íocadh

| | **2019 €'000** | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| ***Grúpa agus Cuideachta*** | | |
| **Dearbhaithe agus íoctha le linn na bliana** | | |
| Díbhinn deiridh a íocadh: €1.09 an scair *(2018: €1.09 an scair)* | **19,524** | 19,458 |

Iomlán na ndíbhinní a íocadh in 2019 €19,524,000 *(2018: €19,458,000)* lena n-áirítear €7,524,000 nó €0.42 an scair i leith 2018 *(2018: €7,458,000 nó €0.42 an scair i leith 2017)* agus díbhinn speisialta €12,000,000 nó €0.67 an scair *(2018: €12,000,000 nó €0.67 an scair)*.

## 17 Páirtithe gaolmhara

### Grúpa agus Cuideachta

Cosúil le mórán comhlachtaí eile rialtais, déileálann an IAA le comhlachtaí eile rialtais agus le ranna eile rialtais sa ghnáthchúrsa gnó, amhail Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath cpt, Údarás Aerfort na Sionainne teo., Bord Soláthair an Leictreachais ("BSL"), an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus Met Éireann. Ina theannta sin, sa ghnáthchúrsa gnó, bíonn bearta ar bun ag an IAA le bainc Éireannacha ar leith atá faoi úinéireacht iomlán nó faoi pháirt-úinéireacht Stát na hÉireann. Is de réir gnáth-théarmaí tráchtála a dhéantar gach ceann de bhearta an IAA le bainc den sórt sin. Is í an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe an páirtí rialaithe deiridh.

Sa bhliain 2014, chuaigh an IAA isteach i socrú tráchtála chun seirbhísí oiliúna bainistíochta aerthráchta a chur ar fáil do Entry Point North Ireland Ltd, ar cuideachta í atá faoi úinéireacht iomlán Entry Point North (EPN) AB, comhlach de chuid an IAA (nóta 9). Chomh maith leis sin, cuireann Entry Point North Ireland Ltd seirbhísí oiliúna bainistíochta aerthráchta ar fáil don IAA ar neamhthuilleamaí. Le linn na bliana, thuill an IAA ioncam €3.5 milliún *(2018: €3.4 milliún)* agus thabhaigh sé costais €7.9 milliún *(2018: €7.4 milliún)* in idirbhearta le Entry Point North Ireland DAC. Amhail an 31 Nollaig 2019, tá glan-iarmhéid infhaighte €1.2 milliún ann atá dlite ó Entry Point North Ireland DAC *(2018: €3.0 milliún)*.

B'ionann an cúiteamh iomlán a íocadh le príomhphearsanra lucht bainistíochta agus €2.5 milliún *(2018: €2.1 milliún)* a chuimsíonn tuarastail agus sochair eile ghearrthéarma fostaithe €1.9 milliún *(2018: €1.8 milliún)* agus sochair iarfhostaíochta €0.4 milliún *(2018: €0.3 milliún)* agus sochair foirceannadh de €0.2 milliún *(2018: €Nialas)*. Is ionann cúiteamh do phríomhphearsanra lucht bainistíochta agus cúiteamh do na daoine sin a bhfuil údarás acu agus freagracht orthu maidir le gníomhaíochtaí an Ghrúpa a phleanáil, a stiúradh agus a rialú. Áirítear leo comhaltaí boird agus feidhmeannaigh shinsearacha.

## 18 Ceangaltais

| | **2019 €'000** | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| **Grúpa agus Cuideachta** | | |
| ***(i) Ceangaltais Chaipitil*** | | |
| Caiteachas caipitil amach anseo atá ceadaithe ag na stiúrthóirí | | |
| Caiteachas caipitil nach ndearnadh conradh ina leith | **59,590** | 60,736 |
| Caiteachas caipitil a ndearnadh conradh ina leith | **20,869** | 20,630 |
| | **80,459** | 81,366 |

***(ii) Ceangaltais léasa oibriúcháin***

Is mar seo a leanas atá iomlán na n-íocaíochtaí íosta léasa amach anseo faoi léasanna oibriúcháin nach féidir a chealú:

| | **2019 Foirgnimh €'000** | **2019 Mótar-fheithiclí €'000** | 2018 Foirgnimh €'000 | 2018 Mótar-fheithiclí €'000 |
|---|---|---|---|---|
| ***Grúpa agus Cuideachta*** | | | | |
| Iníoctha | | | | |
| Laistigh de bhliain amháin | **3,605** | **94** | 3,604 | 103 |
| Idir bliain amháin agus 5 bliana | **12,499** | **191** | 12,546 | 258 |
| Níos mó ná 5 bliana | **23,029** | **-** | 26,352 | - |
| | **39,133** | **285** | 42,502 | 361 |

## Nótaí (ar lean)

### 19 Dliteanais teagmhasacha

**Grúpa agus Cuideachta**

Tá éileamh amháin gan íoc ag an IAA a bhaineann le pá comhionann, a tionscnaíodh sa bhliain 1998 ó cheardchumann atá ag feidhmiú ar son ball foirne cléireachais. Tá an t-éileamh sin á bhreathnú ag an gCúirt Oibreachais agus tá an IAA ina choinne go tréan. Ní féidir cinneadh réasúnta deimhneach a dhéanamh maidir le toradh an phróisis sin agus, dá réir sin, ní féidir toradh an éilimh a thuar. Ní dhéantar soláthar sna ráitis airgeadais seo i leith an éilimh sin.

### 20 Sochair fostaithe

| | **2019 €'000** | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| ***Grúpa agus Cuideachta*** | | |
| Dliteanas pinsin sochair shainithe (féach A thíos) | **110,340** | 74,490 |
| Dliteanas pinsin forlíontach ex-gratia (féach B thíos) | **2,757** | 2,442 |
| **Iomlán oibleagáidí sochair scoir** | **113,097** | 76,932 |

Tagann teidlíochtaí pinsin na bhfostaithe aníos faoi roinnt scéimeanna sochair shainithe, a ndílsítear na sócmhainní díobh in iontaobhaithe neamhspleácha.

Déanann an IAA luachálacha achtúireacha ar na scéimeanna pinsean sochair shainithe gach trí bliana ar a laghad. Is é dáta na luachálacha achtúirí deiridh ná an 1 Eanáir 2018 agus cuimsíonn sé sin gach sochar fabhraithe. Ba iad achtúirí cáilithe neamhspleácha a rinne na luachálacha sin.

Bhí na luachálacha a úsáideadh chun críocha 102 bunaithe ar na luachálacha cistiúcháin is déanaí do na scéimeanna, agus iad coigeartaithe ag na hachtúirí neamhspleácha chun fabhrú dliteanas a cheadú suas go dtí an 31 Nollaig 2019 agus chun coinníollacha airgeadais ag an dáta sin a chur san áireamh. Cuireadh na luachálacha a úsáideadh do chuspóirí FRS 102 i gcrích trí mhodh an aonaid réamh-mheasta a úsáid, agus rinneadh luacháil ar shócmhainní don chuspóir sin de réir luach an mhargaidh.

Níl na tuarascálacha achtúireacha ar fáil le haghaidh imscrúdaithe phoiblí, ach tá siad ar fáil do bhaill na scéimeanna.

Níl aon scéimeanna neamhchistithe ag an IAA seachas dliteanas forlíontach ex-gratia. Níl aon ranníocaíochtaí gan íoc ná réamhíoctha ann ag deireadh na bliana.

#### A. Scéimeanna Sochair Shainithe Údarás Eitlíochta na hÉireann

| | **2019 Aonad réamh-mheasta** | 2018 Aonad réamh-mheasta |
|---|---|---|
| **(i) Toimhdí achtúireacha** | | |
| *Meántoimhdí ualaithe chun oibleagáidí sochair a chinneadh* | | |
| Ráta lascaine | **1.40%** | 2.20% |
| Ráta an mhéadaithe cúitimh ghinearálta (foirne/foirne sinsearaí)† | **1.25%** | 1.50% |
| Ráta an bhoilscithe praghsanna | **1.25%** | 1.50% |
| Ráta an mhéadaithe pinsin † | **0.00%** | 0.00% |

*† Is ionann é seo agus an toimhde fhadtéarmach is infheidhme i leith méaduithe foirne/foirne sinsearaí. Mar thoradh ar staid easnaimh reatha na Scéimeanna, chinn an bord nach ndeonófaí aon mhéaduithe breise ar phinsin atá iníoctha faoi na Scéimeanna le héifeacht ón 1 Eanáir 2015 agus chuir sé an méid sin in iúl don fhoireann ar fad agus do gach iontaobhaí pinsin.*

## 20 Sochair fostaithe (ar lean)

### (i) Toimhdí achtúireacha (ar lean)

Tá na toimhdí a bhaineann le fad na mbundliteanas pinsin tráth dháta an chláir chomhardaithe bunaithe ar na táblaí caighdeánacha mortlaíochta achtúirí agus áirítear iontu liúntas le haghaidh feabhsuithe amach anseo ar fhad. Is ionann na toimhdí agus a bheith ag súil go mairfeadh duine atá 65 bliana d'aois roinnt blianta, mar seo a leanas:

| | **2019** | 2018 |
|---|---|---|
| *Ionchas saoil do bhall fireann ó 65 bliana d'aois ar thábla mortalaíochta iarscoir a úsáidtear chun oibleagáidí sochair a chinneadh do na daoine seo a leanas:* | | |
| Baill reatha ghníomhacha agus iarchurtha | **24.2** | 24.1 |
| Baill phinsinéara reatha | **22.5** | 22.4 |
| *Ionchas saoil do bhall baineann ó 65 bliana d'aois ar thábla mortalaíochta iarscoir a úsáidtear chun oibleagáidí sochair a chinneadh do na daoine seo a leanas:* | | |
| Baill reatha ghníomhacha agus iarchurtha | **26.2** | 26.1 |
| Baill phinsinéara reatha | **24.3** | 24.3 |

Roghnaítear na toimhdí arna n-úsáid ag an achtúire ó raon toimhdí achtúireacha féideartha. De bharr an scála ama a bhí i gceist, is féidir nár cruthaíodh iad i gcleachtas.

| | **2019<br>€'000** | 2018<br>€'000 |
|---|---|---|
| **(ii) Méideanna atá aitheanta ar an gclár comhardaithe** | | |
| Luach reatha na n-oibleagáidí atá cistithe go hiomlán nó i bpáirt | **(698,543)** | (609,396) |
| Luach cóir shócmhainní an phlean | **588,203** | 534,906 |
| **Glandliteanas** | **(110,340)** | (74,490) |

| | **2019<br>€'000** | 2018<br>€'000 |
|---|---|---|
| **(iii) Gluaiseachtaí i luach cóir shócmhainní an phlean** | | |
| Luach cóir shócmhainní an phlean i dtús na bliana | **534,906** | 540,570 |
| Atomhas: toradh ar shócmhainní an phlean lúide ioncam úis | **42,929** | (19,792) |
| Ioncam úis | **11,766** | 11,390 |
| Ranníocaíochtaí fostóirí | **17,317** | 20,064 |
| Ranníocaíochtaí na mball | **2,225** | 3,345 |
| Sochair a íocadh ón bplean | **(20,940)** | (20,671) |
| **Luach cóir shócmhainní an phlean ag deireadh na bliana** | **588,203** | 534,906 |

| | **2019<br>€'000** | 2018<br>€'000 |
|---|---|---|
| **(iv) Gluaiseachtaí i luach reatha na n-oibleagáidí sochair shainithe** | | |
| Oibleagáid sochair i dtús na bliana | **(609,396)** | (625,804) |
| Costais seirbhíse reatha | **(11,794)** | (12,996) |
| Costas úis | **(13,192)** | (12,936) |
| Ranníocaíochtaí na mball | **(2,225)** | (3,345) |
| Atomhas: (caillteanais)/gnóthachain achtúireacha | **(82,876)** | 25,014 |
| Sochair a íocadh ón bplean | **20,940** | 20,671 |
| **Oibleagáid sochair ag deireadh na bliana** | **(698,543)** | (609,396) |

## Nótaí (ar lean)

### 20 Sochair fostaithe (ar lean)

| | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| **(v) Comhpháirteanna de chostais phinsin** | | |
| *Costas atá aitheanta sa chuntas brabúis agus caillteanais* | | |
| Costas seirbhíse reatha (nóta 3) | **(11,794)** | (12,996) |
| Costas breise airgid thirim (nóta 3) | **(5,522)** | (7,068) |
| Costais úis ar shócmhainní sochair shainithe (nóta 4) | **11,766** | 11,390 |
| Costais úis ar dhliteanais sochair shainithe (nóta 5) | **(13,192)** | (12,936) |
| **Costas pinsin iomlán atá aitheanta sa chuntas brabúis agus caillteanais** | **(18,742)** | (21,610) |
| **Suimeanna atá aitheanta in ioncam cuimsitheach eile** | | |
| (Caillteanais)/gnóthachain achtúireacha atá aitheanta láithreach | **(39,947)** | 5,222 |
| Costas breise airgid thirim | **5,522** | 7,068 |
| | **(34,425)** | 12,290 |
| **Iomlán don bhliain** | **(53,167)** | (9,320) |
| **Suim charnach na gcaillteanas achtúireach atá aitheanta in ioncam cuimsitheach eile** | **(288,594)** | (248,647) |

| | 2019 Suim shócmhainní an phlean €'000 | 2018 Suim shócmhainní an phlean €'000 |
|---|---|---|
| **(vi) Sócmhainní an phlean** | | |
| *Na leithdháiltí sócmhainní amhail an 31 Nollaig:* | | |
| Urrúis chothromais | **159,566** | 134,185 |
| Urrúis bhannaí | **299,560** | 272,927 |
| Eile | **129,077** | 127,794 |
| | **588,203** | 534,906 |

Gearrfar ioncam úis ar shócmhainní an phlean ag ráta 1.4% *(2018: 2.2%).*

| | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| *Toradh iarbhír ar shócmhainní* | | |
| Toradh iarbhír ar shócmhainní an phlean | **54,695** | (8,402) |

## 20 Sochair fostaithe (ar lean)

| | **€'000** |
|---|---|
| **(vii) Toradh iarbhír ar shócmhainní** | |
| Ranníocaíochtaí atáthar ag súil le bheith déanta ag an IAA le linn 2020 | **18,000** |

### B. Dliteanas pinsin forlíontach ex-gratia

| | **2019 €'000** | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| Ag tús na bliana | **2,442** | 2,131 |
| Suimeanna atá curtha ar fáil le haghaidh dliteanas pinsin forlíontach ex-gratia | **323** | 321 |
| Íocaíochtaí a rinneadh le linn na bliana | **(8)** | (10) |
| **Méideanna atá dlite tar éis breis agus bliain amháin** | **2,757** | 2,442 |

Lasmuigh de scéimeanna pinsean an IAA, tá foráil ann d'íocaíochtaí pinsin forlíontacha ex-gratia, suas go dtí 65 bliana d'aois, chun an bhearna a laghdú d'fhostaithe áirithe atá i dteideal dul ar scor idir 60 bliain d'aois agus 65 bliana d'aois agus nach bhfuil i dteideal an pinsean stáit a fháil go dtí go mbainfidh siad aois scoir an stáit amach.

### C. Plean Pinsean Ranníocaíochta Sainithe Údarás Eitlíochta na hÉireann 2012

Feidhmíonn an IAA scéim pinsean ranníocaíochta sainithe dar teideal 'Plean Pinsean Ranníocaíochta Sainithe Údarás Eitlíochta na hÉireann 2012', rud a bunaíodh an 1 Eanáir 2012. Tá sí i bhfeidhm do bhaill foirne ar thosaigh a dtréimhse fostaíochta ón dáta sin ar aghaidh. Is ionann an táille phinsin don tréimhse agus ranníocaíochtaí a bhí iníoctha ag an IAA leis an scéim agus b'ionann an táille sin agus €179.399 *(2018: €126,487)*.

## 21 Meastacháin agus breithiúnais chuntasaíochta

### Príomhfhoinsí na neamhchinnteachta meastacháin

Éilítear ar an lucht bainistíochta agus na ráitis airgeadais chomhdhlúite a n-ullmhú meastacháin a dhéanamh agus breithiúnais a thabhairt a théann i bhfeidhm ar shuimeanna tuairiscithe na sócmhainní agus na ndliteanas ag dáta na ráiteas airgeadais agus ar shuimeanna tuairiscithe an ioncaim agus na gcostas le linn na tréimhse tuairiscithe.

Tá meastacháin agus breithiúnais bunaithe ar an taithí stairiúil agus ar thosca eile atá réasúnta faoi imthosca reatha. D'fhéadfadh torthaí iarbhír bheith difriúil leis na meastacháin sin dá gcruthófaí na toimhdí sin a bheith mícheart nó dá dtiocfadh cúinsí aníos nach bhfuiltear ag súil leo chun críocha na meastachán sin. Is éard atá sna nithe seo a leanas ná na réimsí ríthábhachtacha nach mór don lucht bainistíochta meastacháin a dhéanamh orthu agus breithiúnais a thabhairt orthu.

### Toimhdí pinsin

Meastachán suntasach i ráitis airgeadais an IAA is ea luacháil na scéimeanna pinsean sochair shainithe, go háirithe sa mhargadh neamhchinnte reatha. Tá tuilleadh sonraí le fáil i Nóta 20. Rinne na stiúrthóirí athbhreithniú ar na toimhdí a rinne achtúirí gairmiúla neamhspleácha agus luach cóir na scéimeanna pinsean sochair shainithe á mheasúnú agus mheas siad gur toimhdí réasúnta iad na toimhdí sin.

## 22 Teagmhais iarchláir chomhardaithe


Ar an 20 Márta 2020, mhol an bord díbhinn €7.8 milliún [€0.44 in aghaidh an scair] a íoc *(2018: €19.5 milliún (€1.09 in aghaidh an scair))*. Áirítear leis seo díbhinn speisialta €Nialas milliún *(2018: €12.0 milliún (€0.67 in aghaidh an scair))*.

## 23 Ceadú na ráiteas airgeadais


Rinne na stiúrthóirí na ráitis airgeadais a fhaomhadh ar an 20 Márta 2020.

# Achoimre Cúig Bliana 2015-2019


## Láimhdeachas €'000





## Aerárthaigh Chláraithe





## Brabús Oibriúcháin €'000





## Brabús i ndiaidh Cánach €'000





## Aonaid Seirbhíse Faoi Bhealaigh ('000)





## Ráta Aonaid Seirbhíse Faoi Bhealaigh (€)




## Gníomhaíocht Aerthráchta




## Aonaid Seirbhíse Críochfoirt




## Ceadúnais Bhailí




## Ráta Aonaid Críochfoirt (€)



## Nótaí

**Údarás Eitlíochta na hÉireann**
Foirgneamh Times,11-12 Sráid D'Olier, Baile Átha Cliath 2
**Teil:** +353 1 671 8655 **Facs:** +353 1 679 2934
www.iaa.ie